# Foirgníocht

# 2020

## Straitéis maidir le hAthnuachan ar Earnáil na Foirgníochta

**Bealtaine 2014**

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA,BAILE ÁTHA CLIATH2.

Fón:+35316476834 nó 1890213434
Facs:+35316476843
Nó trí aon díoltóir leabhar.

Praghas €7.00
ISBN978-1-4064-2820-9

Foirgníocht 2020
Straitéis maidir le hAthnuachan ar Earnáil na Foirgníochta

ISBN 978-1-4064-2820-9
9 781406 428209

## Clár an Ábhair

Brollach ..... 4

1. Réamhrá ..... 6

2. Cur Chuige Straitéiseach maidir le Cúrsaí Tithíochta ..... 9

3. Cúrsaí Pleanála ..... 22

4. Earnáil na Tráchtála ..... 31

5. Éifeachtacht Fuinnimh agus Cúrsaí Inmharthanachta ..... 34

6. Cúraí Bonneagair agus Infheistíocht Phoiblí ..... 38

7. Maoiniú le haghaidh Fáis ..... 44

8. Caighdeáin, Rialúchán agus Forfheidhmiú ..... 54

9. Ag Feabhsú Oideachais agus Scileanna – Ag Cuidiú le Fostaíocht a Chruthú agus le Dífhostaíocht a Ísliú ..... 59

10. Iomaíochas, Nuálaíocht agus Idirnáisiúniú ..... 63

11. Cur i nGníomh agus Maoirseacht ..... 67

Achoimre maidir leis na Bearta de réir na Ráithe ..... 68

# Brollach

Toghadh an Rialtas seo chun athchóiriú, athnuachan agus téarnamh a thabhairt i gcrích. D'fhéadfaí a áiteamh go dtagann sin i gceist maidir le hearnáil na tógála agus na foirgníochta níos mó ná earnálacha eile.

Is iomaí toisc a bhí leis an tubaiste eacnamaíochta a bhuail an tír seo. Bhí cuid mhór de na tosca sin, murarb iad an chuid is mó de na tosca –bainistíocht pholaitíochta fhaillíoch, doscaíocht maidir le hiasachtaí a thabhairt agus a fháil, saint fiontraíochta, meon gearrthéarmach, drochphleanáil agus caighdeáin ísle - arbh de shaintréithe an chur chuige maidir le forbraíocht agus tógáil foirgníochta iad le linn ré an rathúnais.

Tá ar fágadh le hoidhreacht – jabanna caillte, morgáistí doláimhsithe, iarmhairt fiachais, cothromas diúltach, tithe ar thuilemhánna, árasáin bheagmhaitheasa faoi bhun an chaighdeáin, scáileastáit ina chuid den saol dáiríre ag daoine i gcónaí.

Tá toradh ag teacht ar ár ndíograis chun an scéal a chur ina cheart, agus leanfar den díograis sin.

Ach tá sé in am anois do thús nua, tús nua trína gcuirtear an chiall a ceannaíodh ón méid a tharla chun tairbhe d'fhonn tionscal foirgníochta athmhúscailte athbheo a chruthú atá in oiriúint don ré atá i ndán.

Is é sin is cuspóir don Straitéis seo.

Tá gá in Éirinn le hearnáil foirgníochta atá tréan inbhuanaithe.

Bíonn gá le hárais chónaithe ar dhea-chaighdeán. Le forbraíocht thráchtála ardchaighdeáin mar bhonn faoin téarnamh agus faoin bhforás eacnamaíochta. Le gnéithe bonneagair atá in oiriúint don am atá le theacht, más córais teileachumarsáide, uisce nó fuinnimh.

Teastaíonn daoine i mbun fostaíochta a bhfuil gnóthachtáil aisti agus scileanna de scoth an domhain acu. Comhlachtaí le hacmhainn iomaíochta a fhéadann teacht ar na cistí atá de dhíth orthu. Teacht ar mhorgáistí ar théarmaí réasúnta, agus misneach ag tomhaltóirí as caighdeáin arda agus maoirseacht mar ba chóir.

Tá gá le córas pleanála trína gcuirtear bonn treise faoin aisling seo –trína gcinntítear go bhfuil an fhoirgníocht cheart á tógáil, san áit cheart, agus nach bhfuiltear ag cur constaiceanna neamhriachtanacha roimh fhorbraíocht chóiriúil a bhfuil gá práinneach léi.

Baineann an Straitéis seo le postanna freisin.

Tá curtha romhainn againn mar sprioc ardaidhme lánfhostaíocht a thabhairt i gcrích i ngeilleagar na hÉireann arís faoin mbliain 2020 agus, trí sin a dhéanamh, postanna nua a chur in ionad na bpostanna a cailleadh le linn na géarchéime. Tar éis dúinn teacht slán ón réimeas tarrthála, tá curtha in iúl againn gur ar dhaoine a chur ar ais i mbun oibre a bheidh an phríomhbhéim againn i mbliana.

Is cuid bhunriachtanach den dícheall ina leith sin an Straitéis seo.

Tá rún daingean againn cuidiú leo sin ar fad ar an gClár Dífhostaíochta postanna a fháil a mbaineann suntas agus gnóthachtáil leo. Tá dul chun cinn tábhachtach á dhéanamh againn, ach tá mílte móra daoine a dhéanadh obair tógála tráth gan obair faoi láthair.

Leanfar de gach dícheall a dhéanamh chun cuidiú leo filleadh ar an lucht saothair. Tugtar san áireamh leis sin leathnú ar an úsáid as clásáil shóisialta i gconarthaí poiblí agus cuidiú leo forfheabhsú agus athnuachan a dhéanamh ar a gcuid scileanna.

Cuidíonn earnáil foirgníochta, lena mbaineann an toirt chuí, le postanna a chur ar fáil ar fud na tíre, ní amháin dóibh siúd atá gníomhach san earnáil sin go díreach, ach maidir le hearnálacha eile, déantúsaíocht, miondíolachán agus lucht gairme, a mbíonn cúrsaí foirgníochta agus tógála mar bhonn taca fúthu.

D'fhéadfadh an earnáil a bheith ina bonn treise faoi acmhainn iomaíochta na tíre san am atá romhainn, ionas go mbítear i riocht an infheistíocht a mhealladh ón taobh amuigh a raibh oiread tábhachta léi maidir le forbairt eacnamaíochta cheana.

Sa Straitéis seo, tá clár gníomhaíochta saindírithe leagtha amach againn ionas go dtugtar i gcrích cur chuige tréan, inmharthana, dea-mhaoinithe lena mbaineann iomaíocht agus nuáil i ndáil le foirgníocht agus tithíocht, obair thógála ar na caighdeáin is airde, ar leibhéal ciallmhar agus tús áite ag an gcosaint don tomhaltóir.

Beidh díograis mhór de dhíth maidir lena chur i bhfeidhm –taobh istigh agus taobh amuigh den Rialtas-chomh maith le cur chuige an Rialtais uile.

Tá rún daingean againn a chinntiú go gcuirtear an straitéis chun cinn leis an díocas, an díograis agus an dúthracht is ceart.

EndaKennyT.D.

**An Taoiseach**

EamonGilmoreT.D.

**An Tánaiste**

# 1. Réamhrá

## An Aisling

Tá gá in Éirinn le hearnáil foirgníochta lena mbaineann acmhainn iomaíochta, nuáil, fuinniúlacht, sábháilteacht agus inmharthanacht; le hearnáil foirgníochta a mbíonn cion tairbhe mar is cuí agus is ceart as maidir le cúrsaí eacnamaíochta agus cruthú postanna, agus earnáil foirgníocht atá bunaithe ar an sárchleachtas agus d'araíocht inti go gcuirfear ar fáil léi an bonneagar eacnamaíochta agus sóisialta is gá chun bonn a chur faoi rath seasmhach ar an tír san am atá romhainn.

Leagtar amach sa Straitéis seo bearta a thabharfadh níos gaire don sprioc sin a bhaint amach muid san am i láthair agus go fadtéarmach.

Tá seo bunaithe ar an gcreat mionsonraithe, d'fhonn brostú le téarnamh na hearnála, a d'fhoilsigh Forfás anuraidh[11],agus ar an dul chun cinn ina leith ó shin, ráiteas beartais an Rialtais faoi chúrsaí foirgníochta i mí Iúil 2013 san áireamh.

Tá d'aidhm leis an Straitéis go gcuirfí le hacmhainn na hearnála fostaíocht a chruthú agus a choinneáil ar bun, agus earnáil den inmharthanacha a thabhairt chun cinn a bheadh ag feidhmiú ar leibhéal cuí. Féachtar le ciall a cheannach ónar thit amach san am a caitheadh agus le cinntiú go mbíonn na córais agus na modhanna cuí ar bun ionas nach dtarlódh an rud céanna in athuair.

Tá gach rún ag an Rialtas oibriú le lucht an tionscail agus le páirtithe leasmhara eile chun a bhfuil sa straitéis seo a thabhairt i gcrích. Táthar ag tnúth lena gcion féin ó lucht an tionscail, le beart de réir an bhriathair agus le hearnáil foirgníochta lán iomaíochta ar scoth an domhain a bheith againn dá bharr.

Tar éis iomarca foráis a dhéanamh le linn ré an rachmais, tá an earnáil i bhfad chun deiridh faoin tráth seo maidir le cion tairbhe do chúrsaí eacnamaíochta na tíre agus ó thaobh na fostaíochta de. Is ábhar buartha atá ansin.

Faoin mbliain 2012, bhí an leibhéal táirgíochta maidir le hobair tógála agus foirgníochta íslithe go dtí an ceathrú cuid de bhuaicleibhéal na bliana 2006, agus táthar go fóill faoi bhun leath eibhéal na bliana 2000.

**Innéacs maidir leis an Leibhéal Táirgíochta i ndáil le Tógáil agus Foirgníocht (Bonn 2010= 100)**




*Foinse: An Lár-Oifig Staidrimh*

[1] Earnáil Foirgníochta na hÉireann: Léargas agus Plean Straitéiseach go dtí an bhliain 2015 (Forfás,2013

Tá tábhacht dúinn uilig le hearnáil foirgníochta dea-fheidhme inmharthana.

Is féidir, ón am i láthair amach, le hearnáil foirgníochta den chineál seo in a bheith ina shiocair le téarnamh i gcúrsaí eacnamaíochta intíre agus le fostaíocht a chruthú agus a chothú ar fud na tíre go díreach agus go hindíreach. Shoirbheodh sé don iliomad duine dífhostaithe a bhfuil taithí an tionscail sin acu, a chur ar ais i mbun oibre agus le líon na n-oibrithe foirgníochta ar an mBeo-Chlár a ísliú.

Is den bhuntábhacht é freisin maidir le leas sóisialta agus eacnamaíochta na tíre san am atá romhainn –más linn na tithe agus an bonneagar a theastóidh sna blianta atá le theacht a bheith againn, ní mór tosú ar an bpleanáil lena n-aghaidh agus ar a dtógáil anois.

Mura ndéantar sin, beidh bac ar an acmhainn foráis an am atá romhainn.

Tá béim faoi leith leis an Straitéis seo dá bhrí sin ar bhearta is féidir a dhéanamh ón am i láthair amach d'fhonn cinntiú gur féidir forbraíocht a bhfuil riachtanas agus ciall léi a dhéanamh agus nach mbíonn bac air mar gheall ar chonstaicí nach bhfuil gá leo.

Tabharfaidh an Straitéis níos gaire sinn don earnáil fhuinniúil, lán iomaíochta, ar scoth an domhain is mian linn a bheith againn in Éirinn.

Is próiseas casta atá san fhorbraíocht agus sa tógáil a mbíonn tosca go leor, gníomhairí éagsúla agus cuid mhór tionchar éagsúil ag imirt air. Ní mór an chothroime a bheith ag baint leis an iomlán más linn an próiseas a bheith ag oibriú go héifeachtach.

Dírítear sa Straitéis dá bhrí sin ar réimse ceisteanna, iad seo a leanas ina measc:

- cur chuige straitéiseach maidir le tithíocht a chur ar fáil, bunaithe ar riachtanais dáiríre agus ar mheastacháin tomhaiste, agus deismireachtaí i bhfeidhm chun a thabhairt faoi deara nuair atá cúrsaí ag dul in aimhréidh agus beart ceartúcháin a dhéanamh;
- leanúint d'fheabhsú a thabhairt ar an bpróiseas pleanála, ag teacht ar an gcothrom ceart idir riachtanais na linne seo agus riachtanais na linne atá romhainn;
- an teacht ar chistí airgid do thionscadail den inmharthanacht agus den fhiúntas;
- an teacht ar airgead morgáiste ar théarmaí inseasta réasúnta;
- cinntiú go bhfuil na deismireachtaí ar fáil is gá chun monatóireacht agus rialáil a dhéanamh ar an earnáil ar bhealach a chuireann bonn faoi mhuinín an phobail ann agus faoi shábháilteacht an lucht oibre;
- cinntiú go bhfuil an earnáil oiriúnach don chuspóir agus lucht oibre sároilte a bhaineann caighdeáin arda amach mar bhonn treise faoi sin; agus
- cinntiú go gcuirtear deiseanna ar fáil d'iar-oibrithe tógála atá dífhostaithe ionas go bhféadann siad a gcion a dhéanamh maidir le teacht aniar na hearnála.

## Daoine a chur ar ais i mbun Oibre

Tá ráite ag an Rialtas gurb í an bhliain 2014 bliain na jabann agus tá béim go seasta leanúnach againn ar dhaoine a chur ar ais i mbun oibre. Tá an obair ríthábhachtach sin mar dhlúth agus inneach sa Straitéis seo.

Ar cheann de na tubaistí is mó a ghabh leis an lagtrá eacnamaíochta, tá an méid oibrithe foirgníochta a bhfuil eolas agus scileanna fiúntacha acu ach a gcuid jabanna caillte nó iad imithe as an tír ar thóir oibre in áiteanna eile.

Nuair a bhí an borradh is mó faoin ngeilleagar i 2007, bhí níos mó ná 270,000 duine fostaithe go

díreach san earnáil. Faoin mbliain 2012, bhí an figiúr sin faoi bhun 100,000.

Tá cuid mhór nár éirigh leo, go dtí seo, a mbealach a dhéanamh ar ais i measc lucht saothair na hÉireann.

Agus sinn ag féachaint le hatógáil agus athnuachan a dhéanamh, is fiú a thabhairt chun cuimhne, cad é go díreach a chiallaíonn sin sa saol dáiríre – mura mbeadh ann ach go gcinnteofaí nach ligeamaid do ghéarchéim den chineál céanna a theacht chun cinn in athuair.

Idir na blianta 2006 agus 2010, thit líon na ndaoine a bhí fostaithe ag leagan brící beagnach 82%, líon na ngnáthoibrithe níos mó ná 78%. Tháinig ísliú 71% maidir le fostaíocht pláistéirí, ísliú 61% maidir le hailtirí. Níl aon earnáil eile a buaileadh chomh dona céanna nuair a bhuail an tubaiste an tír.

Tá béim mhórthábhachta leis an straitéis seo dá bhrí sin ar iar-oibrithe foirgníochta a bhaint den bheochlár agus a chur ar ais ag obair.

Tá de dhualgas orainn ar tharla a choinneáil i gcuimhne agus ciall a cheannach. Tá de dhualgas orainn chomh maith aghaidh a thabhairt ar a bhfuil amach romhainn agus na deiseanna a thapú.

Tá cúiseanna maithe lena cheapadh go bhfuil an cás tagtha ar an gcothrom agus go bhfuil deis foráis anois i rith na mblianta seo chugainn.

Leanfaidh an Rialtas de chion iomlán a dhéanamh, tríd an gclár caiteachais caipitil, na tionscnaimh a fógraíodh le Buiséad 2014 agus eile. Táthar ag tnúth lena gcion féin á dhéanamh ag lucht tionsclaíochta agus geallsealbhóirí eile freisin.

Agus an Straitéis seo á tabhairt chun cinn againn, is maith is eol dúinn gur gá cinntiú go mbíonn an forás inbhuanaithe agus go seachnaítear róbhorradh den chineál a chonacthas cheana. Níorbh oiriúnach, ar an ábhar sin, sprioc a leagan síos maidir le méid na hearnála.

Is den tábhacht ina ainneoin sin go mbeifí ábalta a fheabhas atáthar a chruthú a thomhas agus a chur i gcomórtas le gnáthleibhéil feidhmíochta go hidirnáisiúnta. De réir na hanailíse a rinne Forfás, níor tháinig níos mó ná 6.4%den Olltáirgeacht Náisiúnta (5% den Olltáirgeacht Intíre) ó earnáil na foirgníochta sa bhliain 2012.

I gcomórtas le tíortha eile -agus ar phátrúin fhadtéarmach i leith na hÉireann a thabhairt san áireamh - ba cheart go mbeadh geilleagar de mhéid gheilleagar na hÉireann, leis an easnamh bonneagair atá i gceist go fóill agus cúrsaí déimeagrafaíochta a bheith oiriúnach, ábalta tionscal foirgníochta ar leibhéal 12% den Olltáirgeacht Náisiúnta(10% den Olltáirgeacht Intíre) a chothú.

Ní tharlóidh an téarnamh seo gan imeacht aimsire, ach táthar ag tnúth le dul chun cinn suntasach le linn ré na Straitéise seo.

Táthar ag tnúth freisin le jabanna breise a theacht ón athnuachan gnó, jabanna dóibh siúd atá ar an mBeo-Chlár san áireamh.

Leagadh amach sa Straitéis Eacnamaíochta Mheántéarmach go dtiocfadh, mar chur i gcás bonnlíne, ardú go dtí líon níos mó ná 2.1 milliún ar an bhfostaíocht sa gheilleagar ina iomláine faoin mbliain 2020. Ina leithéid de chás - agus ar ar thit amach cheana agus lón comparáid idirnáisiúnta a thabhairt san áireamh - ní den mhíréasún a bheith ag tnúth le méadú 60,000 ar an bhfostaíocht in earnáil na foirgníochta.

Leanfar den mhonatóireacht ghéar ar an gcás d'fhonn cinntiú gur forbairt réasúnach a thagann ar an earnáil agus go mbíonn na sonraí is fearr a bheadh ar fáil mar bhonn daingean faoi. Cinnteofar go mbíonn na deismireachtaí ar bun chun dul i ngleic le haon éagothroime a thiocfadh chun cinn.

Trí bheart a dhéanamh anois, is féidir linn bonn a chur faoi earnáil fuinniúil, sábháilte, lán iomaíochta de scoth an domhain a oibríonn ar na caighdeáin is airde agus de réir an tsárchleachtais.

# 2. Cur Chuige Straitéiseach maidir le Cúrsaí Tithíochta

Le blianta beaga anuas, is beag an ceangal atá idir tógáil agus soláthar tithe in Éirinn agus éileamh ar an leibhéal tomhasta inmharthana.

Sa bhliain 2006, nuair a bhí an baothmhargadh i mbarr réime, críochnaíodh 93,419 aonad tithíochta ar fud na tíre ar fad, 19,470 acu sin i mBaile Átha Cliath. Sa bhliain 2013, críochnaíodh líon iomlán 8,301 áras cónaithe a raibh 1,360 acu i mBaile Átha Cliath.

Is léiriú na figiúirí sin ar an éagsúlacht mhór a tháinig idir an dá ré.

Dá thoradh sin uilig, tá rósholáthar thithíochta i gcónaí in áiteanna éagsúla sa tír – tithe san áireamh a bheidh gan cónaí ná díol go deo an tráth céanna a bhfuil ardú ar phraghasanna agus ar leibhéal an chíosa i limistéir uirbeacha mórthábhachta, go mór mór in áiteanna i mBaile Átha Cliath, fianaise ar ghannsoláthar suntasach atá ag éirí níos géire.

Ní den inmharthanacht mar chur chuige ceachtar den dá chás sin.

Anuas air sin, ó tháinig deireadh leis an mborradh, tá tosca áirithe a d'fhág easpa gnó agus gluaisteachta maidir le margadh na dtithe. Áirítear orthu sin lagmhisneach ar thomhaltóirí agus éiginnteacht; leibhéal ard dífhostaíochta; deacracht maidir le hairgead a fháil ar iasacht; stoc mór áras gan díol agus líon mhór atá folamh; ísliú mór ar phraghsanna agus cothromas diúltach; riaráistí morgáistí; agus an rún intuigthe atá ag daoine cloí le morgáistí rianúcháin.

Ba cheart go gcuideodh feabhas ar chúrsaí eacnamaíochta le roinnt de na fadhbanna sin a scaoileadh agus leanfaidh an Rialtas den obair chun earnáil na baincéireachta a chur ina cheart in athuair agus chun cabhair agus cúnamh a thabhairt dóibh siúd atá i gcás anásta maidir le morgáiste.

Leanfar freisin den obair chun dul i ngleic le ceisteanna eile a tháinig de thoradh ar an mborradh, ceisteanna maidir le scáileastáit, pirít agus bearta forbraíochta de leithéid Priory Hall ina measc.

Is léir freisin, mar atá leagtha amach sa Straitéis Eacnamaíochta Meántéarmach againn, gur gá cur chuige straitéiseach maidir leis an soláthar tithíochta a leagan amach – cur chuige atá bunaithe ar fhianaise, a chuireann deiseanna ar fáil do na húdaráis áitiúla agus d'údaráis náisiúnta lenar féidir éagothroime a thabhairt faoi deara sula dtagann sé i dtreis agus na bearta riachtanacha a dhéanamh leis an gcás a chur ina cheart go luath.

## Cur Chuige Tomhaiste Measartha

Is í an chéad chéim is gá, maidir le cur chuige straitéiseach a leagan amach go meántéarmach, cúrsaí déimeagrafaíochta mar is dócha a bheidh sa tír a scrúdú. Tá cuid mhór oibre déanta ina leith sin cheana féin.

De réir na Lár-Oifige Staidrimh, tháinig ardú 13% ar líon na dteaghlach idir na blianta 2006 agus 2011, agus táthar ag tuar go dtarlóidh ardú 5% idir na blianta 2011 agus 2016, rud a d'fhágfadh 85,000 teaghlach le cur i gcás go meántéarmach.

Tugtar le tuiscint i dtuarascáil ón nGníomhaireacht Tithíochta le gairid faoin riachtanas maidir le soláthar tithíochta i rith na tréimhse 2014 go 2018 go mbeidh gá le líon iomlán beagán faoi bhun 80,000 aonad cónaí ar fud 272 baile uirbeach sa tíre, meánlíon 15,932 aonad i n-aghaidh na bliana go ceann cúig bhliana (idir 9,526 sa bhliain 2014 agus 20,853 sa bhliain 2018). Meastar gur ar fud Réigiún Bhaile Átha Cliath a bheidh 47% den soláthar iomlán i rith na tréimhse sin de dhíth. Tugtar chun aire sa tuarascáil freisin gur duine nó beirt a bheidh in 57% de na teaghlaigh uile i réigiún Bhaile

Átha Cliath i rith na tréimhse seo agus gur triúr a bheidh in 18% eile acu. Tá tábhacht leis sin maidir le cineál an tsoláthair tithíochta a bhfuil gá leis.

Meastar, mar gheall ar anailís a rinne an ESRI le gairid, go dtiocfaidh, sna blianta atá romhainn, de thoradh ar ardú sa daonra go mbeidh ar a laghad 20,000 teaghlach nua á chruthú gach bliain agus áitreabh cónaithe faoi leith á éileamh maidir le gach teaghlach. Tarlóidh chomh maith leis sin go gcuirfear roinnt de na hárais chónaithe atá faoi láthair ann as an áireamh mar gheall ar athfhorbairt nó titim i léig. Cuirtear i gceist mar gheall ar thorthaí na hanailíse go mbeidh gá leanúnach le 25,000 áras cónaithe nua ar a laghad gach bliain go ceann cúig bhliana déag.

I gcomórtas leis sin, ba 4,042 áras cónaithe ar cuireadh tús leis an obair thógála orthu i rith na bliana 2012 (19% i mBaile Átha Cliath) agus 4,708 i rith na bliana2013 (31 % i mBaile Átha Cliath).

Is léir nach dtagann sin i ngar don leibhéal oibre ba cheart.

Dá mbeadh dóthain acmhainní ar fáil, d'fhéadfaí níos mó ná dúbailt ar líon na n-aonad a chríochnaítear, go dtí idir 20,000 agus25,000i rith na tréimhse ón mbliain 2017 amach;líon ab ionann agus 15,000 aonad sa bhreis in aghaidh na bliana.

Beidh gá le hinfheistíocht ar leibhéal den chineál sin i rith na ndeich mbliana seo romhainn má táthar chun freastal don athrú déimeagrafaíochta atá ar bun in Éirinn faoi láthair.

**Tosú agus Críochnú na hOibre maidir le Tithe Nua ar fud na hÉireann 2006-2013**




*Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil*

Bheadh le tuiscint ó athruithe déimeagrafaíochta, lena n-áirítear daonra atá ag dul in aois agus laghdú ar mheánlíon na ndaoine sa teaghlach, go bhféadfadh árais níos lú a bheith de dhíth san am atá romhainn. Táthar á thuar gur teaghlaigh lena mbaineann duine nó beirt a bheidh i gceist le tuairim is 55% den riachtanas le soláthar tithíochta sna blianta atá romhainn.

D'fhonn marc iontaofa a leagan síos, tá an ESRI, le cúnamh taca ó NAMA agus an IBF, i mbun taighde níos géire faoi láthair trína ndéanfar iniúchadh ar ghnéithe déimeagrafaíochta a bhíonn ina siocair le héileamh i rith na mblianta seo romhainn – líon na daoine sa daonra, an meascán daoine sa daonra agus na háiteanna ina mbeidh daoine ina gcónaí –agus ar thosca maicreacnamaíochta a mbíonn

tionchar acu ar thaobh an tsoláthair. Tabharfar san áireamh leis an obair thaighde seo freisin na bacanna micreacnamaíochta a chuirtear roimh mhéadú ar an soláthar chun freastal d'éileamh ionchais, agus an bhaint a bheidh ag cúrsaí creidmheasa leis an margadh tithíochta san am atá romhainn.

Beidh tábhacht le toradh an tsaothair taighde seo mar lón eolais maidir leis an obair atá romhainn amach.

Beidh tábhacht go leanúnach le cur chuige tomhaiste measartha a choinneáil ar siúl. Leanfar ag tabhairt an riachtanas measta ó thaobh éilimh agus soláthair de faoi mhonatóireacht agus faoi mheastóireacht ionas go gcinntítear gur den chuibheas iad i gcónaí. Nuair a thagann éagothroime chun cinn, déanfar beart luath chun dul i ngleic leo.

## Creat Náisiúnta maidir leis an Soláthar Tithíochta a chruthú

Bhí easpa sonraí láithreacha maidir le gach cuid den tír, agus easpa modh anailíse agus coigeartaithe dá réir, ar cheann de na tosca siocracha den suntas maidir leis an iomrall tubaisteach soláthair agus éilimh a bhain go mór le tógáil tithe i rith bhlianta an bhorradh rachmais.

Ní féidir ligean dá leithéid tarlú arís.

Cinnteofar dá bhrí sin go mbíonn na sonraí dea-thiomsaithe, iontaofa, tráthúla den chruinneas againn a theastaíonn chun bonn daingean a chur faoi chur chuige níos straitéisí san am atá romhainn.

Coinneofar, ar aon láthair amháin, bunachar sonraí cuimsitheach cothrom le dáta maidir leis an soláthar tithíochta – lena n-áirítear figiúirí faoi thithe a chríochnú; fógraí tosach oibre; cead pleanála; leibhéil maidir le hárais fholmha; agus an Suirbhé Náisiúnta ar Fhorbraíocht Tithe –a ndéanfar a dtabhairt faoi anailís i gcomórtas leis an éileamh measta, a mbriseadh síos ar bhonn náisiúnta agus áitiúil, le heolas faoin gcineál tithíochta agus faoi mhéid na n- árasmar ghné thábhachtach.

Cuirfidh an creat náisiúnta seo, a chuirfear ar bun mar bheart práinne faoi fhorálacha reatha in Alt 10 d'Acht Pleanála 2000, ar ár gcumas an cás in áit ar bith ar fud na tíre a mheas go rialta, fadhbanna atá ag teacht chun cinn a thabhairt faoi deara go luath, agus beart a dhéanamh chun an scéal a chur ina cheart.

Cinnteofar go mbíonn na córais is gá chun sin a dhéanamh ar fáil faoi reachtaíocht na pleanála.

Beidh de thoradh air seo go mbeidh creatchóras docht maidir leis an soláthar tithíochta sa tír den chéad uair riamh, rud a chuirfidh cosc ar na gnáis thubaisteacha a bhain leis an am a caitheadh a theacht i réim in athuair.

Déanfaidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an mhaoirseacht, an cur i bhfeidhm agus an bhainistíocht maidir leis an gcur chuige nua seo, in éineacht leis na hÚdaráis Áitiúla agus páirtithe leasmhara eile.

D'fhonn an fhollasacht agus monatóireacht leordhóthanach a chinntiú, foilseofar foilseachán bliantúil maidir leis an gcreatchóras ina leagfar amach briseadh síos ar an soláthar measta i gcomórtas leis an éileamh measta, maille le bearta ar bith is gá chun dul i ngleic le haon iomrall ionchais. Cuirfidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Rialtas ar an eolas faoi ábhar an fhoilseacháin i mí Meithimh gach bliain.

I gcás togra forbraíochta maidir le hárais chónaithe i gceantar ar bith, is den tábhacht go dtugtar riachtanais bonneagair a ghabhfadh leis sin, mar shampla an gá le scoileanna, san áireamh go luath sa phróiseas. Beidh baint ag Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí eile leis an bpróiseas i ndáil le ceisteanna den sórt sin. Mar shampla, tá Córas Eolais Tíreolaíochta in úsáid ag an Roinn Oideachais

agus Scileanna chun anailís a dhéanamh ar shonraí déimeagrafaíochta agus na ceantair ina bhféadfadh gá le cóiríocht breise scoile a thabhairt chun suntais. Bíonn sonraí éagsúla in úsáid maidir leis an anailís sin, sonraí daonáirimh, sonraí ó rollaí scoile, agus sonraí maidir le sochair leanaí a fhaightear ón Roinn Coimirce Sóisialaí mar shampla.

## Cúrsaí Soláthair i mBaile Átha Cliath

In áiteanna go leor taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, tá fianaise ar an ró-sholáthar tithíochta go fóill –le rátaí neamháitíochta i bhfad níos airde ná mar a mheastar a bheadh de ghnáth i margadh dea-fheidhme[22].

Is eol dúinn, ina ainneoin sin, go bhfuil an soláthar tithíochta i mBaile Átha Claith ina ábhar buartha. Ó tharla buaicleibhéil le linn an bhorradh rachmais, tá titim ollmhór tagtha ar thógáil tithíochta in mBaile Átha Cliath agus sa bhliain 2013, níor tugadh ach 1,360 teach chun críche i mBaile Átha Cliath – timpeall is 16% den líon iomlán ar fud na tíre. 1,451 aonad ar tosaíodh an obair thógála ina leith i mBaile Átha Cliath anuraidh

**Tosú agus Críochnú Oibre maidir le Tithíocht i mBaile Átha Cliath 2006-2013**




*Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil*

Chomh maith le ceisteanna faoi thaobh an tsoláthair, tharla dul ar gcúl freisin ó thaobh gluaisteachta i margadh na tithíochta. Ar chúiseanna éagsúla – cothromas diúltach, an rún morgáistí rianúcháin a chaomhnú, éiginnteacht maidir le cor sa phraghas san am atá romhainn, agus srianta ó thaobh airgid san áireamh – tá laghdú suntasach tagtha ar líon na dtithe athláimhe atá á gcur ar an margadh. Is lú líon na dteaghlach atá ag féachaint le hathrú go dtí teach níos fairsinge nó go dtí teach níos lú ná mar a bheadh i gceist de ghnáth agus fágann sin cúngú ar an margadh de bharr easpa gluaisteachta.

[2] Tugadh le fios le Daonáireamh 2011 go raibh ráta neamháitíochta measta ab ionann agus 11.5% ar fud na tíre ar fad (gan tithe saoire a thabhairt san áireamh). Bheifí ag súil le gnáthráta thart ar 4.5-6% i margadh den fheidhmiúlacht.

Is é toradh atá air sin go bhfuil praghsanna á mbrú in airde maidir leis an soláthar teoranta atá ar fáil agus toradh dá réir sin arís i ndáil le cíosanna mar gheall ar an soláthar a bheith á shárú ag an éileamh.

Is léir ó Innéacs Praghsanna Mhaoin Cónaithe na Lár-Oifige Staidrimh gur tharla ardú 14.3% ar fud chineálacha uile na n-áras cónaithe i mBaile Átha Cliath i rith na bliana go dtí Márta 2014. Ba léir ardú 7.6% ar chíosanna san ardchathair anuraidh ón Innéacs Cíosanna.

I bhfianaise ábhar buartha faoi leibhéal an tsoláthair i limistéar Bhaile Átha Cliath, tá na ceithre údarás áitiúil ag obair as lámh a chéile chun scéimeanna forbraíochta tithíochta a bhfuil cead pleanála tugtha ina leith cheana féin, agus a bhféadfaí iad a thabhairt i gcrích go gearrthéarmach, a thabhairt chun suntais. Tá iniúchadh á dhéanamh acu freisin ar aon bhearta ba ghá a dhéanamh chun freastal dó sin.

Táthar ag féachaint, leis an dícheall sin, leis an leas is mó is féidir a bhaint as an infheistíocht a rinneadh i mbonneagar poiblí, bonneagar iompair san áireamh, atá curtha ar fáil le blianta beaga anuas.

Meastar go bhfuil criosú maidir le tithíocht déanta ar 2,000 heicteár i mBaile Átha Cliath agus gur blocanna móra talún atá i gceist le 1,000 heicteár acu sin, idir láithreáin úrnua agus láithreáin athfhorbraíochta, a bhfuil freastal maith orthu ó thaobh córas iompair poiblí agus gnéithe bunriachtanacha bonneagair eile. Meastar go caol go bhféadfaí níos mó ná 30,000 aonad cóiríochta a chur ar fáil ar na tailte seo i réigiún Bhaile Átha Cliath, ar fud na limistéar údaráis áitiúil ar fad.

D'fhéadfaí leas a bhaint as an 1,000 heicteár eile a bhfuil criosú maidir le cónaí déanta orthu tráth is faide anonn ach tá an talamh sin i gceantair níos imeallaí faoi láthair nó i gceantair nach bhfuil oiread de na gnéithe bonneagair ar fáil iontu an tráth seo.

Oibreoidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil go forbheartach leis na hÚdaráis Áitiúla i mBaile Átha Cliath ina leith seo. Déanfar maoirseacht ar **Thascfhórsa Comhordúcháin maidir leis an Soláthar Tithíochta** i mBaile Átha Cliath, a chur ar bun le béim láithreach ar mhonatóireacht a dhéanamh ar phátrúin maidir le soláthar scéimeanna tithíochta ceadaithe atá inmharthana agus réidh le cur ar an margadh. Beidh béim freisin ar bheart a dhéanamh i ndáil leis na pátrúin sin nuair is é a fheictear go bhfuil gannsoláthar i gceist seachas mar a bheadh de dhíth. Oibreoidh an tascfhórsa go dlúth le lucht an tionscail agus le páirtithe eile, ina measc an dream ar a leagtar freagracht maidir le bonneagar buntábhachtach, d'fhonn aon bhacanna a bheadh roimh fhorbraíocht oiriúnach inbhuanaithe a thabhairt chun aire agus beart coigeartaithe a dhéanamh ina leith.

## Tithe ar Cíos san Earnáil Phríobháideach

Cé go bhfuil úinéireacht tí ar an gcéad rogha i gcónaí ag cuid mhór daoine, tháinig beagnach dúbailt ar earnáil na dtithe príobháideacha ar cíos idir na blianta 2006 agus 2011 agus tá tuairim is aon cúigiú de na teaghlaigh sa tír anois ar áras ar cíos go príobháideach atá acu. Is dócha go mbeidh sin ina ghné thábhachtach de chúrsaí tithíochta san am atá le theacht.

Tá ardú ag teacht ar an gcíos sna limistéir mhóra uirbeacha agus géarchás acmhainne i gceist mar gheall air sin ag roinnt tionóntaí. Áitíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta go bhfuil ganntanas géar maidir le cóiríocht ar cíos i gcathair Bhaile Átha Cliath agus an cás ag dul in olcas. Bíonn toradh ó thaobh cúrsaí sóisialta agus cúrsaí eacnamaíochta ag ganntanas áras ar cíos. Tarraingíonn ceisteanna acmhainneachta cruachás airgid ar theaghlaigh agus is féidir le heaspa soláthair ar chíos réasúnta a bheith ina bhac mór maidir le cruthú fostaíochta agus cur isteach ar an acmhainn iomaíochta agus mealltachta atá sa tír maidir le hinfheistíocht ón taobh amuigh. Cé go gcuideoidh méadú ar an soláthar tithíochta le dul i ngleic leis sin go méantéarmach agus go fadtéarmach, leanfar ag tabhairt inacmhainneacht an chíosa faoi mheas go gearrtéarmach.

Tá an té a thógann áras cónaithe ar cíos i dteideal ardchaighdeán chomh mór céanna agus atá an té a

cheannaíonn áras. Táthar tugtha dá réir sin do chinntiú go mbíonn earnáil phríobháideach tithíocht ar cíos ar fáil atá tréan, inmharthana, gairmiúil agus faoi dhea-rialáil.

Tá de dhualgas ar gach tiarna talún cinntiú go sásaíonn na hárais a ligeann siad ar cíos na híoschaighdeáin a ndéantar foráil dóibh faoin dlí. Is ar na húdaráis áitiúla a leagtar an fhreagracht maidir leis na rialacháin a chur i bhfeidhm le cúnamh taca ón sreabhadh cistí faoi leith atá leagtha amach chuige sin ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le hairgead a fhaightear ó ioncam táillí clárúcháin faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe. Déanann gach Comhairle Contae agus Comhairle Cathrach cigireacht agus coinníonn an Roinn na caighdeáin faoi athbhreithniú chomh maith le caidreamh a choinneáil ar bun d'fhonn cinntiú go mbíonn siad á gcur i bhfeidhm.

I mí Feabhra anuraidh, tháinig Airteagail 6, 7 agus 8 de na Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin maidir le Tithe ar Cíos) i bhfeidhm go hiomlán maidir le cóiríocht ar cíos de gach cineál. Dá thoradh sin, tagann deireadh de réir a chéile le cóiríocht de sheanchineál an 'bedsit' agus tá coinníollacha níos nua-aimeartha ag baint le saoráidí sláintíochta, teasa agus cócaireachta. Táthar ag tnúth le béim faoi leith a bheith ag Údaráis Áitiúla ar dhaoine a chur ar an eolas ina leith seo agus ar chur i bhfeidhm na rialachán agus go háirithe ar an gcosaint atá ar fáil faoin dlí a chur in iúl do na tionóntaí.

Tá buntábhacht le cigireacht. D'fhoilsigh Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath an chéad tuarascáil anuraidh faoin gclár cigireachta maidir le hárais ar cíos sa chathair a tógadh roimh 1963. Tar éis scrúdú cigireachta tosaigh a dhéanamh ar 268 áitreabh ar fud sé limitéir, thángthas ar 1,801 'bedsit'. Bhí an dlí á shárú i gcás níos mó ná 90% díobh seo agus rinne an Chomhairle bearta dá réir.

Leanfar de chúnamh taca a thabhairt do na húdaráis áitiúla maidir leis an obair mhórthábhachtach seo.

Is maith is eol dúinn go mbíonn ceisteanna faoin éarlais a chosaint iná ábhar gearáin go minic ag roinnt tionóntaí. Tugadh gealltanas i gClár an Rialtais maidir le scéim chosaint éarlais tionóntachta a chur ar bun ionas go gcuirfí feabhas ar an mbainistíochta i ndáil le héarlaisí agus go bhféadfaí cásanna aighnis a réiteach go tapa.

Déanfar foráil dó sin faoin dlí i mbliana arna chinntiú go gcuirtear córas cóir den fhollasacht ar bun chun tairbhe tionóntaí agus tiarnaí talún araon.

Is léir go leanfaidh an t-athrú ar ghnéithe de mhargadh tithíochta na hÉireann san am atá romhainn agus go mbeidh éagsúlacht ó thaobh cineálacha sealbhais ina chuid de sin. Beidh ról tábhachtach le hearnáil na n-áitreabh príobháideach ar cíos maidir le tithíocht a chur ar fáil dóibh siúd nach bhfuil in acmhainn teach a cheannach agus dóibh siúd nach mian leo ceannach a dhéanamh. Ní mór dúinn a chinntiú gur rogha sábháilte, slán, iontaofa an t-áras cónaithe a thógáil ar cíos acu siúd a roghnaíonn é.

Ní foláir réimse de chineálacha éagsúla áitreabh chun éileamh an mhargaidh a shásamh agus tá deiseanna eacnamaíochta ann, mar shampla, maidir le hárais saintógtha do mhic léinn nó cóiríocht atá oiriúnach do dhaoine scothaosta a chur ar fáil.

Is de thréithe earnáil na n-áras príobháideach ar cíos go mbíonn tiarnaí talún i gceist a fheidhmíonn ar scála beag. Is féidir ról tábhachtach a bheith le hinfheistíocht ar mhórscála a mhealladh in áitribh chónaithe a ndéantar bainistíocht ghairmiúil orthu, trí Iontaobhas Infheistíochta maidir le hEastát Réadach a úsáid mar shampla, maidir leis an earnáil ardchaighdeáin den ghairmiúlacht a thabhairt i gcrích a bheadh tuilte ag na tionóntaí. Táthar ag tnúth leis an tuarascáil ón mBord um Thionóntachtí Cónaithe Príobháideacha (PRTB) faoina bhfuil i ndán d'earnáil na n-áras príobháideach ar cíos níos faide amach sa bhliain. Gné bhuntábhachtach de thaighde an Bhoird is ea iniúchadh a dhéanamh maidir le cúrsaí eacnamaíochta, beartais agus cánachais i ndáil leis an earnáil sin d'fhonn moltaí a chur chun cinn a spreagfadh infheistíocht bhreise ar scála níos fairsinge ionas go gcuirfí leis an soláthar d'árais ardchaighdeáin ar cíos atá sábháilte agus inacmhainne.

Is den tábhacht go dtugtar costais indíreacha a bhaineann le cóiríocht san áireamh chomh maith. Tugadh isteach mar choinníoll ó mhí Eanáir 2013 gur gá Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) le gach áitreabh a thairgítear le ceannach nó ar cíos. Go dtí seo, eisíodh teastas BER maidir le líon is mó ná 421,000 áras. Tugann sin eolas fiúntach d'áitritheoirí faoi bhealaí ina gcuirfí feabhas ar an éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú dá réir ar bhillí fuinnimh. Is mian linn a chinntiú, faoi mar a luaitear sa Straitéis Náisiúnta maidir le Fuinneamh Inacmhainne, go mbíonn ar chuma gach duine íoc ar leibhéal leordhóthanach teasa agus cumhachta ina n-áras cónaithe féin. Dá réir sin, bunófar grúpa oibre chun iniúchadh a dhéanamh ar an gceist an bhféadfaí íoschaighdeáin feidhmíochta maidir le héifeachtúlacht theirmeach a thabhairt isteach i ndáil le háitribh a ligtear ar cíos. Dá dtabharfaí athrú den sórt sin isteach, thabharfaí maolú maidir le bochtaineacht fuinnimh, feabhsú maidir le sláinte dhaoine agus laghdú ar astaíocht i gceist i ndáil le hearnáil na n-áras príobháideach ar cíos.

## Tithíocht Shóisialta

Is ceann de phríomhchuspóirí beartais an Rialtais a chinntiú go bhfuil teacht ag gach saoránach ar thithíocht oiriúnach.

Léirítear an Achoimre maidir le Bearta Meaúnachta faoi Thithíocht Shóisialta a foilsíodh i mí na Nollag gur measadh 89,872 teaghlach a bheith i dteideal cúnamh tithíochta i mí Bealtaine 2013. Teaghlaigh aon duine amháin an cineál ba mhinice (44%) ina measc sin agus teaghlaigh aon duine fásta amháin móide leanbh nó leanaí an chéad chineál eile ba mhinice (30%). Leas Sóisialach an t-aon fhoinse ioncaim ag 72% de na teaghlaigh agus bhí 75% ina gcónaí in áitreabh príobháideach ar cíos, agus dhá thrian ag fáil forlíonadh cíosa.

Leanfaidh an Rialtas de thús áite a thabhairt do thithíocht shóisialta dea-chaighdeáin a bheith ar fáil, lena n-áirítear filleadh i mbliana ar thithíocht údaráis áitiúil den ghnáthchineál a thógáil; cur le ról na n-eagraíochtaí neamhbhrabúis maidir le tithíocht shóisialta a chur ar fáil; agus leanach den obair le NAMA, leis na hÚdaráis Áitiúla agus le heagraíochtaí ceadaithe tithíochtaí chun an líon is mó is féidir d'aonaid atá faoi úinéireacht NAMA nó fhéichiúnaithe NAMA a chur ar fáil don tithíocht shóisialta le linn ré an Rialtais.

Tabharfar chun suntais na modhanna is fearr chun tithíocht shóisialta a chur ar fáil i rith na mblianta atá romhainn trí straitéis chuimsitheach maidir le Tithíocht Shóisialta a chur le chéile ina leagtar amach an aisling maidir leis an earnáil.

Meastar go mbeidh isteach is amach le 5,000 aonad nua den Tithíocht Shóisialta á gcur ar fáil i rith na bliana 2014 trí léasáil agus trí na cláir caipitil atá ar bun cheana féin. Tá san áireamh leis sin socruithe morgáiste le ligean ar cíos a thabhairt chun críche; leanacht d'aistriú aonad atá faoi úinéireacht NAMA nó fhéichiúnaithe NAMA; cláir tógála agus éadála a thabhairt chun críche; agus aistriú faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos.

Tugadh bearta nuála isteach le Buiséad 2014 maidir le cúrsaí tithíochta. Fógraíodh chomh maith infheistíocht bhreise dar luach €30m i dtithíocht údaráis áitiúil. Meastar go gcuirfear líon suntasach tithe nua agus tithe athchóirithe ar fáil leis an infheistíocht €30m seo do dhaoine atá ar liosta feithimh maidir le cúrsaí tithíochta. Cuirfidh thart ar leath na hinfheistíochta sin ar chumas na n-údarás áitiúil forbraíocht inlíonta a dhéanamh sna ceantair is airde éileamh ar thithíocht shóisialta.

I mí Márta, sheol an tAire Tithíochta agus Pleanála tionscnamh dhá bhliain dar luach €68m maidir le tógáil tithe údaráis áitiúil. Déanfar 449 áras cónaithe a thógáil do theaghlaigh atá i ndíth tithíocht. Is í an infheistíocht seo an chéad bheart tógála nua den ghnáthchineál maidir le tithe údaráis áitiúil ó thosaigh an ghéarchéim airgeadais.

Fógraíodh sonraí, i mí Aibreáin, faoi chiste €15m chun tithe údaráis áitiúil atá folamh a chur ar ais in úsáid. Tabharfar 952 aonad tithíochta de chuid na n-údarás áitiúil ar ais in úsáid leis an gciste ionas go mbíonn áras cónaithe ardchaighdeáin ar fáil ag daoine atá ina chall agus fostaíocht ar fáil mar gheall ar bheartaíocht atá trom ó thaobh saothair.

Tabharfar chun críche i rith na bliana seo freisin infheistíocht €100m in imeacht trí bliana trína bhfuil 800 aonad á gcur ar fáil do dhaoine scothaosta, do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine gan dídean.

Táthar faoi láthair ag tabhairt Íocaíocht Chúnamh Tithíochta (HAP) nua i bhfeidhm trína ndéanfar cion tairbhe maidir le hearnáil árais phríobháideacha ar cíos de chaighdeán níos airde a thabhairt chun cinn mar gheall ar chaighdeáin feabhsaithe, cuidiú chomh maith le bacanna roimh fhostaíocht dóibh siúd a fhaigheann í a chur ar neamhní.

Déanfar éascaíocht maidir le cion tairbhe eagraíochtaí neamhbhrabúis maidir le tithíocht shóisialta a chur ar fáil trí reachtaíocht a thabhairt isteach maidir le rialú na hearnála sin. Cuideoidh an rialáil le heagraíochtaí tithíochta ceadaithe cistí príobháideacha airgid a thapú.

Tháinig stad maidir le húsáid pháirtnéireachtaí PPP i ndáil le tograí athnuachan tithíochta i rith na géarchéime. D'fhág léasáil go raibh deis ann cinntiú go ndearnadh soláthar do bheartaíocht oiriúnach i ndáil le cúrsaí tithíochta.

### Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000

Tá athbhreithniú ar siúl faoi láthair ar na gnéithe sin de Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 a bhaineann le tithíocht shóisialta agus tithíocht inacmhainne agus tá comhairliúchán iomlán déanta leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara ina leith cheana féin. Tá scrúdú á dhéanamh leis an athbhreithniú, a thabharfar chun críche go gairid, maidir le réimse roghanna chun a chinntiú go dtugtar a bhfuil d'aidhm le Cuid V i gcrích.

Éilítear faoi Chuid V faoi láthair go dtéann lucht forbraíocht i mbun socruithe leis na húdaráis áitiúla chun cuidiú le tithíocht shóisialta agus tithíocht inacmhainne a chur ar fáil trí mhodhanna éagsúla: aonaid a chur ar fáil, ar an láthair chéanna nó i láthair eile; talamh a chur ar fáil; nó ranníocaíochtaí airgid. Ceapadh an beart seo tráth a raibh an leibhéal is airde tithíochta riamh á tógáil agus bhí á leagan amach leis ó thús go mbeadh aonaid tithíochta sóisialta ar fáil ag na húdaráis áitiúla, agus ní den tábhacht, go mbeadh gné an mheascán sealúis ag teacht i dtreis.

Mar gheall ar an lagtrá eacnamaíochta, tá titim tubaisteach tagtha ar obair fhoirgníochta agus ar thógáil tithe go mór mór. Nuair nach bhfuil an earnáil foirgníochta ag feidhmiú mar ba cheart, níl aon tairbhe ann don tithíocht shóisialta agus sé an toradh atá ar chúrsaí go bhfuiltear ag cailleadh ar an dá thaobh, leibhéal íseal foirgníochta maidir le tithe a thógáil agus gan mórán dá bharr sin maidir le tithíocht shóisialta.

Tá ardú géar, an tráth céanna, ar an éileamh ar thithíocht shóisialta ó thosaigh an ghéarchéim eacnamaíochta. Tá i ndán dá bhrí sin go bhféadfadh modhanna oibre Chuid V cur go mór arís leis an tithíocht shóisialta i bhfianaise feabhas in athuair ar an margadh tithíochta.

Cinnteofar, i ndáil le haon socruithe nua, go leantar de chionroinnt cothrom réasúnta maidir le tithíocht shóisialta a theacht ón bhforbraíocht phríobháideach. Tháinig leas maidir le comhdhlús sóisialta agus pobail mheascán chineálacha sealúis níos inmharthana de bharr fhorálacha Chuid V agus is aonaid a chur ar fáil ar aon láthair a bheidh i gceist de chéad rogha.

Cinnteofar simplíocht, soiléire agus follasacht don lucht forbraíochta, do na húdaráis áitiúla agus do dhaoine den phobal.

Is maith a d'fhéadfadh páirtíocht a theacht chun cinn idir lucht forbraíochta agus earnáil na gcomhlachtaí ceadaithe tithíocht a chuirfeadh le hoibriú Chuid V ionas, air sin a chur le chéile le dul i

gcaidreamh go luath leis an údarás áitiúil, go gcinnteofaí gach gné den fhorbraíocht a thabhairt i gcrích go héifeachtach.

## Daoine gan Dídean

Tá béim á leagan i gcónaí ag an Rialtas ar a dhul i ngleic leis na bunchúiseanna atá le daoine a bheith gan dídean agus coinnítear obair shlánchóirithe éifeachtach ar bun maidir le seirbhísí a chuireann na gníomhaireachtaí a bhaineann le hábhar ar fáil.

I mí Feabhara 2013, d'fhoilsigh an tAire Tithíochta agus Pleanála Ráiteas Beartais an Rialtais maidir le Daoine gan Dídean. Leagadh amach sa Ráiteas sin aidhm an Rialtais deireadh a chur leis an bhfadhb fhadtéarmach maidir le dídean do dhaoine faoi dheireadh na bliana 2016. Tá béim sa ráiteas ar chur chuige atá bunaithe ar thithíocht agus ar thithíocht bhuan a fháil mar bhunréiteach ar gach gné den díth dídine. Tá buntábhacht le tithíocht slán, inacmhainn, leordhóthanach a bheith ar fáil agus a chur ar fáil maidir le tionóntacht inmharthana a chinntiú agus deireadh a chur le díth dídine fadtéarmach.

Chuir an tAire Grúpa Maoirseachta maidir le Daoine gan Dídean ar bun chun críche athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an gcur chuige a mholtar sa Ráiteas Beartais faoi Dhaoine gan Dídean, constaicí a thabhairt chun suntais agus réiteach ar na deacrachtaí a mholadh. Foilsíodh an chéad Tuarascáil ón nGrúpa i mí na Nollag 2013. I mí Feabhra 2014, d'aontaigh an Rialtas Meitheal Forfheidhmiúcháin a chur ar bun i ndáil leis an mBeartas maidir le Daoine gan Dídean chomh maith le haonad forfheidhmiúcháin mar chúnamh taca leis. Leagtar de fhreagracht ar an meitheal an cur i bhfeidhm a dhéanamh maidir leis an gCéad Tuarascáil ón nGrúpa Maoirseachta maidir le Daoine gan Dídean. Áirítear ar an obair sin, plean struchtúrtha den phraiticiúlacht a ullmhú agus a fhoilsiú maidir leis an aistriú ó bheartaíocht dírithe ar dhídean go dtí beartaíocht dírithe ar thithíocht inmharthana agus chun spriocanna na bliana 2016 i ndáil le daoine gan dídean a bhaint amach. Plean críochnúil saindírithe den phraiticiúlacht a bheidh anseo chun soláthar imfhálaithe cóiríochta do theaghlaigh gan dídean a chur ar fáil i rith na dtrí mbliana seo chugainn agus na bearta cúnta is gá a chur sa siúl. Beidh seifteanna á lua ann is féidir a dhéanamh gan mhoill agus a bheidh bunaithe ar fhadhbanna a réiteach. Tabharfar tús áite do chóiríocht a chur ar fáil do dhaoine a chodlaíonn amuigh agus do theaghlaigh gan dídean. Beidh réimsí ceisteanna maidir le tithíocht shóisialta á gcur chun cinn leis an bplean chomh maith, mar shampla an leithdháileadh ar thithíocht shóisialta agus obair athchóiriúcháin. Anuas air sin, beidh an stoc a d'fhéadfaí a úsáid, ar fud iomlán na n-úinéirí agus na sealbhóirí oiriúnacha ar fad, á iniúchadh. Tabharfaidh an Mheitheal Forfheidhmiúcháin tuairisc maidir leis an bplean seo don Choiste Comh-Aireachta um an Beartas Sóisialta uair sa ráithe.

## Ceisteanna a Fágadh le hOidhreacht

Tá bearta suntasacha déanta ag an Rialtas cheana féin chun dul i ngleic le roinnt de na ceisteanna is measa a fágadh le hoidhreacht tar éis an bhorradh eacnamaíochta.

Thángthas ar aontú maidir le Creat Réitigh anuraidh chun déileáil le Priory Hall– ceann de na samplaí is measa de mhínós ré an rachmais – agus cuideoidh sin leis na háitritheoirí.

Ritheadh an tAcht um Réiteach Piríte i mí na Nollag, agus ó dheireadh mhí Feabhra tá an Bord um Réiteach Piríte ag glacadh le hiarratais ar chúnamh ó úinéirí tithe ar cuireadh isteach orthu mar gheall ar dhamáiste ó phirít. Tá córas ar bun faoi seo againn trínar féidir réiteach réasúnta agus inmharthana ar a gcás a thabhairt i gcrích do dhaoine a d'fhulaing leis seo. I mí Deireadh Fómhair 2013, cheadaigh an Rialtas €10 milliún maidir le scéim athfheabhsúcháin agus tá ciste breise le cur ar

fáil níos deireanaí i mbliana.

Leanfar freisin ag dul i ngleic le 'Scáileastáit' atá ina smál ar an iomad áiteanna ar fud na tíre. Leanfar den Phlean Gníomhaíochta maidir le Forbraíocht Tithíochta Neamhchríochnaithe a chur i bhfeidhm tríd an gCiste Réitigh Speisialta €10 milliún a fógraíodh i mBuiséad 2014 agus ar mhodhanna eile.

Tá de rún leis sin go spreagfaí réiteach maidir le tograí forbraíochta neamhchríochnaithe eile a shonraítear a Suirbhé Náisiúnta ar Fhorbraíocht Tithíochta 2013, agus go háirithe na scéimeanna sin nach dócha réiteach a theacht orthu ar an ngnáthbhealach idir an lucht forbraíochta agus na húinéirí mar gheall ar bhac faoi leith ó thaobh cúrsaí airgid.

Beifear ag díriú go sainiúil ar fhuílleach na scéimeanna neamhchríochnaithe sin a bhfuil daoine ina gcónaí iontu cheana féin agus, go mór mór ar scéim forbraíochta ar bith a bhfuil tugtha chun suntais ag an údarás áitiúil, chun críche díolúine ó Cháin Maoine Áitiúil, go bhfuil siad i riocht géarthrioblóideach. Cuideoidh seo le dul i ngleic le heasnamh ó thaobh an bhonneagair phoiblí, mar shampla bóithre, cosáin, soilse poiblí agus spás oscailte, ionas go ligtear don lucht forbraíochta caipiteal breise a infheistiú i mbailchríoch a chur ar ghné na tithíochta den scéim forbraíochta.

Anuas air sin, leanfar den phróiseas maidir le Pleanáil Réitigh i ndáil le Láithreáin idir an lucht forbraíochta, lucht úinéireachta agus lucht maoinithe, a bhrú chun cinn i gcás scéimeanna forbraíochta neamhchríochnaithe ionas go dtagtar ar an úsáid is fearr as na scéimeanna forbraíochta sin. Rinneadh dul chun cinn maidir le réiteach ar 553 cás i rith na bliana 2013 amháin.

| **CREAT NÁISIÚNTA DON SOLÁTHAR TITHÍOCHTA AGUS RÁITEAS BLIANTÚIL FAOIN RIACHTANAS TITHÍOCHTA MEASTA** | | |
|---|---|---|
| **1** | **Cuirfear Creat Náisiúnta don Soláthar Tithíochta ar bun, ionas go gcinntítear cur chuige cothrom trína dtugtar an soláthar tithíochta leis an éileamh measta agus trínar féidir aon éagothroime a bheadh i ndán a shonrú agus a chur ina cheart go luath ina theacht chun cinn. Cuirfear bonn reachtaíochta faoi seo agus beidh Ráiteas Náisiúnta le foilsiú i mí Meithimh gach bliain maidir leis an Soláthar Measta agus leis an Éileamh Measta i gCúrsaí Tithíochta.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014; Go leanúnach |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil; Na hÚdaráis Áitiúla; An Phríomh-Oifig Staidrimh; An Roinn Oideachais & Scileanna;An Ghníomhaireacht Tithíochta; geallsealbhóirí eile |

| TASCFHÓRSA COMHORDÚCHÁIN MAIDIR LE SOLÁTHAR TITHÍOCHTA I mBAILE ÁTHA CLIATH | | |
|---|---|---|
| **2** | **Cuirfear Tascfhórsa Comhordúcháin maidir leis an Soláthar Tithíochta i mBaile Átha Cliath ar bun lena mbeidh béim ón tús ar dhul i ngleic le ceisteanna soláthair. Oibreoidh an Tascfhórsa go dlúth le lucht an tionscail agus le páirtithe eile, ina measc na dreamanna ar a leagtar freagracht maidir le bonneagar príomhthábhachta (mar shampla, scoileanna) d'fhonn aon bhac a chuirtear roimh fhorbraíocht oiriúnach inmharthana a thabhairt chun aire agus dul i ngleic leis.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014; Leanúnach |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil; Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath; An Roinn Oideachais & Scileanna; An Ghníomhaireacht Tithíochta; gníomhaireachtaí eile lena mbaineann |

| SONRAÍ ARDCHAIGHDEÁIN A BHEITH AR FÁIL | | |
|---|---|---|
| **3** | **Déanfar foinsí na sonraí faoi chúrsaí foirgníochta agus maoin talún atá ar fáil faoi láthair a mheas maidir le hoiriúnacht, lena n-áirítear aon bhearna agus aon easnamh ó thaobh caighdeáin a thabhairt faoi deara chomh maith le bealaí inar féidir an cás a chur ina cheart.** | |
| | **Tráthchlár** | R3 2014 |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil; An Ghníomhaireacht Tithíochta; An Phríomh-Oifig Staidrimh |

| SOGHLUAISTEACHT MAIDIR LE CÚRSAÍ TITHÍOCHTA | | |
|---|---|---|
| **4** | **Scrúdófar na bacanna is mó roimh soghluaisteacht i gcúrsaí tithíochta agus cuirfear moltaí os comhair an Rialtais.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil; An Roinn Airgeadais |

| TITHÍOCHT AR CÍOS SAN EARNÁIL PHRÍOBHÁIDEACH | | |
|---|---|---|
| **5** | **Déanfar beartas náisiúnta a leagan amach d'fhonn gairmiúlacht a thabhairt i dtreis maidir le tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach le ceisteanna infheistíochta, caighdeán agus rialúcháin san áireamh.** | |
| | **Tráthchlár** | R4 2014 |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil; An Ghníomhaireacht Tithíochta |

| SCÉIM CHOSANTA TAISCÍ MAIDIR LE TIONÓNTACHT CHÓIR DEN FHOLLASACHT | | |
|---|---|---|
| **6** | **Ag teacht leis an ngealltanas i gClár an Rialtais, rithfear reacht maidir le scéim chosanta taiscí maidir le tionóntacht chóir den fhollasacht.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 |
| | **Comhlacht Freagrach** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil |

| MAOIN TALÚN PHRÍOBHÁIDEACH AR CÍOS AGUS MAOIN TALÚN TRÁCHTÁLA AR CÍOS | | |
|---|---|---|
| **7** | **Grúpa oibre a chur ar bun agus tuairimí an phobail a iarraidh maidir lena indéanta a bheadh íoschaighdeáin feidhmíochta maidir le héifeachtacht theirmeach in áitribh a thairgítear a ligean ar cíos nó ar léas san earnáil chónaithe agus san earnáil thráchtála agus an toradh a thiocfadh dá réir.** | |
| | **Tráthchlár** | R12 015 |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil; An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha; Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |

| TITHÍOCHT SHÓISIALTA | | |
|---|---|---|
| **8** | **Foilseofar Straitéis maidir le Tithíocht Shóisialta ina leagfar amach an aisling don earnáil sin agus tabharfar reachtaíocht isteach d'fhonn rialúchán ar earnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.** | |
| | **Tráthchlár** | R3 2014 agus go leanúnach |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil; Na hÚdaráis Áitiúla; An Ghníomhaireacht Tithíochta |

| CUID V DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 | | |
|---|---|---|
| **9** | **Tabharfar chun críche an t-athbhreithniú maidir lena n-éilítear faoi Chuid V, ionas go gcinntítear go dtugtar a bhfuil d'aidhm leis i gcrích, agus tabharfar chun cinn aon leasú ar an reachtaíocht is gá de bhun an athbhreithnithe.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil; Na hÚdaráis Áitiúla |

| DAOINE GAN DÍDEAN | | |
|---|---|---|
| **10** | **Foilseofar an Plean Forfheidhmiúcháin maidir le Daoine gan Dídean i rith R2 2014,agus cuirfear na moltaí príomhthábhachta as an gCéad Tuarascáil de chuid an Ghrúpa Maoirseachta maidir le Daoine gan Dídean i bhfeidhm i rith R2 2016.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 agus R4 2016 |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil;An Roinn Coimirce Sóisialaí; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; Údaráis Áitiúla |

| CEISTEANNA A FÁGADH LE hOIDHREACHT | | |
|---|---|---|
| **11** | **Leanfar de Chlár Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Forbraíocht Tithíochta Neamhchríochnaithe a chur i bhfeidhm agus go háirithe an Ciste Réitigh Speisialta faoi Bhuiséad na bliana 2014.** | |
| | **Tráthchlár** | R4 2014 |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil; An Roinn Coimirce Sóisialaí; Na hÚdaráis Áitiúla |

# 3. Cúrsaí Pleanála

Cuidíonn pleanáil cheart linn na roghanna straitéise is ceart a dhéanamh maidir le cúrsaí forbraíochta sa tír san am atá romhainn. Cinntítear gurb iad na hárais chearta atá á dtógáil sna háiteanna cearta agus go mbíonn deis ag gach duine cion tairbhe a dhéanamh maidir leis an timpeallacht foirgníochta a bhaineann linn uilig.

Cuidíonn an phleanáil linn freisin an leas is mó is féidir a bheith le baint ag an bpobal an infheistíocht sa bhonneagar poiblí, cibé córais iompair, córais uisce nó scoileanna.

Pleanáil den éifeacht ba bhun leis an athbheochan ar chathracha agus ar bhailte ar fud na hÉireann chomh maith le deiseanna don infheistíocht agus do chruthú postanna a shonrú. Rinneadh sin trí chur chuige atá bunaithe ar an áit féin agus ar chothú na háite.

Tá córas pleanála atá cóiriúil don chuspóir, sochóirithe, críochnúil, forbheartach, faoi threoir an phobail ina bhonn ríthábhachtach faoi earnáil foirgníochta agus forbraíochta dea-fheidhmeach agus faoi chúrsaí eacnamaíochta go ginearálta.

Is dona a chuaigh an t-easpa dea-pleanála agus an t-easnamh maidir le smaointeoireacht straitéiseach do thír agus do shaoránaigh na hÉireann i rith na mblianta a caitheadh. Mar gheall ar roinnt cinntí nárbh iad ab fhearr a dhéanamh, beifear ag plé go ceann na mblianta le deacrachtaí a fágadh le hoidhreacht againn. Is ríthábhachtach dá bharr sin, tar éis ciall a cheannach ón méid a raibh drochthoradh air cheana, gur féidir a bheith cinnte go bhfuil an lón eolais sin á chur i bhfeidhm i ndáil le dlí agus gnás na pleanála agus na forbraíochta san am atá romhainn.

Ní mór cinntiú go mbíonn na húdaráis áitiúla i riocht déileáil ar bhealach níos fearr leis an bpróiseas pleanála, agus go mbíonn cinnteacht níos mó maidir le scála agus suíomh ghnéithe riachtanacha den fhorbraíocht agus maidir le gnéithe bonneagair a chur ar fáil chomh maith.

Is é atá de chuspóir againn cur chuige níos forbheartaí maidir le cúrsaí pleanála, trína ndéanann na húdaráis pleanála caidreamh go forghníomhach le húinéirí talún agus áitreabh, le Comhlachtaí

Ceadaithe Tithíochta, agus le soláthraithe bonneagair, ionas go dtugtar aidhmeanna pleanála agus torthaí aontaithe i gcrích.

Tá gá le cur chuige ar mó den "bhainistíocht ghníomhacht ar chúrsaí talún" atá ann agus le cumarsáid a chothú.

D'fhonn treoir náisiúnta ghinearálta a leagan síos, beidh moltaí maidir le creat pleanála náisiúnta á dtabhairt os comhair an Rialtais ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil go gairid. Beidh sin ina ráiteas tábhachtach faoin mbealach a bhfeictear dúinne an fhorbairt eacnamaíochta, shóisialta agus fhisiciúil ar an tír seo ag tarlú.

Foilseofar go gairid scéim ghinearálta maidir le Bille Pleanála, chomh maith le Ráiteas Beartais faoi chúrsaí Pleanála, chun na moltaí maidir le cúrsaí pleanála ó Bhinse Fiosrúcháin Mahon, agus nithe eile maidir le cúrsaí pleanála, a chur i bhfeidhm, agus chun rialálaí pleanála neamhspleách a chur ar bun. Déanfar foráil leis an Oifig um Rialáil Pleanála d'athbhreithniú neamhspleách ar phleananna na nÚdarás Áitiúil agus do chur le tuiscint an phobail ar an gcóras pleanála agus ar na próisis a bhaineann leis. Beidh, chomh maith leis sin, cumhacht imscrúdúcháin ag an Oifig .

Trí chreat náisiúnta pleanála, Ráiteas Beartais faoi Chúrsaí Pleanála agus Bille Pleanála nua, arna dtabhairt le chéile, déanfar forfheabhsú arís ar bhearta feabhsúcháin roimhe seo maidir leis an

bpróiseas pleanála agus cinnteofar go ndéantar, trí dhea-phleanáil, riachtanais forbraíochta cuí a shonrú agus a cheadú le barr éifeachta ionas go dtarlaíonn forbraíocht inmharthana agus téarnamh eacnamaíochta.

Táthar i mbun ceisteanna a phlé go cúramach freisin féachaint an bhféadaí bearta forghníomhacha a dhéanamh láithreach a chuirfeadh borradh faoin leibhéal foirgníochta, i gcomhréir leis an dea-phleanáil, ionas go spreagfaí gnóthaí eacnamaíochta agus go maolófaí deacrachtaí maidir leis an soláthar i gceantair áirithe.

Déanfaidh an Coiste Comh-Aireachta um Bhonneagar Eacnamaíochta na ceisteanna seo a phlé de réir mar is cuí sin a dhéanamh.

**Aonaid ar tugadh Cead Pleanála ina leith (Líon) de réir Chineál an Árais Chónaithe agus na Ráithe**




*Foinse: An Lár-Oifig Staidrimh*

## Scéimeanna Ranníocaíochtaí Forbartha

Is minic go mbíonn gá le hinfheistíocht i ngnéithe bonneagair i ndáil le forbraíocht nua agus caitear costas na hinfheistíochta sin a ghlanadh.

Tá, agus beidh, ról tábhachtach le ranníocaíochtaí forbartha maidir le ligean d'údaráis áitiúla infheistíocht chaipitil a dhéanamh maidir le córas iompair, saoráidí pobail, áiseanna taitneamhachta agus cultúir.

Tá an t-athrú ar chúrsaí eacnamaíochta le blianta beaga anuas le sonrú ar na rátaí ranníocaíochta. Eisíodh treoirlínte leasaithe maidir le ranníocaíochtaí forbartha sa bhliain 2013 mar gheall ar ísliú ar chostas caipitil agus ar chostas foirgníochta chomh maith le laghdú ar an infheistíocht chaipitil a bheadh de dhíth a tháinig le dearcadh níos réadúla i leith an riachtanas forbraíochta.

Tháinig ísliú suntasach maidir le ranníocaíochtaí forbartha de bharr na dtreoirlínte sin. D'ísligh na húdaráis áitiúla i mBaile Átha Cliath, mar shampla, na ranníocaíochtaí i ndáil le hiarratais nua ar chead pleanála faoi 26%.

Ina ainneoin sin, níorbh fhéidir go dtí seo le daoine a bhfuil cead pleanála acu cheana féin leas a bhaint as an ísliú ar thobhach forbartha gan dul i mbun an phróiseas pleanála in athuair.

Cinnteofar dá bhrí sin go ndéantar na socruithe reatha a leasú ionas gur féidir na rátaí ísle ranníocaíochta a chur i bhfeidhm go siarghabhálach i gcás chead pleanála atá tugtha cheana féin ach nach ndearnadh a chur i ngníomh. Rithfear reachtaíocht chuige sin.

## Breis Cinnteachta agus Solúbthachta maidir le Cúrsaí Pleanála

Tá an Rialtas lán dúthrachtach maidir le hionracas an chóras pleanála a chaomhnú mar leas poiblí.

Beidh Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíochta níos leathanréimsí á dtabhairt isteach in áit na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnacha reatha ón mbliain 2016 ar aghaidh. Cruthóidh sin deis do na húdaráis áitiúla agus do sholáthraithe bonneagair mhórthábhachta agus do na gníomhaireachtaí maidir le forbairt eacnamaíochta comhordú a dhéanamh ar a gcuid oibre maidir le deiseanna forbartha a shonrú agus a chur chun cinn.

Is mian linn a chinntiú, idir an dá linn, go mbíonn an próiseas pleanála solúbtha sochóirithe de réir mar is cuí maidir le teacht roimh athruithe ar chúrsaí eacnamaíochta agus, an tráth céanna, aidhmeanna straitéiseacha á mbaint amach.

D'fhonn buntáiste chomh mór agus is féidir a ghnóthú don phobal ó chistí a infheistítear i mbonneagar atá trom ó thaobh caipitil – córais iompair san áireamh – bhí claonadh in údaráis áitiúla dlús níos airde a éileamh sna limistéir atá cóngarach do ghnéithe bonneagair den sórt sin.

Ina ainneoin sin, agus cúrsaí eacnamaíochta mar atá, d'fhéadfadh bonn céille le solúbthacht breise i ndáil le ceantair den sórt sin i rith na gcéimeanna tosaigh d'fhorbraíocht nua ar mhórscála ionas go dtugtar 'preabadh chun tosaigh' do thogra fiúntach nó móide seasamh maith faoi ar an margadh dá uireasa sin. Níor cheart go bhféadfaí sin a dhéanamh ach amháin nuair a thugtar gealltanas maidir le dlús níos airde a bhaint amach tráth is faide anonn agus nuair is den inmharthanacht an fhorbraíocht tríd is tríd.

Táthar den tuairim gur cheart do na húdaráis áitiúla smaoineamh go forghníomhach ar an gcur chuige sin agus é a chur i bhfeidhm, go háirithe i mBaile Átha Cliath.

Agus cúrsaí eacnamaíochta mar atá, is lagmhisneach, más misneach ar bith é, a bhíonn maidir le bhonn céille ó thaobh airgid de a bheith ag baint le tograí ard- dlúis taobh amuigh de cheantar lár cathrach nó de cheantar cónaithe seanbhunaithe ardluacha. Nuair is cuí sin, agus ag cloí le forbraíocht inmharthana a dhéanamh san am atá romhainn, déanfar an cheist maidir le solúbthacht faoin dlús foriomlán a thabhairt faoi mheas.

Ar an gcaoi chéanna, tá cead pleanála tugtha maidir le tograí forbraíochta – más árais chónaithe, tráchtála nó tionsclaíochta, nach den inmharthanacht feasta iad mar gheall ar chor sa mhargadh, a bhféadfaí, ina dhiaidh sin féin, leanacht ar aghaidh leo ar leasú a oibriú - mar shampla athrú ar líon na n-árasán i gcomórtas le tithe doras sráide i scéim áras cónaithe.

Nuair a bhíonn athrú den sórt sin á mheas, is den tábhacht go mbeadh deis ag an tríú páirtí, daoine a bhfuil cónaí orthu sa cheantar san áireamh, a dtuairim a chur in iúl. Níor cheart, dá bhrí sin, athrú a chur ar chead pleanála gan deis den sórt sin a thabhairt.

Faoi mar atá an scéal faoi láthair, ní mór d'údarás pleanála cinneadh faoi iarratas ar chead pleanála a thabhairt taobh istigh de dhá mhí ó thagann an t-iarratas agus leagtar síos de chuspóir sa reachtaíocht i ndáil leis an mBord Pleanála go dtabharfaí cinneadh nó breith ar achomharc taobh istigh de 18 seachtaine (déantar foráil do thréimhse níos faide nuair is gá sin, mar shampla sa chás go n-eagraítear éisteacht ó bhéal).

Déanfar scrúdú agus cinneadh go luath an mbeadh scóip ann do phróiseas níos caomhchóirithe i gcásanna áirithe, mar shampla maidir le hiarratais 'athuaire' nó 'athrú ar chineál an tí' – e.g. athrú ó theach go hárasáin - agus tabharfar aon socruithe nua a bheartaítear chun tosaigh mar chuid den Bhille Pleanála nua.

Is iomaí réimse talún a bhfuil criosú déanta air maidir le tithíocht agus cead pleanála faighte ina leith agus nach ndearnadh aon fhorbraíocht go dtí seo. I roinnt cásanna, is é an chaoi nach bhfuil an lucht forbraíochta i mbun oibre níos mó nó nach bhfuil ar a gcumas ó thaobh airgid leanacht ar aghaidh.

D'fhéadfadh ina dhiaidh sin, go bhfuil cásanna eile ann ina bhfuil talamh a bhfuil cead pleanála tugtha ina leith á choinneáil le súil go ndíolfar arís é ar mhaithe le gnóthachtáil fiontraíochta gan rún ar bith ag an úinéir forbraíocht a dhéanamh. Ní hé leas an phobail go ginearálta sin.

Cuirfear ar chumas na n-údarás áitiúil foráil 'tapa nó failligh' a thabhairt isteach, ionas gur féidir a cheangal ar iarratasóirí ar chead pleanála maidir le tograí tithíochta ar mhórscála an tráthchlár don obair forbraíochta maidir le togra tithíochta faoi leith a lua. Sa chás nach gcuirtear tús leis an bhforbraíocht de réir an sceidil agus nach luaitear cúis mhaith leis sin, beidh de chumhacht ag na húdaráis pleanála bearta a dhéanamh, giorrú ar thréimhse an chead pleanála san áireamh, chun brostú le scéimeanna forbraíochta ceadaithe a thabhairt chun críche.

Anuas air sin, bunaithe ar an taithí faoin Acht Bonneagair Straitéisí, cinnteofar go ndéanann na húdaráis pleanála caidreamh go forbheartach i ndáil le forbraíocht bheartaithe ar mhórscála agus go ndéanann siad plé réamhphleanála leis an lucht forbraíochta go tráthúil nuair a iarrtar sin agus go leagtar amach go mionchúiseach an cháipéisíocht a bheidh de dhíth.

## Árais nach Ináitrithe agus Láithreáin Fholmha i Limistéir Uirbeacha

Is é leas an phobail i gcoitinne an úsáid is éifeachtaí as an talamh a chinntiú ós gann mar acmhainn é, go háirithe i limistéir uirbeacha.

Le haird ar a thábhachtaí atá na limistéir lárnacha sna cathracha stairiúla go háirithe, rinneadh leathnú, faoi réir ag aontú an AE leis, ar an tionscnamh Cathair Bheo i mBuiséad na bliana 2014 d'fhonn níos mó daoine a spreagadh chun athchóiriú a dhéanamh chun críche cónaithe nó miondíolacháin ar fhoirgnimh atá ann cheana féin.

Bhí de rún leis seo, ní amháin go spreagfaí gnó in earnáil na foirgníochta, ach go gcuirfí freisin le beocht na gcathracha ionas go sárófaí na deacrachtaí a bhaineann le háitribh thréigthe atá á ligean i léig i limistéir uirbeacha.

Déanfar iniúchadh freisin ar bhealaí chun an úsáid is fearr ó thaobh eacnamaíochta a bhaint as árais agus láithreáin i limistéir uirbeacha.

Ar an gcéad dul síos, pléifear an cheist maidir le haon dreasacht ligean d'áitreabh titim i léig a bheadh ag baint leis na socruithe maidir le rátaí tráchtála atá i réim faoi láthair.

Tá rátaí tráchtála dlite faoi láthair i gcás áitreabh tráchtála atá in úsáid agus 50% de na rátaí tráchtála dlite maidir le háitreabh tráchtála ináitithe atá folamh. Níl, ina dhiaidh sin, rátaí ar bith dlite maidir le háitreabh folamh nach bhfuil ináitithe ná le talamh forbraíochta atá folamh.

D'fhéadfadh dreasacht a bheith ag baint leis sin a d'fhágfadh go dtabharfadh lucht forbraíochta

nó úinéireachta nach mbeadh áitreabh ináitithe - trí staighre nó ardaitheoir a bhaint amach, mar shampla - seachas forbairt a dhéanamh air.

Anuas air sin, i gcomhthéacs forbairt eacnamaíochta a chothú, táthar ag áiteamh go láidir gur cheart a chur ar chumas na n-údarás áitiúil tobhach a ghearradh maidir le láithreáin fholmha i mBaile Átha Cliath.

D'fhonn bonn daingean a chur faoi fhorbairt eacnamaíochta i limistéir uirbeacha, déanfar scrúdú an bhféadfaí a chur ar chumas na n-údarás áitiúil, sa chás gurbh é ba mhian le húdarás a dhéanamh, bearta nua a ghlacadh chucu féin ionas go mbeadh dreasacht ag baint le láithreán folamh a úsáid agus le forbairt a dhéanamh air.

Agus foráil den sórt sin á plé, féachfar lena chinntiú nach bac ar fhorbairt agus ar chruthú postanna san am atá romhainn a thagann dá barr.

## Criosanna Forbraíochta Straitéiseacha

Ó tháinig an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 i bhfeidhm, is féidir leis an Rialtas 'Criosanna Forbraíochta Speisialta' (SDZ) a chruthú nuair is forbraíocht atá i gceist a bhfuil tábhacht shóisialta nó eacnamaíochta faoi leith léi don Stát.

Is féidir tairbhe mhór ó thaobh téarnamh eacnamaíochta a bheith as SDZ éifeachtach–i nDugthailte Bhaile Átha Cliath agus i mBaile Adaim mar shampla.

Luaitear d'ábhar buartha, ina ainneoin sin, go mbaineann moill agus righneas míchuibheasach leis na socruithe faoi láthair a dhéanann cosc ar chur chuige luathoibre den chineál arb é a bhí de rún leis an gcóras ón tús.

Déanfar, in éineacht leis na geallsealbhóirí ar fad a bhaineann le hábhar, athbhreithniú gairid saindírithe ar na socruithe reatha d'fhonn aon leasú riachtanach a dhéanamh a luaithe is féidir.

| **RÁITEAS FAOIN mBEARTAS PLEANÁLA** | | |
|---|---|---|
| **12** | **Cuirfear moltaí os comhair an Rialtais faoi chreat náisiúnta pleanála a thabhairt chun cinn agus foilseofar ráiteas beartais maidir le cúrsaí pleanála.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 |
| | **Comhlacht Freagrach** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil |

| **BILLE PLEANÁLA** | | |
|---|---|---|
| **13** | **Foilseofar scéim ghinearálta maidir le Bille Pleanála chun na forálacha pleanála ó Bhinse Fiosrúcháin Mahon a chur i bhfeidhm, ionas gur féidir Rialálaí Pleanála neamhspleách a chur ar bun, agus chun foráil do bhearta eile a bhaineann le cúrsaí pleanála a shonraítear sa Straitéis seo.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 agus go leanúnach |
| | **Comhlacht Freagrach** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil |

| RANNÍOCAÍOCHTAÍ FORBARTHA | | |
|---|---|---|
| **14** | **Cinnteofar gur féidir le lucht forbraíochta leas a bhaint as ranníocaíochtaí forbartha níos ísle i ndáil le cead pleanála atá tugtha cheana féin agus nach bhfuil feidhm baint as agus rithfear reachtaíocht chun na críche sin.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 agus go leanúnach2014 |
| | **Comhlacht Freagrach** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil |

| | | |
|---|---|---|
| **15** | **De réir mar a thagann feabhas ar chúinsí airgeadais, déanfar maolú ar na srianta atá ar údaráis áitiúla maidir le cistí ó ranníocaíochtaí forbartha atá i seilbh na n-údarás áitiúil a úsáid chun infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar bunriachtanach, ag teacht leis na rialacha fioscacha ginearálta.** | |
| | **Timeline** | Go leanúnach |
| | **Comhlacht Freagrach** | An Roinn Airgeadais |

| UISCE ÉIREANN | | |
|---|---|---|
| **16** | **Cuirfidh Uisce Éireann dréacht de Pholasaí Ceangal faoi bhráid an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh lena aontú (tar éis comhailiúchán poiblí) agus tiocfaidh sin in áit oibreacha caipitil maidir le bonneagar uisce agus dramhaíola a mhaoiniú trí ranníocaíochtaí** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 |
| | **Comhlacht Freagrach** | Uisce Éireann agus an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh |

| TIONÓIL RÉIGIÚNACHA | | |
|---|---|---|
| **17** | **Cuirfear Tionóil Réigiúnacha nua ar bun ar a leagtar de fhreagracht Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíochta a ullmhú, tar éis dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí móra bonneagair agus forbairt eacnamaíochta. Tiocfaidh na straitéisí in áit na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnacha.** | |
| | **Tráthchlár** | R4 2014 |
| | **Comhlacht Freagrach** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil |

| SOLÚBTHACHT MAIDIR LE DLÚS MAR BHONN TACA FAOI FHORBIRT EACNAMAÍOCHTA | | |
|---|---|---|
| **18** | **Oibreofar le húdaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath chun cuidiú le tionscnamh 'preab chun tosaigh' i ndáil le limistéir forbraíochta mhór-ráchairte sa chás go ndearnadh infheistíocht shuntasach ó thaobh bonneagair cheana. Tabharfar san áireamh leis sin solúbthacht maidir le dlús na gcéimeanna tosaigh de thograí forbraíochta nua ar mhórscála faoi réir ag dlús níos airde a bhaint amach sna céimeanna ina dhiaidh sin ionas go mbíonn bonn daingean faoi fhorbraíocht inmharthana.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 agus go leanúnach |
| | **Comhlacht Freagrach** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil |

| FORFHEABHSÚ AGUS CAOMHCHÓIRIÚ AR NA PRÓISIS CEAD PLEANÁLA AGUS ACHOMHAIRC | | |
|---|---|---|
| **19** | **Scrúdófar cén scóip a bheadh ann do phróiseas níos caomhchóirithe maidir le cead pleanála agus achomhairc i ndáil le leasú ar chead pleanála atá tugtha cheana féin agus déanfar foráil d'aon socruithe nua sa Bhille Pleanála nua.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 agus go leanúnach 2014 |
| | **Comhlacht Freagrach** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil |

| CINNTIÚ GO nDÉANTAR BEART DE RÉIR CEAD PLEANÁLA | | |
|---|---|---|
| **20** | **Cuirfear ar chumas na n-údarás áitiúil a cheangal ar iarratasóirí ar chead pleanála maidir le tograí tithíochta ar mhórscála an tráthchlár don obair forbraíochta a lua, agus leasú a dhéanamh maidir le tréimhse an chead pleanála sa chás nach gcuirtear tús leis an bhforbraíocht de réir an sceidil agus nach luaitear cúis mhaith leis sin.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 agus go leanúnach 2014 |
| | **Comhlacht Freagrach** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil |

| FEABHAS AR AN GCAIDREAMH MAIDIR LE CÚRSAÍ PLEANÁLA | | |
|---|---|---|
| **21** | **Tabharfar isteach agus forbrófar cur chuige forfheabhsaithe maidir leis an tseirbhís don chustaiméir ar mhaithe le gach duine a mbíonn baint acu leis na céimeanna uile sa phróiseas pleanála. Áireofar leis sin:**<br>• freastal do bhéim níos mó ar r-phleanáil agus glacadh le r-tháillí;<br>• modhanna nua seirbhísí i gcomhar a thabhairt chun cinn maidir le scileanna riachtanacha saineolais;agus<br>• bunaithe ar an taithí faoin Acht Bonneagair Straitéisí, cinntiú go ndéanann na húdaráis pleanála caidreamh go forbheartach i ndáil le forbraíocht bheartaithe ar mhórscála agus go ndéanann siad plé réamhphleanála go tráthúil nuair a iarrtar sin agus go leagtar amach go mionchúiseach an cháipéisíocht a bheidh de dhíth. | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 agus go leanúnach2014 |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil; Údaráis Áitiúla |

| ÁRAIS AGUS LÁITHREÁIN FHOLMHA I LIMISTÉIR UIRBEACHA | | |
|---|---|---|
| **22** | **Tabharfar faoi mheas an ceart deireadh a chur le dreasacht a d'fhéadfadh a bheith ag baint le socruithe faoi láthair maidir le rátaí tráchtála ionas gurbh fhearr le húinéirí árais a fhágáil folamh nó go dtabharfaidís go mbeidís folamh.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 agus go leanúnach 2014 |
| | **Comhlacht Freagrach** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil; An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; Údaráis Áitiúla |

| | | |
|---|---|---|
| **23** | **Déanfar scrúdú an bhféadfaí a chur ar chumas na n-údarás áitiúil, sa chás gurbh é ba mhian le húdarás a dhéanamh, bearta nua a ghlacadh chucu féin ionas go mbeadh dreasacht ag baint le láithreán folamh a úsáid agus le forbairt a dhéanamh air.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 agus go leanúnach 2014 |
| | **Comhlacht Freagrach** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil |

| CRIOSANNA FORBRAÍOCHTA STRAITÉISEACHA | | |
|---|---|---|
| **24** | **Tabharfar faoi athbhreithniú gairid ar na socruithe reatha maidir le Criosanna Forbraíochta Straitéiseacha, le comhairle ó na geallsealbhóirí, agus déanfar aon bhearta riachtanacha chun feabhais chomh luath agus is féidir. Tiocfaidh san áireamh leis sin cíoradh ar mhodhanna le caomhchóiriú a thabhairt ar phróisis agus déanfar a mheas an úsáidfear forálacha an Achta um Infheistíocht Straitéiseach in éineacht le Criosanna Forbraíochta Straitéiseacha.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 agus go leanúnach 2014 |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil; NAMA, Uisce Éireann, New Era agus páirtithe leasmhara eile |

| ROGHANNA TALÚN A CHLÁRÚ | | |
|---|---|---|
| **25** | **Leis an sárchleachtas go hidirnáisiúnta mar lón eolais, rithfear reachtaíocht chun clárúchán roghanna a thabhairt isteach ar thalamh chun críche forbraíochta ionas go gcinntítear follasacht sa mhargadh.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 agus go leanúnach 2014 |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An tÚdarás Clárúcháin Maoine; An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais; An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil; Oifig na nOibreacha Poiblí |

# 4. Earnáil na Tráchtála

Tá bunriachtanas ó thaobh dul chun cinn na heacnamaíochta le soláthar maith áitreabh tráchtála a bheith ar fáil. Tá i ndán, mura mbíonn dóthain ar fáil, go ndéanfaí dochar d'acmhainn iomaíochta na tíre, go n-ardódh cíosanna agus go socródh comhlachtaí soghluaiste idirnáisiúnta ar shuíomh i dtír eile.

Ní mór cinntiú go nglantar as an mbealach aon chonstaiceanna a chuireann cosc ar áiseanna riachtanacha oifige, tionsclaíochta, déantúsaíochta agus lóistíochta a fhorbairt. Leanfaidh na húdaráis pleanála ag dul i ngleic le haon easnamh ó thaobh na ngnéithe cinniúnacha bonneagair a bhfuil gá leo chun na háiseanna tráchtála atá de dhíth a thabhairt i gcrích.

Tá titim tubaisteach tagtha in earnáil na tógála maidir le foirgnimh phríobháideacha nach árais cónaithe ar luach thoradh na foirgníochta i gcomórtas leis na buaicleibhéil shuntasacha a baineadh amach le linn bhlianta an rachmais. Ar na ceisteanna a chuir bac ar fhorbraíocht i margadh na n-áitreabh tráchtála, tá fuílleach stoic, an teacht ar chistí airgeadais, agus leibhéal ard fiachais i measc lucht forbraíochta.

Dá thoradh sin, tá easpa géar le ceathair nó cúig de bhlianta anuas maidir le forbraíocht nua ionchais, forbraíocht ar oifigí ardchaighdeáin a chuideodh le hinfheistíocht eachtrach ar mhórscála a mhealladh go Baile Átha Cliath san am atá romhainn.

Ina ainneoin sin, tá comharthaí ann go dtiocfaidh feabhas ar an margadh agus go bhfuil ábhar dóchais ann maidir le hinfheistíocht eachtrach a thabhairt isteach.

## Infheistíocht Dhíreach Eachtrach

Tá ionaid sonraithe ag an IDA nach bhfuil aon áitribh oiriúnacha d'ardchaighdeán ar fáil iontu a shásódh na riachtanais a bheadh ag a gcuid infheisteoirí ionchais. D'fhonn an fhorbairt réigiúnach a chur chun cinn agus gnó eile a mhealladh isteach, imreoidh an IDA tionchar ar an earnáil phríobháideach, sa chás gur cuí sin, ionas go ndéantar na háiseanna atá de dhíth a mhaoiniú, a thógáil agus a chur ar fáil agus go dtugtar infheistíocht isteach sna réigiúin. Ní mór, ina dhiaidh sin féin, i gcuid mhór áiteanna uirbeacha an gannsoláthar a thabhairt isteach agus ina chomhthéacs sin, oibreoidh an ID le comhlachtaí de leithéid Chiste Infheistíochta Straitéiseach na hÉireann (ISIF). Chun freastal do riachtanais láithreach maidir le hInfheistíocht Eachtrach, tógfaidh IDA áiseanna déantúsaíochta ardréime nua i bPort Láirge agus i mBaile Átha Luain chomh maith le spás oifige i Leitir Ceanainn.

Beidh gá le comhoibriú agus le tionscnaimh idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach. Tá IDA Ireland ag leanacht den chaidreamh leis an earnáil phríobháideach, nuair is indéanta sin, ionas go gcinntítear soláthar dóthanach d'áitribh ardchaighdeán chun freastal ar na riachtanais maidir le hinfheistíocht fhiontraíochta san am atá romhainn. Leanfaidh an Rialtas de scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna maidir le modhanna comhchistíochta malartacha, úsáid shaindírithe as an ISIF san áireamh.

## Ciste Infheistíochta Straitéiseach na hÉireann

Athrófar an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) go mbíonn Ciste Infheistíochta Straitéiseach na hÉireann (ISIF) ar fáil le sainordú infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála chun bonn a chur faoi bheartaíocht eacnamaíocht agus faoi fhostaíocht in Éirinn. Meastar go rithfear an reachtaíocht lena dtabharfar an t-athrú sin i bhfeidhm roimh shos an tsamhraidh 2014. Tá, an tráth céanna, plean gnó don ISIF á ullmhú le haontú ag bord nua Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA). Meastar go dtabharfar an plean gnó sin chun críche i rith na míonna seo romhainn.

D'fhéadfadh go mbeadh ról tábhachtach ag an ISIFin Earnáil na Tráchtála agus i ndáil le forbraíocht a bhaineann le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach go háirithe. Shonraigh an IDA, i rith an phróisis chun creat tionchar eacnamaíochta a leagan amach don ISIF, gurbh é sin an riachtanas ba ghéire ó thaobh obair na heagraíochta sin. Tá easnamh mór ann ina leith sin agus d'fhéadadh an ISIF i riocht a thabhairt isteach, go háirithe sa chás go mbíonn gá le hinfheistíocht chothromais.

## NAMA

Leanfaidh NAMA den obair i gcomhar leis an IDA chun áitribh oiriúnacha atá ar lámh mar urrús maidir le hiasachtaí ó NAMA a thabhairt chun suntais agus de shoirbhiú don chaidreamh idir féichiúnaithe NMA agus IDA d'fhonn forbairt, díol nó léasáil ar áitribh den sórt sin i dtaca le tionscadail a mbaineann Infheistíocht Dhíreach Eachtrach leo.

Faoi réir ag limistéar a ainmniú ina Chrios Forbraíochta Straitéiseach a bhfuil bonn daingean faoi ó thaobh tráchtála, beidh béim faoi leith ar dhugthailte Bhaile Átha Cliath. Meastar go mbeidh forbraíocht nua den suntas de dhíth sa cheantar sin i rith an mheántéarma, go háirithe ó thaobh spás oifigí tráchtála chun freastal don fhairsingiú leanúnach ar earnáil na seirbhísí airgeadais agus do chruthú mhoil nua gnó agus teicneolaíochta.

Réitigh an comhar leanúnach idir NAMA agus an IDA maidir le háitribh oiriúnacha tráchtála a chur ar fáil an bealach do chinntí a rinne réimse comhlachtaí infheistíocht a dhéanamh i mBaile Átha Cliath agus in áiteanna eile, a fhágann go bhféadfadh na cuideachtaí sin dúbailt ar an lucht saothair atá in Éirinn acu le himeacht aimsire.

Leanfaidh NAMA de shoirbhiú do thograí comhfhiontair (lena mbaineann féichiúnaithe nó maoin atá ar láimh mar urrús maidir le hiasachtaí) le comhpháirtithe oiriúnacha a bhfuil ar a gcumas acmhainní airgeadais, oibriúcháin nó eile a chur ar fáil maidir leis na tograí sin. Infheistíocht nua a aimsiú agus deiseanna fostaíochta a chur chun cinn atá de chuspóir leis an mbeartaíocht sin.

## Sonraí a bheith ar fáil

Tá easpa sonraí iontaofa ina bhac ar an earnáil tráchtála le fada. Tá feabhas áirithe tagtha ina leith sin, go mór mór ó d'fhoilsigh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine Bunachar Sonraí na Léasanna Tráchtála i mí Deireadh Fómhair 2013. Fágann an bunachar sonraí sin go bhfuil na sonraí

Suntasacha a luaitear sna comhaontuithe maidir leis an ligean agus sna hathbhreithnithe cíosa sa mhargadh maoine tráchtála ar fáil go poiblí den chéad uair.

Scrúdófar bealaí ina bhféadfaí feabhas breise a thabhairt i gcrích maidir le sonraí a bheith ar fáil in earnáil na tráchtála. Áirítear leis sin a mheas an ullmhófaí fardal, arna riar ag na húdaráis áitiúla, maidir le maoin talún tráchtála.

| CEISTEANNA MAIDIR LE hACMHAINN BONNEAGAIR | | |
|---|---|---|
| **26** | **Déanfaidh na húdaráis pleanála ceisteanna mórthábhachtacha maidir leis an acmhainn bonneagair is gá chun cuspóirí an phlean forbartha a shonrú agus rachaidh siad i ngleic leo.** | |
| | **Tráthchlár** | R3 2014 |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | Na hÚdaráis Áitiúla; Uisce Éireann |

| INFHEISTÍOCHT DHÍREACH EACHTRACH | | |
|---|---|---|
| **27** | **Tógfaidh IDA áiseanna déantúsaíochta ardréime nua i bPort Láirge agus i mBaile Átha Luain chomh maith le spás oifige i Leitir Ceanainn. Tá an eagraíocht i mbun monatóireachta freisin maidir leis an stoc áitreabh atá ar fáil in ionaid uirbeacha eile nach bhfuil an earnáil phríobháideach gnóthach iontu.** | |
| | **Tráthchlár** | R4 2014 |
| | **Comhlacht Freagrach** | IDA |

| | | |
|---|---|---|
| **28** | **Leanfaidh NAMA de shoirbhiú don chaidreamh idir na féichiúnaithe agus IDA d'fhonn cur le líon na n-áitreabh atá ar fáil atá oiriúnach don Infheistíocht Dhíreach Eachtrach, ag díriú go sonrach ar árais oifige i mBaile Átha Cliath agus, nuair atá ciall leis sin ó thaobh tráchtála, ag cur chistíocht forbartha ar fáil maidir le stoc nua.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | NAMA;IDA |

| AN TEACHT AR SHONRAÍ | | |
|---|---|---|
| **29** | **Scrúdófar bealaí ina bhféadfaí feabhas breise a thabhairt i gcrích maidir le sonraí a bheith ar fáil in earnáil na tráchtála. Áirítear leis sin a mheas an ullmhófaí fardal maidir le maoin talún tráchtála arna riar ag na húdaráis áitiúla.** | |
| | **Tráthchlár** | R4 2014 |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil; An Phríomh-Oifig Staidrimh; Na hÚdaráis Áitiúla; IDA |

# 5. Éifeachtacht Fuinnimh agus Cúrsaí Inmharthanachta

Is gné thábhachtach d'earnáil na foirgníochta an éifeachtúlacht fuinnimh. Tá tionscal bríomhar athfheistiúcháin ar siúl trína gcuirtear buntáistí iomadúla ar fáil ar fud earnálacha na haeráide, an fhuinnimh, na sláinte, an rialtais áitiúil agus an oideachais. Tá tugtha chun suntais chomh maith go mbíonn cuid mhór jabanna i gceist le hobair athfheistiúcháin. D'fhéadfadh, dá bhrí sin, toradh suntasach ó thaobh cruthú fostaíochta a bheith ar bhéim a leagan ar athfheistiú maidir le cúrsaí fuinnimh.

## Earnáil na Tráchtála

Is córas caidrimh agus eolais seanbhunaithe do chomhlachtaí móra tionsclaíochta a úsáideann cuid mhór fuinnimh atá i Líonra Fuinnimh na gComhlachtaí Móra Tionsclaíochta (LIEN) agus sa Chlár Comhaontuithe Fuinnimharna rith ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) le os cionn 16 bliain. Ceanglaítear níos mó ná 160 díobh siúd is mó a úsáideann fuinneamh i gcaidreamh leanúnach, lena n-áirítear cuairteanna ar láithreacha, ceardlanna agus seimineáir, grúpaí oibre speisialta agus mogaill chaidrimh, agus tuairiscí bliantúla faoi fheidhmíocht fuinnimh. Roinneann comhaltaí LIEN eolas lena chéile faoi theicneolaíocht agus bheartaíocht chun fuinneamh a shábháil ionas go dtugtar an tsábháil is mó is féidir i gcrích agus go gcaomhnaítear an acmhainn iomaíochta.

Caitheann comhaltaí LIEN tuairim is €800 milliún ar fhuinneamh, suim is ionann agus tuairim is 60% den fhuinneamh uilig a úsáidtear maidir le cúrsaí tionsclaíochta.

Cuidíonn an Clár Comhaontuithe Fuinnimh le comhlachtaí móra tionsclaíochta córas bainistíochta fuinnimh a chur i bhfeidhm tríd an gcaighdeán nua ISO 50001. Tarlaíonn sábháil idir 2% agus 3% ar an meán in aghaidh na bliana ar fud an líonra, rud is ionann le sábháil bhliantúil €16milliún agus ós a chionn ó thaobh fuinnimh. Tá sábháil charnach is mó ná 30% tugtha i gcrích go dtí seo.

Tá tábhacht ag an Rialtas agus ag lucht tionscail araon leis an acmhainn iomaíochta. Tá béim i gcónaí ag an SEAI ar éifeachtúlacht fuinnimh, chomh maith leis na cláir íslithe costais a ghabhann leis sin, a chur chun cinn i measc earnáil na ngnólachtaí beaga agus earnáil na ngnólachtaí móra. Tá páirt glactha ag níos mó ná 200 fiontar beag agus meánmhéide i réimse leathan beart éagsúil, ina measc measúnú fuinnimh, oiliúint ghnólachtaí beaga, oiliúint Energy Map agus roinnt ócáidí caidrimh.

Tabharfaidh an Ciste Éifeachtúlacht Fuinnimh nuabhunaithe preabadh chun tosaigh don chineál infheistíochta is gá chun bonn taca a chur faoin deis is léir a bheith ar fáil san earnáil phoiblí agus san earnáil tráchtála agus beidh €35 milliún á chur ar fáil dó as an Státchiste ionas gur féidir tograí iomaíochta maidir le tionscadail éifeachtúlacht fuinnimh a mhaoiniú. Is é atá de chuspóir leis comhchistí airgid a mhealladh ón earnáil phríobháideach ionas go mbíonn €70 milliún ar a laghad in iomláine ar fáil don infheistíocht.

Foilsíodh Creatchóras Náisiúnta na Seirbhísí Fuinnimh chun cuidiú leis an margadh éifeachtúlacht fuinnimh a thabhairt chun cinn taobh amuigh den earnáil tís ar fud na hÉireann. Leagtar amach sa chreatchóras sin an bealach ina dtugtar faoi thionscadail éifeachtúlacht fuinnimh, san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon, go háirithe próiseas na gconarthaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

Ar cheann de an príomhchuspóirí leis an gCreatchóras a thabhairt chun cinn, tá dul i ngleic le

hathfheistiú is casta, agus a d'fhéadfadh a bheith níos uilechuimsithí, ná mar is féidir leis na modhanna oibre maidir le soláthar go dtí seo. Tá gá leis sin i bhfianaie na spriocanna 2020 ó thaobh cúrsaí fuinnimh agus aeráide.

D'fhonn a léiriú go bhfuil bonn daingean faoin gcreatchóras náisiúnta agus gur féidir bearta mórscála a thabhairt i gcrích dá bharr, tá roinnt tionscadal Eiseamláire sonraithe againn lena ndéanfar tástáil ar an gCreatchóras ó thaobh feidhme agus ó thaobh acmhainn an modh oibre a chur i bhfeidhm in athuair maidir le tionscadal eile. Seoladh an chéad réimse de thionscadail éifeachtúlacht fuinnimh eiseamláire i mí Meitheamh 2013. Ar a dtógáil le chéile, déanfar infheistíocht suas le €55m i mbearta chun fuinneamh a shábháil maidir leis na tionscadail sin a mbeidh sábháil €7m in aghaidh na bliana dá barr. Tá 21 tionscadal eiseamláire i gceist faoi láthair (11 san earnáil phoiblí agus 10 san earnáil phríobháideach). Déantar monatóireacht ar an dul chun cinn ag ceardlanna rialta agus tá luach €480,000 de chúnamh teicniúil curtha i leith na dtionscadal sin go dtí seo.

Is é ár dtuairim go mbeadh caighdeáin níos fearr maidir le héifeachtúlacht theirmeach a thabhairt isteach de réir a chéile in earnáil na tráchtála, arna gceangal le córas Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh (BER) agus iad ar aon dul lena bhfuil i bhfeidhm cheana féin maidir leis an earnáil phoiblí[33], ina spreagadh maidir le bearta breie athnuachana le himeacht ama, go dtarlódh ísliú maidir le húsáid fuinnimh agus laghdú ar astaíocht maidir le hearnáil na foirgníochta –gan trácht ar a n-éilítear faoi Airteagal 19 den Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (2012/27/AE), faoi dheireadh a chur le dreasacht scoilte, a shásamh.

## Árais Chónaithe

Ón tráth ar seoladh an clár Fuinneamh níos Fearr sa bhliain 2009, tá cúnamh á chur ar fáil ón Státchiste ionas gur féidir athfheistiú a dhéanamh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh ar níos mó ná 250,000 áras cónaithe agus sábháil is mó ná €76 milliún in aghaidh na bliana dá bharr sin ag na húinéirí. Caithfear €57 milliún eile faoin gclár i mbliana– agus cuirfidh sin bonn treise faoi 3,100 post. Ní is tábhachtach, is teaghlaigh ar ioncam íseal, a bhí i mbaol ó bhochtaineacht fuinnimh, níos mó ná 100,000 de na teaghlaigh a fuair cúnamh ón Státchiste faoin scéim.

Tá éifeachtacht ó thaobh fuinnimh ar an mbealach is fearr i gcónaí chun costas fuinnimh a thabhairt isteach, agus déantar an teach níos compordaí an tráth céanna. Leanfar den chúnamh maidir le feabhsú leanúnach ar thithe ar fud na hÉireann tríd an gclár Fuinneamh níos Fearr.

Go ginearálta, ní chruthaíonn stoc foirgníochta reatha na hÉireann go maith ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh. As foirgnimh a thagann 18% den astaíocht san earnáil neamhthrádála. Bealach amháin chun feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht maidir le héifeachtacht theirmeach i dtithe atá tógtha cheana féin is ea an cheist a iniúchadh an bhféadfaí coinníoll feabhsúcháin iarmhartach a thabhairt isteach maidir le gach áras a mbíonn athchóiriú á dhéanamh air.

Ó d'fhoilsigh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann *Cód Cleachtais—Modheolaíocht d'iarfheistiú maidir le héifeachtúlacht áiteanna cónaithe* (SR54), tá cáipéis thagartha ar scoth an domhain ar fáil maidir le forfheabhú ar fhoirgnimh in Éirinn. Chinnteofaí le coinníoll feabhsúcháin iarmhartach go ndéanfaí obair fheabhsúcháin ar árais cónaithe ag tráth oiriúnach ina ré úsáide agus laghdófaí an costas breise ar úinéirí árais a bhainfeadh lena dhéanamh.

[3] Rialachán 15, I.R.Uimh. 542/2009 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Úsáid Deiridh agus Seirbhísí Fuinnimh)2009.

## Cúrsaí Inmharthanachta agus Caomhnúcháin

Ag teacht le beartas an Rialtais maidir le forbairt den inmharthanacht "Ár dTodhchaí Inbhuanaithe", a seoladh i mí Meitheamh 2012, agus le cuspóirí Eoraip 2020, tá gá le bonn treise a chur faoi athnuachan agus athúsáid na n-acmhainní foirgníochta timpeallachta atá ar fáil cheana féin agus oidhreacht foirgníochta na hÉireann a chosaint.

Tá ciste €5 milliún á chur ar fáil d'údaráis áitiúla i rith na bliana 2014, faoi chlár spreagadh caipitil an Rialtais, mar chiste do scéim nua atá tugtha chun tosaigh ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta –an Scéim Giarála Post don Oidhreacht Thógtha. Tá an scéim sin á tabhairt chun cinn chun cuidiú le hobair dheisiúcháin agus chaomhnúcháin ar fhoirgnimh atá cosanta faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Féachtar tríd an scéim seo le biseach breise a bhaint airgead caipitil príobháideach le hinfheistiú i líon suntasach tionscadal beag deisiúcháin agus caomhnúcháin ar fud na tíre a mbaineann cuid mhór saothair leo agus le bonn treise a chur faoi fhostú lucht gairme, ceirde agus trádála oilte lántaithí ar chúrsaí caomhnúcháin.

Tionscnamh i gcomhar atá i dTionscnamh na mBailte Stairiúla (HTI) idir an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, an Chomhairle Oidhreachta agus FáilteÉireann. Tá sé bunaithe ar athnuachan ar an ainmniúchán reatha mar Bhaile Oidhreachta d'fhonn athnuachan ar bhailte stairiúla na hÉireann, a bhfuil cúrsaí oidhreachta de shiocair leis, a chur chun cinn. Cuireadh tús le céim phíolótach de scéim an HTI i mí Feabhra 2013 i dtrí cinn de bhailte, Lios Tuathail, Cathair na Mart agus Eochaill. I mí Feabhra 2013 freisin a seoladh Lámhleabhar Chreatchóras Thionscnamh na mBailte Stairiúla ina leagtar amach na bearta atá le déanamh nuair atáthar ag tabhairt faoi thionscnamh maidir le hathnuachan ar bhaile mór ar cúrsaí oidhreachta is siocair léi. Tá deireadh le theacht leis an gcéim phíolótach i mí Bealtaine 2014. Téann Tionscnamh na Cathrach Beo in éineacht leisi an tionscnamh seo. Faoi Thionscnamh na Cathrach Beo, féachtar le hathnuachan ar limistéir uirbeacha stairiúla a chothú trí dhíriú dhaoine a spreagadh chun filleadh ar lár na cathrach agus cónaí a dhéanamh in árais stairiúla i gcathracha na hÉireann chomh maith le hathnuachan a dhéanamh ar chroílár miondíolacháin na lárcheantar gnó. Cuideoidh an tionscnamh seo le hacmhainní oidhreachta a chaomhnú, le hathnuachan a spreagadh a bhfuil cúrsaí oidhreachta mar shiocair léi agus le cur leis an bhforbairt inmharthana fhadtéarmach ar na ceantair atá i gceist.

| **BONN TACA ÉIFEACHTACHT FUINNIMH-SAN EARNÁIL THRÁCHTÁLA AGUS SAN EARNÁIL PHOIBLÍ** | | |
|---|---|---|
| **30** | **Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Náisiúnta Seirbhísí Fuinnimh agus a leasú de réir mar is gá.** | |
| | **Tráthchlár** | R4 2014 |
| | **Comhlacht Freagrach** | An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha |

| | | |
|---|---|---|
| **31** | **Leanfar de chúnamh taca maidir leis na Tionscadail Eiseamláire faoi éifeachtúlacht fuinnimh de réir mar a leantar ar aghaidh le céimeanna soláthair an Chreata ionas go gcuirtear chun cinn an aidhm maidir le hÉirinn a bheith ar cheann de na geilleagair is éifeachtaí ó thaobh fuinnimh san Eoraip.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht Freagrach** | An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha |

| | | |
|---|---|---|
| **32** | **Tuarascáil faoi ídiú fuinnimh san earnáil phoiblí a fhoilsiú.** | |
| | **Tráthchlár** | R4 2014 |
| | **Comhlacht Freagrach** | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |

**BONN TACA FAOI ÉIFEACHTACHT FUINNIMH-ÁRAIS CHÓNAITHE**

| | | |
|---|---|---|
| **33** | **Déanfar maoirseacht maidir le clár oibre arna chur i bhfeidhm ag údaráis áitiúla chun feabhas a chur ar chaighdeán stoc tithíochta reatha na n-údarás áitiúil agus cur leis an éifeachtacht ó thaobh fuinnimh.** | |
| | **Tráthchlár** | R 4 2014 agus go Leanúnach |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil; Údaráis Áitiúla agus Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí lena mbaineann |

| | | |
|---|---|---|
| **34** | **Bearta cúnta dar luach €57 milliún a chur ar fáil ón Státchiste chun spreagadh breise a thabhairt maidir le beartaíocht sábhála fuinnimh san earnáil chónaithe agus feachtas poiblíochta a chur ar siúl ionas go mbíonn na daoine a d'fhéadfadh seo a thapú ar an eolas faoin gcúnamh atá ar fáil.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht Freagrach** | An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha |

| | | |
|---|---|---|
| **35** | **Scrúdófar, i gcomhar leis na príomhgheallsealbhóirí, a indéanta a bheadh rialacháin feabhsúcháin iarmhartacha a thabhairt isteach trína gceanglófaí ar úinéirí árais chónaithe a thugann faoi obair mhór athchóiriúcháin feabhas a chur ar an éifeachtacht theirmeach maidir leis an áras cónaithe agus an tionchar a thiocfadh uaidh sin.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2015 |
| | **Comhlacht Freagrach** | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil; An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha; Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |

# 6. Cúraí Bonneagair agus Infheistíocht Phoiblí

D'aontaigh an Rialtas clár caipitil faoin státchiste dar luach €17 billiún i ndáil leis an tréimhse 5 bhliana 2012-2016. Tá an €17 billiún d'infheistíocht ón Státchiste á dhíriú ar bhearnaí infheistíochta i gcúrsaí bonneagair a bhfuil géarghá leo d'fhonn brostú le téarnamh eacnamaíochta, comhtháthú sóisialta agus inmharthanacht ó thaobh na timpeallachta. Ar na hearnálacha a dtabharfar tús áite dóibh i ndáil leis an infheistíocht sa Chreatchóras, tá oideachas, sláinte, fostaíocht agus fiontraíocht. I rith na bliana 2014, leath bealaigh tríd an gCreatchóras, déanfaidh an Stát infheistíocht €3.3billiúntríd an Státchiste. Caithfear €6.5 billiún breise i rith na mblianta 2015 agus 2016.

Tugadh san áireamh le leibhéal na hinfheistíochta sa tréimhse go dtí an bhliain 2016 go raibh tugtha faoin gcuid is mó den easnamh mórthábhachta ó thaobh bonneagair le hinfheistíocht caipitil ollmhór dar luach níos mó ná €70 billiún i rith na ndeich mbliana roimhe sin. Leagadh béim leis an infheistíocht dá bhrí sin ar an gcreatchóras a chruthú in bhféadfadh earnáil na fiontraíochta borradh foráis a dhéanamh. Cuirfidh infheistíocht, mar shampla, i ndáil le craobhchóras iompair, seirbhísí uisce, cúrsaí eolaíochta agus nuála leis an táirgeacht sa gheilleagar agus beidh tairbhe eacnamaíochta as go fadtéarmach. Bonneagar seo atá de dhíth don am atá romhainn.

Is féidir le buntáistí tairbheacha ó thaobh fostaíochta, dóibh siúd atá ar an mBeo-Chlár chomh maith le duine, a theacht de thoradh gnéithe bonneagair a thabhairt i gcrích le hairgead ón státchiste agus ón gclár PPP chun feabhas a chur ar ghnóthú na heacnamaíochta.

Braitheann oiread na tairbhe sin ar an mbealach faoi leith a ndéantar infheistíocht ar chaiteachas áirithe - ní hé an leibhéal céanna lucht saothair a bhaineann le tograí foirgníochta poiblí de chineálacha éagsúla. Mar shampla, is iondúil tograí ar scála beag, mar shampla obair thógála nó dheisiúcháin ar scoil nó obair bheag ar bhóthar áitiúil nó ar bhóthar réigiúnach, níos troime ó thaobh lucht saothair ná tograí móra bonneagair náisiúnta. Ní is tábhachtach, tá cuid mhór den chlár caipitil dírithe ar an thograí beaga de na cineálacha sin atá níos troime ó thaobh lucht oibre.

Tá dul chun cinn suntasach déanta go dtí seo le tograí PPP maidir le grúpaí scoileanna agus tá an Roinn Oideachais agus Scileanna i mbun scrúdú a dhéanamh ar bhealaí éagsúla chun cur leis an soláthar foirgneamh scoileanna agus feabhas a chur orthu.

Baineadh úsáid as staitisticí a tiomsaíodh le linn togra PPP Ghrúpaí Scoileanna 3 chun méadracht a chur le chéile a bheadh mar lón eolais agus na coinníollacha maidir leis na Clásáil Shóisialta á leagan amach. Pléitear na clásáil sin níos faide ar aghaidh sa chaibidil seo.

Tá infheistíocht shuntasach á cur i leith bhearta taca maidir le fiontraíocht ar eol ón taithí gur acu is mó a bhíonn tionchar díreach ó thaobh fostaíochta de.

Cruthaíodh Uisce Éireann mar chuid de chlár athchóiriúcháin an Rialtais chun soláthar uisce slán éifeachtach den inmharthnacht a chruthú. Chomh maith leis an gclár náisiúnta méadrachta – tionscadal bonneagair ardaidhme lena gcuirtear bonn faoi suas le 1,600 post áitiúil–tugann Uisce Éireann a chur ar bun deis shuntasach chun bonn treise a chur faoi infheistíocht chaipitil a bhonneagar uisce agus fuíolluisce chun freastal don riachtanas faoi láthair agus san am atá romhainn.

## Spreagadh

Ón am ar seoladh an plean caipitil sa bhliain 2011, bhí ar chumas an Rialtais roinnt arduithe a fhógairt maidir le hinfheistíocht sa bhonneagar trí chóras nua PPP a thabhairt isteach agus leas a bhaint as an bhfáltas ó bhearta maidir le sócmhainní an Stáit agus ceadúnais crannchuir.

Meastar go gcuirfidh an infheistíocht breise seo bonn treise faoi líon suntasach postanna ar fud na tíre. Ón anailís roimhe seo ar gach earnáil faoi leith, tuigtear go bhféadfadh an infheistíocht i gcóras na bpáirtnéireachta PPP bonn treise a chur faoi thuairim is 13,000 post díreach agus cuid mhór postanna indíreacha. Anuas air sin, meastar gur féidir bonn a chur faoi 3,000 post leis an maoiniú breise €150milliúnón Státchiste a fógraíodh i mí Meitheamh 2013.

Cruthófar, ar ndóigh, bonneagar sóisialta agus eacnamaíochta a bhfuil géarghá leis freisin de bharr na dtionscnamh seo agus cuideofar leis an téarnamh eacnamaíochta a thabhairt i gcrích. Oibreacha caipitil ar scála beag, ar eol iad a bheith trom ó thaobh lucht saothair, is mó atá i gceist leis na tionscadail faoin Státchiste.

Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an gcreatchóras maidir le hinfheistíocht chaipitil phoiblí in éineacht leis an Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas. Ar sin a thabhairt chun críche, déanfar scéim chaipitil cúig bhliana nua a leagan amach. Féachfar tríd an athbhreithniú lena chinntiú go mbíonn an creatchóras infheistíocht i gcomhréir i gcónaí le hord tábhachta an Rialtais, bonn taca a chur faoi chruthú fostaíochta san áireamh.

## Tionscadail Mhóra Caipitil

Táthar tugtha dá chinntiú go dtugtar tionscadail a cheadaíonn an Rialtas chun críche go tráthúil. Tabharfaidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tuairiscí faoi na tionscadail mhóra caipitil agus staid na forbraíochta ina leith. Cinnteofar go n-oibríonn na Ranna Rialtais agus na Gníomhaireachtaí Rialtais leis na húdaráis áitiúla agus le geallsealbhóirí eile chun tionscadail mhóra a thabhairt chun críche go tráthúil an tráth céanna a gcinntítear an caidreamh cuí leis na geallsealbhóirí mórthábhachta agus leis an bpobal áitiúil.

## Clásáil Shóisialta

Tá obair ar siúl ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA), ar choinníollacha conarthaí a chur le chéile i ndáil le ceangal maidir le printísigh agus daoine atá dífhostaithe le fada, na Clásáil Shóisialta mar a thugtar orthu. Tá sin á dhéanamh i gcomhréir le reachtaíocht de chuid an AE maidir le cúrsaí soláthair. Tá scéim phíolótach tugtha i bhfeidhm i ndáil le clár na scoileanna arna tharmligean leis an NDFA, d'fhonn comhlíonadh na reachtaíochta a thástáil agus, níos tábhachtaí ná sin, chun an tionchar is mó is féidir a thabhairt i gcrích. Tá de rún leis sin torthaí na scéime píolótaí a bheith ina lón eolais maidir leis an scéim a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí i réimsí eile níos leithne agus go háirithe i ndáil leis an gclár nua den Pháirtnéiríocht Phoiblí agus Phríobháideach, d'fhonn cuidiú le laghdú a thabhairt ar líon na ndaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach ar fud na tíre agus chun deiseanna oiliúna a chur ar fáil do dhaoine óga atá dífhostaithe.

Ceadaíodh trí cinn de chonarthaí faoin scéim phíolótach agus tá tús curtha leis an obair a bhaineann leis an gcéad chonradh a síníodh.

Tá suas le trí mhí ó chuirtear tús leis an obair ar an suíomh ag an gConraitheoir chun tuairisc a thabhairt ar chomhlíonadh na gcoinníollacha agus ar líon na ndaoine. Meastar dá réir sin go mbeidh comharthaí atá soiléir go maith faoi oibriú an chlásáil i ndáil leis an gcéad chonradh sin faoi

mhí Meitheamh 2014.

Is tábhachtach an rud go mbeadh córas ar bun chun na bearta sin a mheas agus deimhniú neamhspleách a chur ar fáil go sásaíonn na daoine a fhostaítear faoi na clásáil shóisialta na coinníollacha bunúsacha. Tá an Oifig um Sholáthar Rialtais i mbun socruithe oiriúnacha a fhorbairt in éineacht leis an NDFA agus an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Tá clásáil shóisialta in úsáid freisin maidir leis na hoibreacha cumasúcháin maidir le suíomh Ghráinseach Ghormáin mar gheall ar an tábhacht atá leis in mar thionscadal athnuachana uirbeach a mbeidh tionchar suntasach uaidh go háitiúil. An ráithe dheireanach den bhliain 2013, thug Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin amach ceithre cinn de chonarthaí dár luach iomlán €40m. Go dtí seo, tá 247 duine fostaithe ar an suíomh agus is as Baile Átha Cliath 1 nó Baile Átha Cliath 7 33 duine acu sin.

Tá roinnt clásál sóisialta curtha isteach freisin leis na conarthaí maidir le méadrú uisce. Ní mór a bheith le háireamh maidir le fostaithe aon chonraitheoir bainistíochta (fostaithe sa slabhra soláthair san áireamh):

- gur fostaithe i bhfiontair bheaga (comhlachtaí le líon is lú ná 50 fostaí agus lámhachas bliantúil nach mó ná €25 magus/nóclár comhardaithe nach mó ná €25m 10% de na fostaithe);
- gur daoine arna n-earcú den chlár dífhostaíochta 10% de na fostaithe; agus
- gur printísigh, céimithe nó lucht fágála scoile 5% de na fostaithe.

Tá isteach is amach le 1,150 duine fostaithe ar an gclár méadrú uisce maidir le hárais cónaithe faoi láthair agus níos mó ná 60% de na hoibrithe sin atá ag obair i ngnólacht beag nó meánmhéide áitiúil, a earcaíodh den Bheo-Chlár, nó atá tar éis an scoil a fhágáil, ina bprintísigh nó ina gcéimithe.

## Conarthaí Oibreacha Poiblí

Tá athbhreithniú ar siúl maidir leis an gconradh oibreacha poiblí. Cuireadh tús leis an gcaidreamh foirmeálta le geallsealbhóirí i ndeireadh na bliana 2013 agus bhí trí chéim ag baint leis an obair athbhreithnithe:

- ceisteanna feidhmíochta a shonrú, tiomsú sonraí san áireamh;
- moltaí faoi aon athruithe atá de dhíth a chur os comhair an Rialtais; agus
- aon athruithe a dhéantar a thabhairt i bhfeidhm maidir leis na conarthaí.

Cinnteofar go dtugtar an t-athbhreithniú seo chun críche faoi dheireadh R2 2014 agus go dtugtar na moltaí os comhair an Rialtais go luath-thráthúil ionas go gcuirtear i bhfeidhm aon athruithe is gá, bunaithe ar an athbhreithniú seo.

## Tuilte

Tá Clár Measúnachta agus Bainistíochta maidir le Baol ó Thuilte in Abhantracha (CFRAM) curtha le chéile ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá sin i gcroílár na hoibre measúnachta maidir le baol ó thuilte agus na pleanála go fadtéarmach maidir le bearta bainistíochta i ndáil leis an mbaol ó thuilte ar fud na tíre. Tabharfar chun críche i mbliana an mhapáil mhion i ndáil le tuilte ar phríomhchórais aibhneacha na hÉireann. Tá an clár dírithe ar 300 réimse tíre lena mbaineann baol tuilte suntasacha. Tá leagtha de chúram ar Oifig na nOibreacha Poiblí taobh amuigh de sin tuairisc a thabhairt don Rialtas ar na roghanna maidir le tuilte a thuar agus foláireamh a thabhairt ina leith.

Beidh an EIB ar fáil chun cuidiú le hacmhainní airgid a chur i gcúrsaíocht d'fhonn cion tairbhe a dhéanamh maidir le hiarrachtaí athchóirithe agus bonn treise a chur faoi chláir níos fadtéarmaí maidir le cosaint an chósta agus bainistíocht ar an mbaol ó thuilte.

Tar éis tuairisc ar an aimsir dheannachtach a bhuail Éirinn ón 13 Nollaig 2013 go dtí an 6 Eanáir 2014 a mheas, d'fhógair an Rialtas go raibh cinnte suim suas le €70m a chur ar fáil do chlár oibreacha deisiúcháin agus feabhúcháin mar gheall ar an damáiste ó stoirmeacha agus ó thuilte. Tagann obair san áireamh ar bhóithre agus ar ghnéithe eile den bhonneagar iompair, cosaint an chósta agus cosaint ar thuilte, chomh maith le bonneagar de chuid na n-údarás áitiúil agus an phobail.

## Infheistíocht ar Fheirmeacha

Déanfar soláthar do bheart tacaíochta nua den suntas maidir le hinfheistíocht ar an bhfeirm sa Chlár Forbartha Tuaithe (RDP) 2014-2020 atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh faoi lár na bliana. Déanfar leis an mbeart tacaíochta poiblí seo buntáiste bisigh a bhaint as beartaíocht nua infheistíochta (e.g. maidir le stóráil sciodair, tithíocht ainmhithe agus trealamh) i gceantair tuaithe agus cuirfear bonn treise faoi na haidhmeanna i ndáil le "fás glas cliste" faoi Fómhar Bia 2020. Tá ciste measta is mó ná €290m leagtha amach don bheart seo a dtiocfadh infheistíocht bisigh ba mhó ná €725m mar gheall air tá an scóip a bheadh ann d'fhorfheabhsú breise ar an mbeart seo i rith ré an RDP á mheas faoi láthair.

| **AN CLÁR CAPITIL POIBLÍ** | | |
|---|---|---|
| **36** | **Pleananna infheistíochta don tréimhse 2015-2019 a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú.** | |
| | **Tráthchlár** | R4 2014 |
| | **Comhlacht Freagrach** | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |

| | | |
|---|---|---|
| **37** | **Scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna don chistíocht phríobháideach agus d'úsáid níos mó as cineálacha den Pháirtnéireacht Phoiblí Phríobháideach maidir le soláthar bonneagair an tráth céanna a leantar de chritéir Luach an Airgid a shásamh, agus tuairisc a thabhairt gach ráithe don Choiste Comh-Aireachta um Bhonneagar Eacnamaíochta.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;An Roinn Airgeadais |

| **MÓRTHIONSCADAIL CAPITIL** | | |
|---|---|---|
| **38** | **Tuairiscí a chur ar fáil gach ráithe don Choiste Comh-Aireachta um Bhonneagar Eacnamaíochta faoi na tionscadail bonneagair phríomhthábhachta, arna gcur ar fáil ag na Ranna Rialtais, an stádas maidir leis an dul chun cinn san áireamh, agus córas a chur ar bun maidir le foilsiú an eolais faoi dheireadh na bliana 2014.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht Freagrach** | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |

| CLÁSÁIL SHÓISIALTA | | |
|---|---|---|
| **39** | **Tá an Rialtas tugtha don úsáid as clásáil shóisialta agus déanfar mar bheart tús áite an úsáid as clásáil shóisialta a i gconarthaí oibreacha poiblí a leathnú. Coinneofar oibriú na gclásál faoi athbhreithniú ionas go gcinntítear éifeachtúlacht leanúnach ina leith.** | |
| | **Tráthchlár** | Go leanúnach |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Údaráis Soláthair |

| | | |
|---|---|---|
| **40** | **Déanfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí, trí Bhealaí chun Oibre, tuairisc a thabhairt ar a fheabhas a éiríonn le forálacha clásáil shóisialta d'fhonn cuidiú le clásáil shóisialta a chur i bhfeidhm nuair is cuí sin.** | |
| | **Tráthchlár** | R32014 |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Coimirce Sóisialaí; An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; DES;NDFA |

| CONARTHAÍ OIBREACHA POIBLÍ | | |
|---|---|---|
| **41** | **Athbhreithniú maidir le conarthaí oibreacha poiblí a thabhairt chun críche agus, ag eascairt ón athbhreithniú sin, moltaí a thabhairt os comhair an Rialtais agus aon athruithe a n-aontaítear mar gheall orthu a chur i bhfeidhm.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 agus R3 2014 |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; An Oifig um Sholáthar Rialtais |

| CLÁR INFHEISTÍOCHTA MAIDIR LE hOBAIR BONNEAGAIR AGUS A TABHAIRT I gCRÍCH | | |
|---|---|---|
| **42** | **Déanfar an creat pleanála náisiúnta agus na Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta** | |
| | **Tráthchlár** | R4 2014 |
| | **Comhlachtaí Freagracha** | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil; Údaráis Áitiúla |

| INFHEISTÍOCHT FEIRME | | |
|---|---|---|
| **43** | **Déanfar soláthar do bheart tacaíochta suntasach nua maidir le hinfheistíocht ar an bhfeirm sa Chlár d'Fhorbairt na Tuaithe 2014-2020 atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh faoi lár na bliana.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 |
| | **Comhlacht Freagrach** | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |

# 7. Maoiniú le haghaidh Fáis

Ní féidir le hearnáil foirgníochta  ná le margadh réadmhaoine aon dul chun cinn a dhéanamh gan soláthar cuí maoinithe a bheith faoi réir.

Is é an chaoi a bhfuil an scéal i ndáiríre le blianta beag anuas – mar thoradh ar chliseadh na mbanc agus ar chliseadh na hearnála foirgníochta  araon – ná go bhfuil srianta ar thionscadail fhorbartha inbhuanaithe agus ar thionscadail inmharthana eile de bharr na ndeacrachtaí a bhaineann le maoiniú a dhaingniú.

Aithnítear go bhfuil laghdú tagtha ar thionscadail fhorbartha réadmhaoine.  Rinneadh dochar nach beag d'acmhainn na hearnála de bharr na géarchéime.  Is beag muiníne atá ann gur féidir brabach a dhéanamh san earnáil.

Cuideoidh na hiarrachtaí atá sa straitéis seo déileáil leis na saincheisteanna leathana a mbíonn tionchar acu ar an earnáil le muinín baincéireachta agus muinín an fhorbróra a mhúscailt.  Is léir nach mór maoiniú a chur ar fáil chun an t-éileamh a shásamh agus chun go dtiocfaidh fás ar an earnáil de réir mar a thagann fás ar an éileamh.

Caithfear na bacainní sonracha a aithint agus díriú ar na bacainní sin agus cleachtais rialála dhiana a chur i bhfeidhm.  Ní leor tacú le creidmheas a bheith ar fáil mura féidir leis an soláthar tithíochta freastal go cuí ar an éileamh tithíochta.  Ní tharlóidh sé seo go mbeidh muinín ag an bpobal as an earnáil arís agus go nglacfar cur chuige iomlánaíoch chun dul i ngleic le haon bhacainní a thagann chun cinn.

Leanfar le hatógáil na hearnála baincéireachta baile, agus mar chuid den phróiseas sin, beimid i dteagmháil le hiontrálaithe nua a thagann chuig an margadh agus ag éileamh follasachta ar bhonn níos trédhearcaí óna rannpháirtithe margaidh atá ann cheana féin.  Ina theannta sin, d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) agus Ciste Infheistíochta Straitéiseach na hÉireann (ISIF) ról lárnach, tábhachtach a imirt i bhforbairt na hearnála foirgníochta.

Chun go mbeidh fáil ar shuimeanna leorga creidmheasa chun tacú leis an ngníomhaíocht athnuaite san earnáil éilítear:

- Tograí inmharthana forbartha ó thionscnóirí;
- Fianaise maidir leis an soláthar beartaithe a bheith ag teacht  lena bhfuil ceannaitheoirí ionchasacha ag súil leis;
- Líon cuí cothromais a chur ar fáil ag leibhéal na bhforbróirí;
- Fáltas leorga chun dul i ngleic leis an leibhéal riosca atá á ghlacadh;
- Suim riosca iomchuí a mhúscailt i measc na n-institiúidí airgeadais agus i measc soláthraithe féideartha eile; agus
- Beartais iascachtaithe iomchuí agus próisis infheidhmithe na mbanc.

Tá na coinníollacha a bhaineann le maoiniú morgáiste a dhaingniú faighte níos doichte le hais mar a bhí. Chomh maith lena chinntiú go dtugann institiúidí airgeadais faoi chinntí ar bhonn stuamachta, ní mór soláthar iasachtaithe morgáiste inbhuanaithe agus iomchuí a bheith ann chun tacú leis an margadh sin.

Is go rímhaith a thuigtear dúinn an bunús atá le roinnt de na fadhbanna a bhfuilimid anois ag díriú orthu – go háirithe an tionchar a bhí ag iasachtú meargánta chun an margadh réadmhaoine a chur as a riocht agus ar na deacrachtaí ollmhóra a d'eascair as sin, agus ar na fadhbanna leanúnacha atá ag go leor de shaoránaigh na tíre faoi láthair atá ag iarraidh morgáistí a fuarthas le linn an bhorrtha eacnamaíoch a choinneáil íoctha.

Táimid cinnte, dearfa nach bhfillfear ar ais ar na cleachtais mhillteanacha sin a rinne an oiread díobhála agus dochair don tír agus do shaol na ndaoine.

Caithfear áfach, a chinntiú go bhfuil na coinníollacha riachtanacha i bhfeidhm chun an earnáil foirgníochta a athshlánú, agus go ndéanfar infreastruchtúr na tíre a thógáil chun slánú na tíre a chinntiú amach anseo.

## Maoiniú Forbartha

Bheadh sé go mór as bealach cur chuige míchuí a mbeadh riosca gan cinnteacht ag baint leis maidir le hiasachtú forbartha a spreagadh, mar a léirigh na blianta ba thubaistí le linn am an bhorrtha; ach go bhfuil, ar an láimh eile, cur chuige atá róchúramach agus nach n-áirítear riosca d'aon saghas ag gabháil leis in ann dochar a dhéanamh do chúrsaí geilleagair.

Dá bhrí sin, comhoibreoimid leis na bainc chun cothromaíocht iomchuí a chinntiú. Déanfaimid teagmháil leis na bainc, le NAMA agus le soláthraithe maoinithe leasmhara eile chun soláthar leordhóthanach maoinithe forbartha a chinntiú, a thacóidh le hearnáil foirgníochta inbhuanaithe.

Go háirithe, bunófar Grúpa Oibre Ardleibhéil faoi chathaoirleacht na Roinne Airgeadais chun maoiniú inbhuanaithe bainc don earnáil foirgníochta a fhiosrú. Cuirfidh an Grúpa Oibre seo tuarascáil eatramhach i láthair an Choiste Comhaireachta ar Riaráistí Morgáiste agus Soláthar Creidmheasa faoi Ráithe 2:

- ina leagfar amach leibhéil reatha de sholáthar maoinithe forbartha;
- ina n-aithnítear na bacainní atá ar sholáthar maoinithe forbartha agus roghanna chun dul i ngleic leo; agus
- ina bhfiosraítear na modhanna is fearr chun aighnis a eascraíonn as na téarmaí agus an soláthar atá ar mhaoiniú forbartha a réiteach.

Gheobhaidh an Coiste eolas cothrom le dáta agus déanfar teacht atá ar mhaoiniú a phlé ar bhonn ráithe, agus más gá, socrófar aon obair bhreise nach mór tabhairt faoi chun margadh feidhmiúil cuí a chinntiú.

In iarracht borradh a chur faoin earnáil foirgníochta, tá sé tábhachtach go mbeadh cothromas sa mheascán maoinithe atá ann don tionscadal. Dá bhrí sin, scrúdóidh an Grúpa Oibre seo cibé an bhfuil an bhearna atá idir an tsuim mhaoinithe forbartha a thairgeann na bainc, agus an tsuim atá riachtanach chun na tionscadail a thabhairt chun críche ag luí le réasún, agus an bhfuil aon ní eile is féidir a dhéanamh chun díriú ar an mbearna sin. Mar shampla, mura féidir le forbróir ach dhá thrian de mhaoiniú a dhaingniú le haghaidh tionscadal faoi leith tá an baol ann nach leanfar ar aghaidh leis an togra in ainneoin cé chomh inmharthana ar bhonn eacnamaíoch a bhíonn an tionscadal.

Fiosróidh an Grúpa Oibre na féidearthachtaí a d'fhéadfadh cuidiú le tacaíocht a thabhairt chun teacht ar fhoinsí comhlántacha maoinithe, e.g. maoiniú céime forbraíochta, ar théarmaí inmharthana agus maoiniú ó shainchistí agus ó NAMA a éascú (i ndáil le réadmhaoin atá faoi chúram na heagraíochta mar urrús ar na hiasachtaí); agus an scóip atá ann chun caipiteal eachtrannach a mhealladh. Sa chás go bhfuil bearnaí maoinithe a d'fhéadfaí a líonadh ar bhonn tráchtála, breithneoidh an ISIF ar cheart dul ag i ngleic le bearnaí dá leithéid faoi réir sainordú infheistíochta foriomlán na heagraíochta.

## NAMA (An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní)

Leanfaidh NAMA ag soláthar réamhíocaíochtaí nua chun réadmhaoin fhorbartha a thabhairt chun críche, sin réadmhaoin a ghlactar mar urrús in aghaidh iasachtaí na heagraíochta. Tá €500m tugtha ag NAMA d'fhorbairtí dá leithéid agus tá €500m eile faofa, sin €1 bhilliún ina iomláine mar cheangaltas. Cuirfear €1.5 billiún eile de réamhíocaíocht ar fáil do thionscadail fhorbartha Éireannacha sna trí bliana atá amach romhainn, sin €2.5 billiún de réamhíocaíochtaí ina n-iomláine. Leanfar ag soláthar na réamhíocaíochtaí ar bhonn tráchtála agus díreofar isteach ar na hearnálacha is géire ina bhfuil ganntanas soláthair.

Éascóidh NAMA 4,500 aonad tithíochta, idir thithe agus árasáin i mBaile Átha Cliath le linn na tréimhse seo, i dteannta na bhforbairtí oifige a thacaíonn le riachtanais infheistíochta dhíreacha eachtracha (FDI) agus le forbairtí miondíola gaolmhara atá go léir faoi réir ag inmharthanacht thráchtála. Sna chúig bhliana atá romhainn, aithníonn NAMA go bhféadfaí 22,500 aonad, idir thithe agus árasáin araon, a chur ar fáil ar thalamh agus ar mhaoin atá faoina choimirce.

Déanfaidh NAMA forbairt shuntasach i gceantar dhugaí Bhaile Átha Cliath agus i bpríomhcheantair uirbeacha eile. Beidh faomhadh agus tarraingt anuas na gcistí do Cheantar na nDugaí ag brath ar Crios Forbraíochta Straitéisí tráchtála a bheith i bhfeidhm do Cheantar na nDugaí.

Treoróidh cuspóirí soiléire NAMA chun an toradh airgeadais is fearr a bhaint amach le haghaidh an Stáit, lena n-áirítear cur i bhfeidhm idirbhearta a chuideoidh le gníomhaíocht inbhuanaithe a athnuachan sa mhargadh réadmhaoine agus a chuideoidh le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch an Stáit, gan dearmad a dhéanamh ar chuspóirí soiléire tráchtála na tíre.

In 2014, go háirithe, leanfaidh NAMA ag díriú ar thionscadail forbartha a chur chun cinn agus ar chistí suntasacha a chur ar fáil chun tionscadail tráchtála agus chónaitheacha a fheabhsú agus a thabhairt chun críche. Lena n-áirítear na réadmhaoine atá á bhforbairt faoi láthair a thabhairt chun críche agus forbairt a dhéanamh ar réimsí talún faoi leith chun éileamh agus ganntanas soláthair amach anseo a shásamh.

Tríd an modh ina gcuireann NAMA a caipiteal oibre in úsáid, tacaíonn NAMA go díreach le 15,000 post a chruthú ar fud na tíre trí chuidiú le gnóthaí trádála atá nasctha lena córas iasachta sna hearnálacha réadmhaoine, óstáin agus caithimh aimsire, miondíola, cúraim sláinte, talmhaíochta agus déantúsaíochta. Leanfaidh NAMA ag tabhairt tacaíochta dá leithéid a thagann le bainistíocht leanúnach a punainne.

Sa chás go mbíonn forbairt réadmhaoine atá mar urrús ag NAMA ar iasachtaí ag brath ar infreastruchtúr suntasach nua, cosúil le áiseanna uisce agus fuíolluisce i Crios Forbraíochta Straitéisí Cheantar Dhugaí Bhaile Átha Cliath, fiosróidh NAMA na féidearthachtaí chun tacú le maoiniú a sholáthar d'infreastruchtúr, faoi réir inmharthanacht tráchtála.

## Maoiniú Eorpach

Cuirfimid lenár rannpháirtíocht leis na Bainc Infheistíochta Eorpacha (EIB) agus leis an gCiste Eorpach Infheistíochta (EIF) i bhforbairt agus i gcur i ngníomh sásanna atá deartha chun an soláthar airgeadais is fearr a aimsiú le haghaidh na Gnóthas Beag agus Meánmhéide (SME), lena n-áirítear an earnáil foirgníochta.

Bhí ionann is luach €1.2 billiún de cheadú iasachtaí agus de thionscadal sínithe EIB in Éirinn in 2013, lena n-áirítear luach €72m sínithe le haghaidh Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP)

Mhótarbhealach an N11/N7 agus luach €150m faofa le haghaidh Thionscadal Traschathrach Luas Bhaile Átha Cliath. Léiríonn na figiúirí seo ardú d'aon chúigiú ar leibhéil fhigiúirí 2012, a bhí ardaithe go suntasach ó fhigiúirí na bliana roimhe sin.

Tháinig ardú ar líon na dtionscadal i gcomparáid le 2012 chomh maith, a d'áirigh réimse ní ba leithne tograí sna hearnálacha éagsúla – fuinneamh, oideachas, PPP, Maoiniú SME, Ciste Caipitil Forbartha EIF agus Corparáide.

Léirítear dúinn áfach, go bhfuil réimsí faoi leith a thuilleann tacaíocht níos láidre ón EIB, an fháil atá ag gnóthaí SME ar mhaoiniú agus ar chabhair de thoradh na dtuilte mar shampla, is príomhthosaíocht na hábhair seo dúinn sa bhliain seo chugainn.

Bhí an Plean Infheistíochta a comhaontaíodh leis an gComhairle Eorpach i Meitheamh 2013, curtha i ngníomh chun an t-ardú de €10 billiún ar bhonn caipitil an EIB a shlógadh. Tacóidh sé seo leis an ardú de 40% san acmhainn iasachta atá beartaithe le haghaidh 2013-2015, mar thoradh, beidh idir €65 agus €70 billiún mar uimhir iasachta bhliantúil ag an EIB.

## Acmhainn na hEarnála Foirgníochta

Rinneadh damáiste nach beag d'earnáil na foirgníochta le linn na géarchéime. Tá srianta anois le sárú ag conraitheoirí foirgníochta a théann i gcion ar a gcumas maoiniú a aimsiú dá dtionscadail. Lena n-áirítear tarraingt siar ar áiseanna rótharraingte, gan fáil ar creidmheas óna soláthraithe foirgníochta, agus an tionchar atá ag tosach feidhme an Achta um Chonarthaí Foirgníochta ar chúrsaí foirgníochta.

Tá gá le comhlachtaí foirgníochta Éireannacha níos láidre, go háirithe le comhlachtaí atá inmharthana ar bhonn airgeadais agus atá in acmhainn tabhairt faoi thionscadal ó thús go deireadh. D'fhéadfaí instealladh caipitil a thabhairt do chomhlachtaí inmharthana chun cuidiú leis na comhlachtaí sin an sprioc seo a bhaint amach. D'fhéadfadh an ISIF infheistiú i gcomhlachtaí foirgníochta Éireannacha ar mian leo a ngnóthaí a fhorbairt agus leathnú amach sna margaí idirnáisiúnta.

Tá an fháil agus an costas a bhaineann le bannaí feidhmíochta fanta mar shrian ar an earnáil. Comhoibreofar leis an tionsclaíocht chun teacht ar réiteach leis na bainc agus le hiomaitheoirí nua san áireamh, chun leibhéal níos fearr de bhannaí feidhmíochta a sholáthar.

Tá Ciorclán 07/13 eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cheana féin i ndáil le leibhéal na mbannaí a éilítear ar chonarthaí oibreacha poiblí a laghdú.

Mar chuid dár n-obair leis an EIB agus leis an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) ar mhaoiniú trádála, díreofar ar, i measc nithe eile, an tsaincheist a réiteach maidir le teacht ar bhannaí feidhmíochta, san earnáil foirgníochta i measc earnálacha eile.

## Maoiniú Morgáiste

Ní chuirfidh an margadh tithe agus árasáin ar fáil murar léir go bhfuil dóthain daoine in acmhainn iad a cheannach.

Sa mhargadh neamhghnách tithíochta in Éirinn le blianta anuas, chonacthas líon na n-uimhreacha iasachta ag titim go tubaisteach. Tá na bainc ag leagan béime ar an laghad soláthair tithe sna ceantair uirbeacha go háirithe mar chúis leis an laghdú atá tagtha ar uimhir na n-áiseanna atá morgáiste faofa a ndéantar tarraingt anuas orthu. Léirítear dúinn chomh maith gur idirbhearta airgid thirim a thógann tús áite i measc an lín bhig idirbheart atá ar siúl.

Is léiriú ar mhargadh tithíochta mífheidhmiúil iad an líon suntasach ceannaitheoirí a ndéanann a n-idirbheartaíocht trí airgead tirim. Fós tá ceannaitheoirí a úsáideann airgead tirim ina n-

idirbheartaíocht flúirseach i margadh réadmhaoine chónaithe na hÉireann, agus de réir tuairiscí go leor bhí siad gníomhach in os cionn leath d'idirbhearta an mhargaidh in 2013, ag plódú an mhargaidh ar cheannaitheoirí morgáiste. Is comhartha de mhargadh cónaithe feidhmithe cuí an titim shuntasach ar chionroinn na gceannaitheoirí airgid thirim ar an margadh.

Is mian linn leibhéil inbhuanaithe iasachtaithe morgáiste a fheiceáil curtha i bhfeidhm mar léiriú ar mhargadh sláintiúil. Ciallaíonn sé seo go mbeidh fáil ar tháirgí morgáiste do cheannaitheoirí atá in ann aisíocaíochtaí a dhéanamh. Caithfidh institiúidí airgeadais cinntí iasachtaithe morgáiste a dhéanamh ar bhonn stuamachta, inbhuanaithe a chomhlíonfaidh go hiomlán le ceanglais rialála, i ndáil leis an institiúid airgeadais féin, agus i ndáil le leasa an iasachtaí a chosaint araon.

Léiríonn figiúirí morgáiste 2013 gur tháinig titim shuntasach ar líon na n-iasachtaí a tarraingíodh anuas ar bhonn bliantúil. In 2012, eisíodh 15,881 morgáiste arbh fhiú €2.636 billiún iad. I gcomparáid leis sin, in 2013 eisíodh 14,985 morgáiste arbh fhiú €2.495 billiún iad ina n-iomláine.

***Iasachtaí Morgáiste Cónaithe***

| | **Ceannaitheoir Céaduaire** | **Ceannaitheoir ag bogadh tí** | **Ligean Infheistíochta Cónaithe** | **Athmhorgáistiú** | **Breisiú** | **Tarraingt Anuas ina iomláine** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2013** | 7,535 | 5,340 | 597 | 292 | 1,221 | **14,985** |
| **2012** | 8,648 | 4,921 | 591 | 455 | 1,266 | **15,881** |
| **2011** | 6,300 | 4,241 | 509 | 1,137 | 2,005 | **14,273** |
| **2010** | 10,619 | 6,533 | 1,161 | 2,722 | 6,631 | **27,666** |
| **2009** | 12,684 | 9,395 | 3,018 | 5,774 | 14,947 | **45,818** |
| **2008** | 19,946 | 20,444 | 13,226 | 21,374 | 35,315 | **110,305** |
| **2007** | 30,469 | 32,864 | 20,861 | 25,937 | 47,967 | **158,098** |
| **2006** | 37,064 | 45,585 | 28,141 | 26,565 | 66,598 | **203,953** |
| **2005** | 37,879 | 46,760 | 25,856 | 25,944 | 64,821 | **201,260** |

*Foinse: IBF/PwC Próifíl ar Mhargadh na Morgáistí*

Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go mbeidh fáil ar dóthain chreidmheasa nuair a thiocfaidh ardú ar líon na dtithe a bheidh a sholáthar. Beidh ról leanúnach i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar an bhfáil atá ar chreidmheas san earnáil miondíola.

Comhoibreoimid le soláthraithe morgáiste agus le Banc Ceannais na hÉireann chun follasacht i dtaobh iasachtaithe morgáiste a chinntiú, lena n-áirítear líon na n-iasachtaí; soiléiriú níos leithne ar an iarratas agus ar an bpróiseas faofa; cóimheas idir iasacht agus luach; agus an cóimheas idir iasacht agus ioncam indiúscartha.

Déanfar staidéar ar mhodhanna idirnáisiúnta maoinithe morgáiste eile, chun eolas a bhailiú ar chórais dea-chleachtais, agus cuirfear an t-eolas sin i ngníomh. Déanfar tuairisc i gcuideachta moltaí ar an ábhar a chur faoi bhráid an Choiste Comh-Aireachta ar Riaráistí Morgáiste agus Soláthar Creidmheasa.

Tá tacaíocht léirithe ag tíortha eile, Ceanada agus an Ríocht Aontaithe ina measc, i bhforbairt margaí ''árachais mhorgáiste'' chun tacú le hiasachtú morgáiste bainc, go háirithe do Cheannaitheoirí Céaduaire. Ceadaíonn árachas morgáiste an riosca a bhaineann le hiasachtú morgáiste a roinnt leis na bainc agus leis an earnáil phoiblí (Scéim ''Cuidigh le Ceannach'' na Ríochta Aontaithe) nó le cuideachtaí

príobháideacha na hearnála príobháidí (Ceanada), leis an gcuspóir go ndéanfar iasachtú bainc a mhéadú go ginearálta nó a mhéadú i measc grúpaí faoi leith.

Féadfar árachas morgáiste a úsáid mar dhreasacht chun na bainc a spreagadh chun glacadh le cleachtais iasachtaithe stuama, chaighdeánaithe (cóimheasa idir iasachtaí agus ioncaim, cáipéisíocht d'ardchaighdeán etc.), a sholáthróidh foinsí maoinithe nua ar chostas níos ísle le haghaidh na mbanc. Is féidir na coinníollacha a bhaineann le hárachas morgáiste a athrú chun borradh agus cliseadh réadmhaoine mar gheall ar chreidmheas a sheachaint.

Déanfar breithniú ar coincheap na scéime árachais mhorgáiste agus cén tairbhe a d'fhéadfadh sí a sholáthar don líon tithe nua a thabharfaí chun críche i margadh na hÉireann. Bheadh sé mar chuspóir ag aon scéim a chinntiú go mbeadh dóthain fála ar mhaoiniú morgáiste ar théarmaí inacmhainne le haghaidh tithe nua a thabhairt chun críche, go háirithe le haghaidh ceannaitheoirí céaduaire, de réir mar a fheabhsaíonn an geilleagar, agus chun an chinnteacht a sholáthar atá riachtanach chun tacú le leibhéil níos téagartha infheistíochta san earnáil tithíochta nua.

Beidh aon bheartas a thabharfar i láthair ag brath ar ullmhúchán agus ar bhreithniú ón Anailís Tionchair Eacnamaíoch (EIA) agus le cur faoi bhráid an Aire Airgeadais. Déanfar an beart seo a thabhairt chun críche faoi dheireadh mhí Iúil. Déanfaidh an EIA measúnacht ar na paraiméadair dheartha faoinar féidir le beart faoi leith feidhmiú as a chumas féin i gcomhthéacs mhargadh tithíochta na hÉireann, e.g. srianta ama, teoranta do cheannaitheoirí céaduaire/úinéirí lonnaitheacha, fócas ar thithíocht nua, an oiriúnacht le caidhp praghais, srianta réigiúnacha/tíreolaíocha etc. Tógfaidh an EIA comhairle agus nósanna imeachta ó thionscnaimh árachais morgáiste eile a reáchtáladh i dtíortha eile lena n-áirítear na Stáit Aontaithe, an Ríocht Aontaithe agus tíortha eile de chuid na hEorpa.

## Riaráistí Morgáiste

Ó tháinig an Rialtas reatha i gcumhacht tá straitéis chuimsitheach curtha i bhfeidhm chun díriú ar fhadhb na riaráistí morgáiste atá bunaithe ar na pointí seo leanas:

- Athchóiriú nuálacha ar dhócmhainneacht phearsanta
- Comhairle agus treoir chuimsitheach
- Scéim cíosa in ionad morgáiste
- Straitéisí réitigh morgáiste
- Cuspóirí gaolmhara le haghaidh na mbanc

Tá tábhacht nach beag le cur i ngníomh na straitéise seo. Dá bhrí sin, tá an córas nua dócmhainneachta pearsanta agus cur i ngníomh iomlán Spriocanna Réiteach Riaráistí Mhorgáiste an Bhainc Ceannais nó MART – ag feidhmiú mar chórais bhunúsacha.

Ní ghlacfar a thuilleadh le cinneadh na mbanc a roghnaíonn réiteach gearrthéarma ar chásanna ina bhfuil athrú bunúsach, fadtéarmach tagtha ar chúinsí an iasachtaí.

Caithfear athstruchtúrú buan, fadtéarmach a chur i bhfeidhm maidir le cúinsí cásanna aonair.

Léiríonn na sonraí atá foilsithe ag an Roinn Airgeadais agus ag an mBanc Ceannais go bhfuil ag éirí leis na hiasachtóirí i gcásanna faoi leith, díriú ar na cuntais atá i riaráistí luath agus i gcur i bhfeidhm bearta cuí chun cosc a chur ar iasachtaithe titim siar i riaráistí.

Tá sé riachtanach áfach, go gcuirfeadh na bainc go mór leis an modh cleachtais seo in 2014.

Leanfar leis an obair ag tacú leosan a thiteann isteach i ndeacrachtaí lena morgáistí, trí mhonatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na sé bhanc atá rannpháirteach i bpróiseas MART an

Bhainc Ceannais, ag seachadadh réiteach inbhuanaithe d'iasachtaithe.

## Ag Cinntiú Cóid Cánachais Iomchuí

Go ginearálta, glactar leis gurb é an cur chuige fánach maidir le bearta cánach chun borradh a chur faoin earnáil foirgníochta, chomh maith leis na faoisimh neamhshonraithe ba chionsiocair leis an mborradh réadmhaoine agus leis an ngéarchéim eacnamaíoch a tháinig ina dhiaidh.

Bhí na faoisimh chánach go hiomlán a bhain le cúrsaí réadmhaoine faoi réir ag athbhreithniú cuimsitheach, agus tógadh an cinneadh deireadh a chuir leo go huile.

Tá sé luaite go soiléir ag an Aire Airgeadais nach ndéanfar aon fhaoisimh chánach a bhaineann le cúrsaí réadmhaoine a thabhairt isteach mura bhfuil measúnacht ex-ante nó post-ante ag gabháil leo, agus go mbeidh sé mar riachtanas go mbeidh gilitín mar fhoráil ag gabháil le haon faoiseamh cánach a eisítear, chuirfeadh an fhoráil seo deireadh leis an bhfaoiseamh ag an dáta roghnaithe.

Le linn 2013, fógraíodh dhá dhreasacht chánach a bhain le cúrsaí réadmhaoine, a bhí dírithe ar úinéirí/ lonnaitheacha seachas infheisteoirí:

- An tionscnamh *Living City;* agus
- An tionscnamh *Home Renovation.*

Rinneadh anailís chostais is tairbhe cheana féin ar an tionscnamh *Living City, i*nar aontaíodh go mbeadh an tionscnamh beartaithe tairbhiúil. Rinneadh iarratas ag lorg faofa maidir le Státchabhair ón AE i Márta 2014. Tá an tionscnamh faoi réir ordú um thosach feidhme agus tá súil go gcuirfear tús leis an scéim in 2015 (faoi réir faofa Státchabhrach) a bheidh ag feidhmiú ar feadh tréimhse cúig bhliana.

Cuireadh tús le héifeacht leis an dreasacht *Home Renovation* ar an lá i ndiaidh d'fhoilsiú an Bhille Airgeadais (Uimh. 2) 2013, agus fanfar i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2015. Beidh an scéim faoi réir ag measúnacht ex-post. Léiríonn an dreasacht seo an freagra tomhaiste ar an ngéarchor chun donais a tháinig sa mullach ar an earnáil foirgníochta agus tá an fhoráil deartha chun gníomhaíocht bhreise a spreagadh agus fostaíocht a chur chun cinn san earnáil.

Ní dhéanfaimid aithris ar na botúin a rinneadh san am atá thart agus dreasachtaí cánach míchuí nach bhfuil costáilte a thabhairt isteach. San am céanna, tá sé tábhachtach go mbeidh na rialacha cánach a chuirfear i bhfeidhm oiriúnach don fheidhm agus iomchuí le haghaidh cúinsí reatha.

Mar chuid de phróiseas Bhuiséad 2015, déanfar an cód cánach a scrúdú agus cé mar a fheidhmíonn an córas i ndáil leis na hearnálacha foirgníochta agus réadmhaoine chun a chinntiú go bhfuil an córas in acmhainn déileáil le cuspóirí agus le tosaíochtaí beartais reatha. Áireofar breithniúchán leathan ar na rialacha a bhfuil an earnáil ag feidhmiú fúthu. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar dreasachtaí cánach míchuí nach bhfuil costáilte a sheachaint.

| Maoiniú Inbhuanaithe le haghaidh na hEarnála Foirgníochta | | |
|---|---|---|
| 44 | **Bunófar Grúpa Oibre faoi chathaoirleacht na Roinne Airgeadais, a thabharfaidh le chéile na bainc, NAMA, agus príomhpháirtithe leasmhara eile, chun an tsaincheist maidir le maoiniú bainc inbhuanaithe le haghaidh na hearnála foirgníochta a fhiosrú. Ar an gcéad dul síos, cuirfidh an Grúpa tuarascáil eatramhach i Ráithe 2 faoi bhráid an Choiste Comh-aireachta ar Riaráistí Morgáiste agus Soláthar Creidmheasa agus tuarascáil deiridh i R3;**<br>• **Ina mbunófar soláthar maoinithe forbartha bunaithe ar an leibhéal reatha;**<br>• **a aithneoidh srianta atá i láthair ar mhéadú an tsoláthair maoinithe forbartha, agus deireadh a chuir leo; agus**<br>• **Éascú a dhéanamh ar na modhanna is fearr chun réiteach a fháil ar aighnis a eascraíonn de thoradh fála agus téarmaí maoinithe forbartha.**<br>**Glacfaidh an Coiste Comh-Aireachta leis an eolas is deireanaí agus pléifear an fháil atá ar mhaoiniú ar bhonn ráithe, agus tógfar, má tá riachtanas leis, céimeanna breise chun margadh feidhmithe iomchuí a chinntiú.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014, R3 2014 leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | Roinn Airgeadais; NAMA; NPRF; CBI; geallsealbhóirí eile |

| | | |
|---|---|---|
| 45 | **Déanfaidh an Grúpa Oibre Ardleibhéil roghanna maoinithe seachas na bainc a scrúdú, lena n-áirítear:**<br>• **díriú ar na bearnaí idir an líon maoinithe forbartha a thairgeann na bainc, agus an líon a éilítear chun an tionscadal a thabhairt chun críche;**<br>• **dea-chleachtais idirnáisiúnta i ndáil le struchtúir maoinithe nua agus nuálacha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear leaganacha hibride a áiríonn gníomhairí nach bainc iad;**<br>• **ag tacú leis an bhfáil atá ar fhoinsí comhlántacha maoinithe le haghaidh tionscadail tithíochta agus tráchtála, e.g. maoiniú forbraíochta agus maoiniú cothromais, ar théarmaí inmharthana agus éascú a dhéanamh ar sholáthar maoinithe trí shainchistí, NAMA agus an ISIF; agus**<br>• **ag fiosrú an scóip chun caipiteal eachtrach breise a mhealladh isteach go dtí an raon maoinithe forbartha.**<br>**Glacfaidh an Coiste Comh-Aireachta le tuarascáil tosaigh in R2 2014, agus le tuarascáil deiridh in R4 2014.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 agus R4 2014 |
| | **Comhlacht freagrach** | Roinn Airgeadais; NAMA; NPRF; geallsealbhóirí eile |

| | | |
|---|---|---|
| **46** | **Cuirfidh NAMA €2 bhilliún ar fáil le haghaidh maoiniú forbartha i gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn, i gcuideachta an €500 milliún atá curtha ar fáil cheana féin, chun forbairtí nua ar réadmhaoin atá glactha mar urrús ar iasachtaí na heagraíochta a thosaigh nó a thabhairt chun críche, faoi réir inmharthanachta tráchtála. Cuirfidh NAMA an maoiniú seo ar aghaidh go díreach trí oibreacha na heagraíochta nó trí chomhpháirtíochtaí tráchtála iomchuí.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | NAMA |

| | | |
|---|---|---|
| **47** | **Díreoidh NAMA ar thionscadail a thugann aghaidh ar ghanntanais sholáthair faoi leith, e.g. déanfaidh an eagraíocht éascú ar 4,500 teach nua nó árasán i mórcheantar Bhaile Átha Cliath, ar spás oifige i gceantar lárnach ghnó Bhaile Átha Cliath agus ar thionscadail i bpríomhcheantair uirbeacha eile, faoi réir inmharthanachta tráchtála. Beifear ag díriú go háirithe ar cheantar dhugaí Bhaile Átha Cliath, faoi réir ag seachadadh Ceantair Forbartha Straitéisigh le hinmharthanacht thráchtála.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | NAMA |

| | | |
|---|---|---|
| **MAOINIÚ EORPACH** | | |
| **48** | **Cuirfimid lenár rannpháirtíocht leis an EIB agus leis an EIF maidir le sásanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a bheidh leagtha amach chun an soláthar maoinithe do SMEanna a uasmhéadú, lena n-áirítear san earnáil foirgníochta.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | Roinn Airgeadais; D/JEI; EI; NPRF; ISIF |

| | | |
|---|---|---|
| **BANNAÍ FEIDHMÍOCHTA** | | |
| **49** | **Mar chuid den obair leis an EIB agus leis an NPRF ar airgeadas trádála, féachfaimid ar, i measc nithe eile, rochtain a fháil ar bhannaí feidhmíochta, lena n-áirítear san earnáil foirgníochta.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | Roinn Airgeadais; DPER; DJEI; EI |

| IASACHTÚ MORGÁISTE | | |
|---|---|---|
| **50** | **Comhoibreofar le soláthraithe morgáiste agus le páirtithe leasmhara eile chun iasachtú morgáiste inbhuanaithe agus follasach a chinntiú, lena n-áirítear méid na n-iasachtaithe; soiléire níos leithne ar an bpróiseas iarratais agus faofa; cóimheasa idir iasacht agus luach; agus cóimheasa idir iasacht agus ioncam indiúscartha. Cuirfear tuarascáil ar dul chun cinn na hoibre faoi bhráid an Choiste Comh-aireachta ar Riaráistí Morgáiste agus Soláthar Creidmheasa.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 agus leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | Roinn Airgeadais; CBI |

| | | |
|---|---|---|
| **51** | **Scrúdófar dea-chleachtais idirnáisiúnta agus forbrófar tograí le haghaidh múnlaí breise maoinithe morgáiste a fhorbairt in Éirinn, lena n-áirítear coincheap na scéime árachais mhorgáiste, chun leibhéil inbhuanaithe iasachtaithe morgáiste sa mheántéarma a chinntiú agus chun tuarascáil a chur faoi bhráid an Choiste Comh-aireachta ar Riaráistí Morgáiste agus Soláthar Creidmheasa faoi Shamhain 2014.** | |
| | **Tráthchlár** | R4 2014 |
| | **Comhlacht freagrach** | Roinn Airgeadais; DECLG; An Ghníomhaireacht Tithíochta |

| AG CINNTIÚ CÓID CÁNACH IOMCHUÍ | | |
|---|---|---|
| **52** | **Mar chuid de phróiseas Bhuiséad 2015, scrúdófar an cód cánach agus feidhmíocht an chóid ar na hearnálacha foirgníochta agus réadmhaoine, lena n-áirítear breithniú leathan ar na rialacha agus feidhmíocht na rialacha ar an earnáil. Mura bhfuil na cóid oiriúnach don fheidhm ba chóir go ndéanfaí iad a fheabhsú, a bheachtú, deireadh curtha leo nó athchurtha mar is iomchuí.** | |
| | **Tráthchlár** | R3 2014 |
| | **Comhlacht freagrach** | Roinn Airgeadais; Coimisinéirí Ioncaim |

# 8. Caighdeáin, Rialúchán agus Forfheidhmiú

Ag glacadh le cúrsaí mar a bhí, tá sé ríthábhachtach a chinntiú go bhfeidhmeoidh an earnáil foirgníochta ar an gcaighdeán is airde. Tá tábhacht nach beag leis seo, má tá muinín le bheith ag an bpobal arís san earnáil agus é a choimeád.

Ní féidir glacadh leis na cleachtais a bhí ar bun le linn am an bhorrtha a d'fhág an oiread sin daoine in umar na haimléise. Tá bearta curtha i ngníomh chun freagracht leasaithe a chinntiú agus leanfar ag cur bearta dá leithéid i bhfeidhm.

Tá rialúchán iomchuí, le feidhmiú leanúnach ó Ranna agus ó Ghníomhaireachtaí Rialtais i gcomhar le húdaráis áitiúla riachtanach d'fhorbairt tionsclaíochta inbhuanaithe.

Léirítear tionscal iomaíoch dúinn a leagan béim ar leasa agus ar chosaint an tomhaltóra. Tionscal a fheidhmíonn ar ardchaighdeán, a chomhlíonann na rialúcháin agus atá cáin comhlíontach.

Tá ról lárnach le n-imirt ag an tionscal chun na hearráidí a rinneadh sna blianta siar a sheachaint agus caithfear páirt iomchuí a ghlacadh chun earnáil athnuaite, feiliúnach a chinntiú le haghaidh na mblianta amach romhainn.

Leanfar leis an obair chun deireadh a chur le bás agus le gortaithe tromchúiseacha san earnáil foirgníochta. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí caighdeáin sábháilteachta na hearnála a choimeád de réir mar a fheabhsaíonn gníomhaíocht eacnamaíoch agus cúrsaí fostaíochta san earnáil. Chun dul i mbun pleanála le haghaidh fás fostaíochta a spreagadh, caithfear cloí go dian le dea-chleachtais chun timpistí sna láithreacha oibre a sheachaint.

Leanfar ar aghaidh leis an obair chun a chinntiú go mbeidh comhoibriú agus comhordú idir Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais a bhfuil freagracht forfheidhmithe san earnáil acu, a chinnteoidh go ndéanfar tionscadail a thabhairt chun críche ar ardchaighdeán, ina mbeidh sláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe tógtha san áireamh

## Rialúcháin Foirgníochta

An 1 Márta 2014 a tháinig na Rialúcháin Rialaithe Foirgníochta nua (leasaithe ) in éifeacht. Cuireann siad leis na socruithe reatha atá i bhfeidhm chun gníomhaíocht foirgníochta a rialú.

Áirítear ar na ceanglais:

- líníochtaí le cur faoi bhráid an údaráis rialaithe foirgníochta áitiúil;
- dearadh le glacadh faoi láimh agus le deimhniú ag gairmithe inniúla sula gcuirfear tús le hoibreacha;
- dualgas ar na húinéirí tógálaí inniúil a fhostú chun tabhairt faoi agus chun na hoibreacha a dheimhniú;
- dualgas ar na húinéirí gairmí cláraithe a fhostú mar Dheimhnitheoir Sannta; agus
- Teastais reachtúla chomhlíonta ó dhearthóirí, foirgníochtaithe agus ó dheimhnitheoirí sannta chun comhlíonadh le ceanglais na Rialúcháin Foirgníochta a dheimhniú.

Áirítear ar phríomhghnéithe eile maidir le bearta athleasaithe rialaithe foirgníochta atá le cur i

ngníomh:

- córas riaracháin leictreonach, ina ndeachaigh an chéad chéim amach beo i Márta 2014, leis an tsúil go mbeidh an córas faoi réir le n-úsáid ar bhonn píolóta faoi dheireadh na bliana; agus
- cur i ngníomh tuarascála ar athbhreithniú neamhspleách maidir le socruithe le haghaidh ailtirí a chlárú, foilsithe an 24 Meán Fómhair 2013.

Ag cinntiú na gcaighdeán feabhsaithe, leanfar leis an rogha a sholáthar dóibhsean ar mian leo tabhairt faoin obair thógála as a stuaim féin nó saothar díreach a roghnú.

I ndáil le forfheidhmiú agus le cigireacht, tá obair ar bun maidir le comhaontú prótacal coiteann agus le cuir chuige chomhsheasmhacha maidir le gníomhaíocht Rialaithe Foirgníochta ar fud na hearnála rialtais agus leis na hullmhúcháin le haghaidh an trasdul chun córas seirbhíse a chur ar fáil do mhúnlaí seachadta, ag corprú struchtúr seirbhíse roinnte agus réigiúnacha. Ina dtabharfar aird chuí ar chomhlíonadh sábháilteachta agus sláinte sa láthair oibre.

## Clár Reachtúil Foirgníochtaithe, Conraitheoirí agus Ceirdeanna Foirgníochta

D'fhéadfadh clárú reachtúil cur go mór le caighdeán na timpeallachta foirgníochta, ina soláthraítear modh cuspóra do na húdaráis chonraitheoireachta phoiblí chun an comhlíonadh le hoibleagáidí dlíthiúla a mheas.

Tá Clár Thionscal Togála na hÉireann nó an CIRI ag feidhmiú ó Mhárta 2014, ar bhonn deonach, a bheidh ag feidhmiú ar bhonn reachtúil faoi 2015.

Sular bunaíodh Clár Thionscal Foirgníochta na hÉireann (CIRI) ní raibh aon mhodh cuimsitheach ag tomhaltóirí idirdhealú a dhéanamh idir comhlachtaí foirgníochta, trádálaithe aonair agus foirgníochtaithe a chloí leis na hoibleagáidí a éilíodh agus iadsan nár chloí.

Freastalaíonn an Clár ar speictream iomlán na hearnála foirgníochta atá deartha le haghaidh cleachtóirí foirgníochta le comhlachtaí d'aon mhéid, páirtíochtaí agus ar thrádálaithe aonair. Feidhmíonn Cód Eitice Tionsclaíoch i gcuideachta oibleagáidí sainmhínithe ina bhfuil sé de dhualgas ar na baill chláraithe cloí leo. Feidhmíonn oibleagáid Fhorbartha Ghairmiúil Leanúnach le haghaidh na mball chomh maith.

Comhaontóidh an scéim cláraithe le dlí na hiomaíochta, lena n-áirítear scrúduithe dearbhaithe cáilíochta láidre agus soláthrófar cosaint láidir tomhaltóra.

Tá sé de cheart ag tomhaltóirí go mbeifí ag súil go mbeadh na foirgnimh a cheannóidís – nó na seirbhísí gairmiúla a d'íocfaidís as- ag cloí le ceanglais reachtúla.

Soláthróidh an Clár dearbhú do thomhaltóirí gur chloí na foirgníochtaithe liostaithe, conraitheoirí agus lucht ceirde leis na ceanglais chláraithe.

Ina theannta sin, chun cosaint bhreise a sholáthar do thomhaltóirí, déanfar breithniú agus tuairisciú ar fhoirmeacha féideartha sásaimh a bheidh ar fáil do thomhaltóirí, lena n-áirítear go bhféadfadh easnaimh folaigh árachais a bheith i gceist.

## Ag Dul i nGleic leis an Scáthgheilleagar

Leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim agus gníomhaireachtaí iomchuí Stáit eile ar aghaidh ag comhrac i gcoinne ghníomhaíochtaí an scáthgheilleagair, lena n-áirítear an earnáil foirgníochta. Tá sé mar phríomhthosaíocht chorparáideach ag na Coimisinéirí Ioncaim aghaidh a thabhairt ar an

scáthgheilleagar, le 25% d'acmhainní comhlíonta na heagraíochta tiomnaithe chun an réimse seo. Le linn 2013, bhi na Coimisinéirí i mbun stiúrtha ar 1,078 iniúchadh ar an earnáil foirgníochta a sholáthar os cionn €36 milliún don Státchiste.

Tá an Grúpa Monatóireachta ar an Eacnamaíocht Cheilte (HEMG), faoi chathaoirleacht na gCoimisinéirí Ioncaim, ag feidhmiú mar ghrúpa neamhreachtúil, a áiríonn gníomhaireachtaí Stáit, comhlachtaí ionadaithe gnó agus ceardchumainn a aithníonn go bhfuil gá le tionscnaimh faoi leith chun aghaidh a thabhairt ar an scáthgheilleagar. Tá sé beartaithe ag an HEMG go mbeadh an earnáil foirgníochta mar réimse fócais ag an eagraíocht in 2014. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh earnáil na tionsclaíochta gníomhach in éadan gníomhaíochtaí scáthacha fud fad na hearnála, trí thacaíocht a sholáthar d'oibreacha an HEMG agus i gcomhthéacs níos leithne.

Tá sé mar chuspóir ag an Straitéis nua Frith-Chalaoise agus Comhlíonadh de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí 2014-2018, a seoladh in Aibreán, cosc a chur ar chalaois áit a bhaint amach sa chóras ar an gcéad dul síos, cur leis an dealraitheacht chun teacht ar éilimh chaloise nó ar éilimh mhíchruinn agus iad a cheartú go tapa; agus na smachtbhannaí i gcoinne iadsan ar rugadh orthu a láidriú. Chun eolas a thabhairt ar fhorbairt na straitéise glacadh le próiseas comhairliúcháin seachtrach agus inmheánach, a d'áirigh i measc nithe faoi leith, baill den nGrúpa Monatóireachta Eacnamaíoch Ceilte, lena n-áirítear iadsan a bhí ag déanamh ionadú thar ceann na hearnála foirgníochta. Ar aon dul le teachtaireachtaí tábhachtacha a d'eascair ón gcomhairliúchán, tá sé mar fhócas ag an straitéis díriú isteach ar an scáthgheilleagar, ar na hearnálacha agus díriú ar na daoine aonánacha a léiríonn go bhfuil an fhéidearthacht acu feidhmiú sa chóras scáthach. Go háirithe , comhoibreoidh an Roinn le gníomhaireachtaí forfheidhmithe agus le gníomhaireachtaí comhlíonta reachtúla eile agus le comhlachtaí earnála ionadaíocha i ndáil leis an earnáil foirgníochta. I gcomhar leis na Coimisinéirí Ioncaim agus le gníomhaireachtaí comhlíonta eile, tá sé beartaithe tabhairt faoi chuairteanna agus chigireachtaí ard-infheictheachta ar shuíomhanna foirgníochta atá maoinithe ag airgead poiblí. Bainfidh critéir riosca faoi leith leis na comhlachtaí agus leis na daoine a roghnaítear le haghaidh athbhreithnithe. Déanfar cigireachtaí ar thógáil aonuaire, ag úsáid eolais óna rialúcháin foirgníochta nua a bheidh faoi chúram na nÚdaráis Áitiúla le haghaidh cead pleanála.

Bhí an Rialtas réamhghníomhach i gcinntiú comhlíonta le forálacha i gConarthaí Oibreacha Poiblí a úsáideadh le haghaidh na bpríomhthionscadal foirgníochta scoile. In Aibreán 2013, rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna conraitheoirí a cheapadh chun iniúchtaí a stiúradh ar thógálacha scoile/coláiste chun fíorú cibé a raibh na forálacha á gcomhlíonadh. Déanfar athbhreithnithe ar shuíomhanna foirgníochta oideachasúla agus seolfar ar aghaidh aon mhírialtacht a faightear chuig na húdaráis chuí chun breithiúnas a thabhairt agus gníomhú dá réir. Sholáthar an Roinn córas gearáin ar líne chomh maith. Tá 13 iniúchadh tugtha chun críche agus ceann fós ar bun. Mar thoradh na n-iniúchtaí, tá cúig thioinscadal curtha ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim, ceann chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí agus ceann chuig an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta.

Le linn 2013, rinne an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta 3,000 chigireacht san earnáil foirgníochta chun comhlíonadh leis na ceanglais shláinte agus shábháilteachta sa láthair oibre a chinntiú. Cabhraíonn sé seo leis an scáthgheilleagar a choinneáil faoi chois chomh maith.

Áirítear chomh maith i mBuiséad 2014, díriú isteach ar an scáthgheilleagar trí cheangaltas a leagan orthusan ar mian leo leas a bhaint as an Dreasacht Athchóirithe Tí, trí chonraitheoirí cáin-comhlíontach a úsáid. Sheol na Coimisinéirí Ioncaim córas tiomnaithe ar líne in Aibreán 2014, a thaifeadfaidh sonraí oibre an chonraitheora agus íocaíochtaí an úinéara chun a chinntiú go gheobhaidh an t-úinéir faoiseamh cánach ar son na hoibre chomh luath agus atá indéanta. Trí úsáid chonraitheoirí comhlíontacha a dhreasú chun dul i mbun conarthaí foirgníochta, laghdaítear ar an míbhuntáiste iomaíoch a bhíonn le sárú ag gnóthaí dlisteanacha le hais na gconraitheoirí a fheidhmíonn sa

scáthgheilleagar.

| AG CUR LE MUINÍN AN PHOBAIL TRÍ RIALÁIL LÁIDIR | | |
|---|---|---|
| **53** | **Leanfar lena chinntiú go gcuirfear Rialúcháin Rialaithe Foirgníochta (Leasú) 2013, i ngníomh agus go dtabharfar isteach pacáiste níos leithne leasuithe rialaithe foirgníochta i gcuideachta rialúcháin nua chun cosaint níos láidre do thomhaltóirí a chinntiú.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | DECLG; Údaráis Áitiúla |

| | | |
|---|---|---|
| **54** | **Forbrófar Creat Oibríochta Comhaontaithe d'Údaráis Rialaithe Foirgníochta chun cleachtais oibre, córais, nósanna imeachta agus cinnteoireacht a chaighdeánú i ndáil le maoirseacht ar ghníomhaíochtaí rialaithe foirgníochta ar fud na hearnála údaráis áitiúil agus chun cur chuige cigireachta na n-údarás rialaithe foirgníochta atá bunaithe ar riosca a chur i ngníomh faoi Mheán Fómhair 2014.** | |
| | **Tráthchlár** | R3 2014 |
| | **Comhlacht freagrach** | DECLG; Údaráis Áitiúla |

| | | |
|---|---|---|
| **55** | **Tabharfar chun tosaigh Ceannteidil Billí faoi dheireadh 2014, a chumasóidh an Clár Tionscail Foirgníochta, clár conraitheoirí, tógálaithe agus lucht ceirde na hÉireann, feidhmiú ar bhonn reachtúil faoi 2015.** | |
| | **Tráthchlár** | R4 2014 |
| | **Comhlacht freagrach** | DECLG; DPER |

| | | |
|---|---|---|
| **56** | **I gcomhar le páirtithe leasmhara sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí, breithneofar agus déanfar tuairisciú ar bhealaí cúitimh do thomhaltóirí agus úinéirí tí, lena n-áirítear an fhéidearthacht maidir le árachas lochta folaigh.** | |
| | **Tráthchlár** | R4 2014 |
| | **Comhlacht freagrach** | DECLG |

| | | |
|---|---|---|
| **57** | **Cur i ngníomh an Achta um Chonarthaí Foirgníochta go hiomlán** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 |
| | **Comhlacht freagrach** | DPER |

| SCÁTHGHEILLEAGAR | | |
|---|---|---|
| **58** | **Leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim agus gníomhaireachtaí iomchuí Stáit eile lena gcuid oibre in éadan gníomhaíochtaí an scáthgheilleagair, lena n-áirítear an earnáil foirgníochta, agus, mar chuid dá gcuid oibre, leanfar ag teagmháil, nuair is cuí, le grúpaí ionadaithe gnó trí oibreacha an Ghrúpa Monatóireachta ar an Eacnamaíocht Cheilte(HEMG) agus trí chruinnithe déthaobhacha. Iarrfar ar chomhlachtaí ionadaíocha tacú le hoibreacha na ngníomhaireachtaí Stáit trí theagmháil leis an HEMG agus le fóraim eile, agus trí eolas a sholáthar.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | Ioncam; DSP; NERA; HSA |

# 9. Ag Feabhsú Oideachais agus Scileanna – Ag Cuidiú le Fostaíocht a Chruthú agus le Dífhostaíocht a Ísliú

Tá sé riachtanach go mbeadh tionscal na foirgníochta oiriúnach don fheidhm, le tacaíocht ó oibrithe dea-cháilithe le hardscileanna.

Tá sé tábhachtach chomh maith go mbeadh na jabanna nua a chruthaítear ar fáil dóibhsean atá dífhostaithe, chun go bhféadfar tairbhe a bhaint as a dtallann agus as a dtaithí saibhir oibre a chuideoidh lenár dtéarnamh. Tá sé mar phríomhfhócas ag an straitéis seo, éascú a dhéanamh ar athrú na n-iar-oibrithe foirgníochta ón mbeochlár, ar ais go dtí an t-ionad oibre.

De réir na sonraí CSO is deireanaí (R4 2013) tá 43,600 duine dífhostaithe faoi láthair a bhí fostaithe in earnáil na foirgníochta roimh sin, (17% den iomlán), ina bhfuil 34,000 dífhostaithe ar feadh tréimhse 12 mhí nó os a chionn.

Tá baol ann nach léiríonn na figiúirí sin tionchar iomlán na faidhbe dífhostaíochta ar oibrithe foirgníochta – aon iar-oibrí foirgníochta a fuair fostaíocht ar bhonn gearrthéarma in aon earnáil eile, tá an duine sin anois rangaithe mar iar-oibrí foirgníochta.

Ní cheadófar don téarnamh geilleagrach iadsan atá ar an mbeochlár a fhágáil ar deireadh. Tá sé mar phríomhthosaíocht ag an Rialtas fostaíocht a chruthú dóibhsean atá dífhostaithe. Leagan *'Pathways to Work'*amach fís agus cur chuige nua maidir lenár seirbhísí leasa shóisialaigh agus fostaíochta. Tá fáil anois ag daoine dífhostaithe ar phróifiliú cliaint, gníomhuithe grúpa luath, agallaimh duine ar dhuine, measúnachtaí scileanna agus taithí, ar oiliúint agus socrúchán oibre, de réir mar a leanfar ar aghaidh ag soláthar oifigí Intreo ar fud na tíre.

Caithfear a chinntiú go nglacfaidh na daoine atá ar an mbeochlár páirt i gcúrsaí oiliúna agus oideachais agus go bhfuil a scileanna ag teacht le riachtanais na hearnálacha nua. Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag soláthar maoiniú tríd an togra SOLAS, an tÚdarás nua Oiliúna agus Oideachas Leanúnach, agus tríd an Údarás um Ard-Oideachas le haghaidh roinnt ionchuir oideachais agus oiliúna atá dírithe ar tacú le daoine dífhostaithe cur lena scileanna agus lena dtaithí le cáilíochtaí nua sna réimsí ina bhfuil deiseanna fostaíochta ag méadú.

Chuir an Roinn Oideachais tús le MOMENTUM in 2013. Tacaíonn MOMENTUM le hoideachas agus le tionscadail oiliúna saor in aisce a sholáthar, a cheadóidh 6,500 cuardaitheoir poist fádtéarmacha scilleanna a aimsiú agus teacht ar dheiseanna fostaíochta sna hearnálacha ainmnithe. Tá sé beartaithe 2,000 áit ar a laghad a sholáthar do dhaoine óga in 2014 faoi atriall nua an Chláir MOMENTUM.

Seoladh an tionscnamh Springboard in 2011 mar chud de thionscnamh fostaíochta an Rialtais, a cuireadh i bhfeidm de bharr gur aithníodh nach mbeadh fáil arís ar formhór na bpost a cailleadh sna hearnálacha faoi leith, lena n-áirítear an earnáil foirgníochta, fiú nuair a thiocfadh borradh faoi chúrsaí eacnamaíoch arís, agus nach mbeadh scileanna agus cáilíochtaí na ndaoine a bhí fostaithe sna hearnálacha sin feiliúnach chun riachtanais na n-earnálacha nua a shásamh. Faoi láthair tá 15,500 duine a ghlac páirt i gcláir Springboard.

D'iarr an tairiscint a rinne Springboard le haghaidh babhta 2014, go gcuirfí tograí le haghaidh cláir i réimsí foirgníochta faoi leith ar fáil, lena n-áirítear bainistíocht agus ceirdeanna éagsúla le béim faoi leith ar oibriú agus ar iomaíocht idirnáisiúnta, ar dul i ngleic le féidearthacht teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (ICT), Múnlú Faisnéise Foirgníochta (BIM), 'glasú'na hearnála foirgníochta, acmhainn bhainistíochta, agus suirbhéireacht chairte. Cé go bhfuil soláthar saothair breise ann faoi láthair, is samplaí iad na réimsí sin de scileanna faoi leith atá i ngannchúis. Soláthraíonn an glaoch nua ó

Springboard, deis láithreach le haghaidh cumainn agus gnólachtaí ón earnáil foirgníochta chun dul i mbun comhpháirtíochta le soláthraithe oideachais agus oiliúna chun tograí le haghaidh maoiniú a chur san áireamh chun bearnaí scileanna a líonadh.

Ní mór claonadh dearfach a chothú chun tacú leis na dífhostaithe filleadh ar an obair. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh chun é sin a spreagadh – agus chun a chinntiú go bhfuil fostóirí eolach ar na dreasachtaí, cosúil le JobsPlus (inar féidir leis an bhfostóir €7,500 - €10,000 a bhailiú ar son duine a earcú atá dífhostaithe ar feadh tréimhse 12 mhí). Tá rannpháirtíocht an fhostóra ríthábhachtach chun daoine a threorú ar ais chuig an láthair oibre. Caithfear a chinntiú go ndearcann fostóirí féideartha ar an mbeochlár mar acmhainn luachmhar a sholáthraíonn foinse oibrithe féideartha le cáilíochtaí agus le hardscileanna.

Tá gá lena chinntiú go mbeidh scileanna cuí agus saineolas ar fáil chun earnáil foirgníochta iomaíoch a éascú anois agus amach anseo. Tá gá go ndéanfaí íomhá na hearnála níos tarraingtí, a chinnteodh le tallann óg a mhealladh. Caithfear a chinntiú go bhfuil na scileanna a soláthraítear ag teacht leis an éileamh ardaithe ar theicneolaíocht, faisnéis agus cumarsáid (ICT) san earnáil, an éileamh atá ar thionscal íonghlan agus córais feabhsaithe táirgiúlachta agus ar Mhúnlú Faisnéise Foirgníochta (BIM), mar shampla, gnéithe a bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leo i soláthar infreastruchtúIr fheiliúnaigh le haghaidh tionscail atá ag feidhmiú faoi thacaíocht an Údaráis Forbartha Tionscail (IDA).

Sa meán go fadtéarma, éileoidh earnáil nuálach, iomaíoch, inbhuanaithe comhpháirtíocht dlúth le soláthraithe oideachais agus oiliúna agus le tionscal ina mbeidh an dá ghrúpa sásta an fhreagracht a iompar. Tá ceangail seanbhunaithe idir chumainn tionsclaíocha san earnáil foirgníochta, cosúil le Innealtóirí na hÉireann agus Cumann na Suirbhéirí Cairte agus institiúidí tríú leibhéal i bhforbairt agus i gcreidiúnú cláir fochéime agus iarchéime. Tá gaolmhaireacht dá leithéid tábhachtach chun ailíniú leanúnach na gclár agus na riachtanas scileanna athraitheach a chinntiú.

Rinneadh athbhreithniú ar chóras na bprintíseacht in Éirinn, ar aon dul le dea-chleachtas idirnáisiúnta. I measc na moltaí a dearnadh a raibh baint faoi leith acu leis an earnáil foirgníochta, áiríodh:

- deireadh a chur le socrúchán cineálach ag leibhéal 6 den chreat náisiúnta cáilíochtaí le haghaidh cláir phrintíseachta;
- go ndéanfar athbhreithniú agus uasdhátú ar an gcuraclam maidir le gach grúpa ceirde mar chúis phráinne;
- gur chóir uasteorainn agus íosteorainn na leibhéil earcaíochta a scrúdú, chun go mbeidh na cláir deartha chun freastal ar riachtanais an mhargaidh oibre, ag seachaint ganntanais scileanna; agus
- deiseanna chun dul chun cinn a láidriú agus cáilíocht cheirde máistreachta a áireamh.

Cuireadh tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Printíseachta faoi bhráid na Roinne in 2013, agus foilsíodh an tuarascáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna in Eanáir 2014.

Tá breithniú a dhéanamh ar chur i ngníomh mholtaí na tuarascála i gcomhthéacs creata a bhunú le haghaidh córas forbartha printíseachta amach anseo. Ar dtús, áirítear rannpháirtíocht na Roinne le SOLAS, leis an Údarás um Ard-Oideachas, le Caighdeán agus Cáilíochtaí Éireann, le hionadaithe ceardchumainn agus gnó agus le hionadaithe soláthraithe ardoideachais agus breisoideachais. Táthar i mbun comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus tá socruithe á bhforbairt chun na moltaí a chur i ngníomh. Forbrófar plean feidhmithe chun na printíseachtaí atá ann cheana féin a fhorbairt a thuilleadh agus chun cé mar a ndéanfar dul chun cinn ar phrintíseachtaí atá ag forbairt san hearnálacha nus a mheas. Déanfar an plean a thabhairt chun críche faoi lár na bliana seo.

Cuirfear chun cinn moltaí iomchuí le haghaidh na hearnála foirgníochta go luath i mbliana chun a chinntiú go gcuirfear na cláir phrintíseachta is fearr ar fáil dár ndaoine óga de réir mar a thagann ardú ar éileamh saothair oilte.

Ina theannta sin, tá an t-athbhreithniú ar theastas cáilíochtaí na Scéime Deimhniúcháin Scileanna Foirgníochta (FETAC/QQI) tábhachtach don tionscal i ndáil le soghluaisteacht an luchta oibre. Cumasaítear cáilíochtaí proifisiúnta na n-oibrithe ag teacht chun na tíre seo a aithint, chomh maith le comhlachtaí Éireannacha atá i mbun oibre sna ballstáit eile.

| AG TACÚ LE SCILEANNA AGUS OIDEACHAS | | |
|---|---|---|
| 59 | **Tá sé de chúram ar an Sainghrúpa Scileanna Todhchaí (EGFSN) na riachtanais scileanna a bheidh ag teastáil san earnáil a aithint agus spriocbhearta a chur i ngníomh chun a chinntiú gur féidir freastal ar an éileamh. Tabharfar tosaíocht do dhíriú ar bhearnaí scileanna a aithnítear.** | |
| | **Tráthchlár** | R4 2014 agus leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | EGFSN; SOLAS, HEA |

| | | |
|---|---|---|
| 60 | **Díriú ar bhearnaí scileanna i ndáil le 'glasú' foirgníochta trína chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm gníomhaíochtaí Build-Up Skills Ireland lena n-áirítear píolótú ar thionscnaimh oiliúna.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | DES; DECLG; DCENR; Institiúidí Tríú Leibhéal; Comhlachtaí |

| | | |
|---|---|---|
| 61 | **Tabhairt faoi Oibreacha Bainistíochta píolótach Skillnets a chur chun cinn, tionscnamh oiliúna forbartha bainistíochta le haghaidh fiontair bheaga agus meánmhéide (SME) chun tógáil ar ráta glactha na hearnála atá íseal faoi láthair.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | DES; Comhlachtaí Ionadaíocha Tionscail |

| | | |
|---|---|---|
| 62 | **Na naisc idir gnólachtaí earnála foirgníochta, comhlachtaí proifisiúnta agus soláthraithe oideachais agus oiliúna a fheabhsú chun a chinntiú go ndéanfar ailíniú leanúnach ar chláir le riachtanais na scileanna atá ag teacht chun cinn.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | Tionscal; Institiúidí Tríú Leibhéal; SOLAS; HEA |

| | | |
|---|---|---|
| **63** | **Leanacht ar aghaidh le cláir shocrúcháin iarchéime idirnáisiúnta a fuair formhuiniú láidir lena n-áirítear clár Céimithe Fhiontraíocht Éireann le haghaidh Fás Idirnáisiúnta, Clár um Dhíriú ar Easpórtáil IBEC agus Comhaltachtaí Farmleigh agus cur chun cinn gníomhach na hearnála foirgníochta** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | EI |

| | | |
|---|---|---|
| **64** | **Trí ullmhúchán agus trí chur i ngníomh na Straitéise Oiliúna agus Oideachais Breise go leanúnach, oibreoimid chun soláthar a ailíniú le riachtanais na bhfiontar a chinntiú le haghaidh gairmoiliúint san earnáil foirgníochta.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 agus Leanúnach 2014 |
| | **Comhlacht freagrach** | DES |

**AG TACÚ LE DAOINE DÍFHOSTAITHE GO FADTÉARMACH**

| | | |
|---|---|---|
| **65** | **Comhoibreoimid leis an tionscal foirgníochta chun a chinntiú go bhfuil fostóirí ar an eolas faoi dhreasachtaí chun daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a earcú, agus obair leis an tionscal chun tograí a fhorbairt a thacóidh le hoibrithe foirgníochta atá dífhostaithe le fada filleadh ar ais ar an obair.** | |
| | **Tráthchlár** | R3 2014 agus Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | DSP; Tionscal |

**ATHBHREITHNIÚ PRINTÍSEACHTA**

| | | |
|---|---|---|
| **66** | **Déanfar breithniú ar mholtaí an Ghrúpa Athbhreithnithe Printíseachta agus rachfar i mbun comhairliúcháin le páirtithe leasmhara iomchuí chun teacht ar an gcur chuige is fearr le haghaidh moltaí faoi leith a chur i ngníomh agus chun léiriú spéise a fháil ó ghrúpaí tionscail agus earnála ar mian leo tacaíocht a sholáthar agus a bheith páirteach agus tús a chur leis an múnla nua printíseachta. Cuirfear chun cinn moltaí iomchuí le haghaidh na hearnála foirgníochta i mbliana chun a chinntiú go gcuirfear na cláir phrintíseachta is fearr ar fáil dár ndaoine óga de réir mar a thagann ardú ar éileamh saothair oilte.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 agus Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | DES |

# 10. Iomaíochas, Nuálaíocht agus Idirnáisiúniú

Is modh oibre é an Plean Gnímh do Phoist chun iomaíochas a chur chun cinn. Tá plean 2014 tiomnaithe chun fócas a dhíriú ar iomaíochas ar fud an gheilleagair in 2014. Tá gnólachtaí go leor fós ag déileáil le costais arda. Tá gnólachtaí eile ag déileáil le saincheisteanna oidhreachta, a chruthaíonn deacrachtaí dóibh agus iad ag iarraidh infheistíocht a aimsiú. Tá gnólachtaí eile fós nach bhfuil na hacmhainní acu chun tairbhe a bhaint as na deiseanna fáis. Tríd an gcóras Coiste Comh-Aireachta, an Coiste Comh-Aireachta um an Téarnamh Eacnamaíochta agus Poist go háirithe, déanfaidh an Rialtas monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéantar ar shaincheisteanna iomaíocha a aithníonn an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus comhairlí eile, agus déanfar breithniú ar ghníomhaíochtaí breise chun iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann a fheabhsú agus le tionscnaimh a chuideodh le gnó a dhéanamh in Éirinn a scrúdú. Áireoidh an obair seo gníomhaíochtaí chun: athbhreithniú a dhéanamh ar na príomhshaincheisteanna iomaíochais le haghaidh gnó, lena n-áirítear iomaíochas costais go háirithe, agus gníomhú ar na príomh-dhúshláin a aithnítear; athbhreithniú a dhéanamh ar na príomh-dhúshláin i dtéarmaí éascaíochta mar a bhaineann le gnó a dhéanamh in Éirinn agus gníomhú ar na príomh-dhúshláin a aithnítear; agus déanamh cinnte go n-áireoidh an Rialtas tuarascáil ar shaincheisteanna iomaíochais agus ar an dul chun cinn atáthar a dhéanamh chun díriú orthu ag gach ráithe.

Tionscal foirgníochta iomaíoch atá bunaithe ar dea-chleachtais atá mar fhís againn. Teastaíonn earnáil foirgníochta inbhuanaithe atá iomaíoch, nuálach agus idirghníomhach chun freastal ar riachtanais intíre agus chun greim a bhaint amach sna margaí thar lear chomh maith. Leanfar ag fiosrú bealaigh chun easportálacha agus idirnáisiúniú a ghríosú san earnáil. Infheisteoidh an ISIF amach anseo i gcomhlachtaí foirgníochta na hÉireann ar mian leo leathnú amach sna margaí idirnáisiúnta.

Oibríonn Fiontraíocht Éireann go dlúth le heaspórtálaithe earnála foirgníochta ionchasacha i réimsí ar nós taighde margaidh, oiliuint bhainistíochta, comhpháirtíocht, taithí comhchéime cliaint agus tacaíochtaí margaidh. Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le Cláir Forbartha Bainistíochta Cliaint fadtéarmach agus meántéarmach, lena n-áirítear na cláir *Management 4 Growth* agus *Business Accelerator,* clár agus Comhairleacht Straitéiseach; próiseas 'Marketing Sales Strategy Review'; agus an clár Lean Start.

Tá an dul chun cinn atá a dhéanamh i modhanna foirgníochta, ábhair thógála, ICT, agus cumarsáid dhomhanda ag athrú na hearnála. Tá Múnlú Faisnéise Foirgníochta (BIM) mar uirlis láidir ag tiomáint éifeachtúlachta agus ag ardú táirgiúlachta in earnáil na foirgníochta agus ag feidhmiú mar cheangaltas caighdeánach go hidirnáisiúnta. Tá tús curtha ag Fiontraíocht Éireann le clár Start BIM, an chéad staid de chlár trí chuid a thacóidh le comhlachtaí mapa straitéiseach a fhorbairt, a bhfuil sé de chuspóir acu a dtáirgí agus a seirbhísí a chur ar fáil le haghaidh riachtanais faisnéise na ndearthóirí agus na gconraitheoirí. I measc na bhfeabhsuithe sa nuálaíocht agus san éifeachtúlacht áirítear an méid úsáide a bhaintear as córais e-pleanála. Beidh glacadh le teicneolaíochtaí nua, agus le modhanna foirgníochta nua-aimseartha ríthábhachtach le haghaidh fiontair thógála iomaíocha inbhuanaithe.

Féadfaidh táirgiúlacht ardaithe trí scileanna agus oiliúint fheabhsaithe agus trí ghlacadh le teicneolaíocht, difríochtaí móra maidir le costais, feidhmíocht thógála agus seachadadh tionscadail a dhéanamh. Tá costais foirgníochta mar phríomhshaincheist le haghaidh tionscal iomaíoch. Tá sé tábhachtach go léiríonn iomaíochas costais ardaithe athrú struchtúir seachas athrú timthriallach. Féadfar bearta a chur i bhfeidhm chun an costas a bhaineann le seirbhísí proifisiúnta a laghdú, mar shampla an Bille um Rialáil Seirbhísí Dlí 2011, a ardaíonn iomaíochas sa mhargadh seirbhísí dlí trí shriantachtaí nach bhfuil aon riachtanas ag baint leo a thógáil as an áireamh ar an modh ina ndéantar seirbhísí dlí a sholáthar, a thacaíonn le laghdú ar chostais d'earnálacha an gheilleagair go huile, lena n-áirítear an earnáil foirgníochta.

## E-Tíolacadh

Áirítear ar phríomhpháirt den mhargadh réadmhaoine, na próisis a úsáidtear chun aistriú teidil idir ceannaitheoir agus díoltóir a chur faoi urrús, ar a dtugtar tíolacadh go hiondúil. Ó léirigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí den chéad uair an tábhacht a bhain le hathrú chuig córas e-tíolacadh in 2005, chuir an tÚdarás Clárúcháin Maoine (PRA) go mór lena réimse seirbhísí e-clárúcháin ar líne go gairid tar éis thrasdul an Údaráis chuig clárúchán leictreonach náisiúnta d'úinéireacht réadmhaoine (m.sh. 4,000 idirbheart gnó ag íoc táille in aghaidh an lae le 60% d'urscaoileadh morgáistí taiscthe go leictreonach agus curtha i gcrích taobh istigh de dhá lá lóisteála). Leanann an PRA ag soláthar tionscnaimh chlárúcháin leictreonacha. In ainneoin go bhfuil an próiseas tíolactha seo, ag tógáil san áireamh an méid ama a thógann na hiomaitheoirí ar fad sa phróiseas chun athrú in úinéireacht réadmhaoine a dhaingniú, atá bunaithe ar pháipéarachas den chuid is mó agus a thógann achar díríreach ama chun an teideal a aistriú chuig an úinéir nua chomh luath agus a bhíonn na téarmaí an idirbhirt aontaithe. Tá na foréilimh ar theideal a éilítear ar ionadaí dleathach an cheannaitheora a dhéanamh sula ndéantar an margadh in ann moill mhór a tharraingt – inar féidir 60 ceannteideal faoi leith a áireamh.

Dá bhrí sin, d'fhéadfadh córas e-tíolacadh a úsáideann teicneolaíocht nua-aimseartha a chuidíonn le huinéireacht réadmhaoine a aistriú go tapa, córas níos nua-aimseartha, éifeachtúla, éifeachtúla ó thaobh costas de agus córas níos sábháilte a sholáthar chun tacú le hidirbhearta sa mhargadh réadmhaoine amach anseo. Éileoidh an t-aistriú chuig córas e-Tíolactha ar roinnt ghnéithe breise seachas na forbairtí beartaithe a chur i ngníomh chun tarchuir chumarsáide a dhaingniú, bainistíocht agus íocaíochtaí idir pháirtithe agus sínithe digiteacha a chruthú agus a bhainistiú. Aithnítear go n-éileoidh an obair seo ionadaíocht an luchta dlí, an earnáil bhaincéireachta agus ar na gníomhaireachtaí reachtúla iomchuí comhoibriú go dlúth lena chéile, agus d'fhéadfaí cur le hobair a rinneadh ar an saincheist seo cheana féin faoi choimirce an Chumainn Dlí.

| AG TACÚ LE LEATHADH IDIRNÁISIÚNTA AGUS LE DUL CHUN CINN TEICNEOLAÍOCHTA | | |
|---|---|---|
| **67** | **Leanacht ag tacú le leathadh na gcomhlachtaí foirgníochta sna margaí idirnáisiúnta, go háirithe trí bhearta a thacaíonn le tógáil acmhainne i mbainistíocht agus in oiliúint agus trí thacaíocht na nAmbasáidí agus na n-oifigí Fiontar Éireann thar lear.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | EI |

| | | |
|---|---|---|
| **68** | **Leanacht le cur chun cinn Clár Lean Start Fiontar Éireann, agus comhlachtaí foirgníochta a chur ar aghaidh chuig na staid seo a leanas, Plus and Transform. Clár forbartha BIM a chur i ngníomh chun tacú le comhlachtaí dul ar aghaidh chuig Leibhéal BIM 2.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | EI |

| | | |
|---|---|---|
| **69** | **Oibriú le heagraíochtaí tionscail chun BIM a chur chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar scileanna teicneolaíochta i measc na gcomhlachtaí foirgníochta Éireannacha chun go bhféadfaidh na comhlachtaí a bheith iomaíoch i margaí ina bhfuil BIM in úsáid go forleathan nó mar riachtanas.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | EI / Ionadaithe Tionscail |

| | | |
|---|---|---|
| **AG TACÚ LE COMHOIBRIÚ, TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT** | | |
| **70** | **Clár braislithe margadh-threoraithe píolótach don earnáil phoiblí a fhorbairt chun comhoibriú a spreagadh idir gnólachtaí earnála foirgníochta atá bunaithe in Éirinn, earnálacha tionscail iomchuí eile agus an pobal taighde, a léireodh go hidirnáisiúnta acmhainní na hÉireann i dtáirge réamhthráchtálach agus forbairt seirbhíse, ag seirbhísiú cuspóirí beartais ag leibhéal náisiúnta i gcomhthéacs an Chláir Leasúcháin Náisiúnta Reatha (go háirithe cuspóirí athrú aeráide). Ba chóir go gcuimseodh tionscadal dá leithéid gníomhaíochtaí ó thaighde feidhmeach go táirgeadh píolóta (m.sh. tithe cliste nó infreastruchtúr cliste).** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | DJEI agus Ranna Rialtais eile |

| | | |
|---|---|---|
| **71** | **Teagmháil idir comhlachtaí earnála foirgníochta agus institiúidí tríú leibhéal a spreagadh agus leanacht ag cur chun cinn cláir nuálacha lena n-áirítear Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta, Dearbháin Nuálaíochta, Compántas Tionscail agus Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha chun tacú le tionscadail R&D i gcomhoibriú leis an earnáil tríú leibhéal.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | EI / Comhlachtaí Ionadaíocha Tionscail / DES / HEIs |

| | | |
|---|---|---|
| **72** | **Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun téamaí taighde iomchuí a chur chun cinn, comhoibriú le taighdeoirí in HEI na hÉireann agus le tionscail iomchuí, i nglaonna cistithe taighde: Éifeachtúlacht Fuinnimh agus inbhuanaitheacht comhshaoil; uisce agus fuíoll.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 |
| | **Comhlacht freagrach** | SFI |

| | | |
|---|---|---|
| **73** | **I gcomhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara (lucht dlí agus an earnáil baincéireachta) déanfar athbhreithniú agus tuairisciú ar na céimeanna a éilítear chun córas e-tíolactha a chur ar fáil in Éirinn, lena n-áirítear na himpleachtaí acmhainne agus an méid ama a thógfaidh seachadadh.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | Údarás Clárúcháin Réadmhaoine agus Ranna Rialtais iomchuí eile |

# 11. Cur i nGníomh agus Maoirseacht

Ní éireoidh leis an straitéis gan cur i ngníomh daingean ar gach ceann de na 75 gníomhaíochtaí. Tríd an bpróiseas Plean Gnímh do Phoist agus tríd an gcóras Coiste Comh-Aireachta, an Coiste Comh-Aireachta um an Téarnamh Eacnamaíochta agus Poist ach go háirithe, cinnteoimid go ndéanfar cur chuige Rialtais a chur i ngníomh.

Déileálfaidh na Coistí Comh-aireachta ar Infreastruchtúr Geilleagrach, ar Riaráistí Morgáiste, agus Soláthar Creidmheasa le saincheisteanna a bhaineann lena sainchúram féin.

Tá go leor de na gníomhaíochtaí atá leagtha amach anseo riachtanach agus dírithe ar an dúshlán láithreach a bhaineann le hathshlánú a chothú in earnáil ina bhféadfaí fostaíocht inbhuanaithe a chruthú. Tá gníomhaíochtaí eile ailínithe chun a chinntiú go bhfanfaidh an earnáil ag fás go hinbhuanaitheach, ag soláthar ár riachtanais tithíochta agus infreastruchtúir go héifeachtach, go hiomaíoch agus ar na caighdeáin is airde nuálaíochta, caighdeáin agus gairmiúlachta

Bunófar Grúpa Earnála Foirgníochta, faoi chathaoirleacht Ard-Rúnaí Roinn an Taoisigh, chun tacú le seachadadh na straitéise seo, agus chun teagmháil a dhéanamh le tionscail i ndáil le saincheisteanna forbartha faoi leith le haghaidh na hearnála.

| **CUR I NGNÍOMH AGUS MAOIRSEACHT** | | |
|---|---|---|
| **74** | **Déanfaidh an Coiste Comh-Aireachta um an Téarnamh Eacnamaíochta agus Poist breithniú ar shaincheisteanna tógala agus réadmhaoine uair sa ráithe, agus déanfaidh Coistí Comhaireachta eile breithniú ar shaincheisteanna a bhaineann lena sainchúram féin ar bhonn rialta.** | |
| | **Tráthchlár** | Leanúnach |
| | **Comhlacht freagrach** | D/Taoiseach |

| | | |
|---|---|---|
| **75** | **Grúpa Earnála Foirgníochta a sheoladh chun tacú le cur i ngníomh na straitéise seo le fócas ar ghníomhaíochtaí gartéarmacha. Oibreoidh an grúpa seo i gcuideachta an Choiste Comh-Aireachta um an Téarnamh Eacnamaíochta agus Poist. Beidh an grúpa bunaithe ar feadh tréimhse bliana agus déanfar athbhreithniú ar an ngrúpa ag an tráth sin.** | |
| | **Tráthchlár** | R2 2014 |
| | **Comhlacht freagrach** | D/Taoiseach |

# Achoimre maidir leis na Bearta de réir na Ráithe

## Ráithe 2 2014

| Beart | Comhlachtaí Freagracha | Tráthchlár |
|---|---|---|
| Creat Náisiúnta don Soláthar Tithíochta a chur ar bun, ionas go gcinntítear cur chuige cothrom trína mbíonn an soláthar tithíochta á thabhairt leis an éileamh measta agus trínar féidir aon éagothroime a bheadh i ndán a shonrú agus a chur ina cheart go luath ina theacht chun cinn. Beidh bonn reachtaíochta á chur faoi seo agus Ráiteas Náisiúnta le foilsiú i mí Meithimh gach bliain maidir leis an Soláthar agus leis an Éileamh Tithíochta. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil; Ná hÚdaráis Áitiúla; An Phríomh-Oifig Staidrimh; An Roinn Oideachais & Scileanna; An Ghníomhaireacht Tithíochta; geallsealbhóirí eile | R22014; Go Leanúnach |
| Cuirfear Tascfhórsa Comhordúcháin maidir leis an Soláthar Tithíochta i mBaile Átha Cliath ar bun lena mbeidh béim ón tús ar dhul i ngleic le ceisteanna soláthair. Oibreoidh an Tascfhórsa go dlúth le lucht an tionscail agus le páirtithe eile, ina measc na dreamanna ar a leagtar freagracht maidir le bonneagar príomhthábhachta (mar shampla, scoileanna) d'fhonn aon bhac a chuirtear roimh fhorbraíocht oiriúnach inmharthana a thabhairt chun aire agus dul i ngleic leis. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil;Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath;An Roinn Oideachais &Scileanna;An Ghníomhaireacht Tithíochta;gníomhaireachtaí eile lena mbaineann | R22014; Go Leanúnach |
| Scrúdófar na bacanna is mó roimh soghluaisteacht i gcúrsaí tithíochta agus cuirfear moltaí os comhair an Rialtais. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil;An Roinn Airgeadais | R22014 |
| Ag teacht leis an ngealltanas i gClár an Rialtais, rithfear reacht maidir le scéim chosanta taiscí maidir le tionóntacht chóir den fhollasacht. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil | R22014 |
| Tabharfar chun críche an t-athbhreithniú maidir lena n-éilítear faoi Chuid V, ionas go gcinntítear go dtugtar a bhfuil d'aidhm leis i gcrích, agus tabharfar chun cinn aon leasú ar an reachtaíocht is gá de bhun an athbhreithnithe. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil;Na hÚdaráis Áitiúla | R22014 |
| Foilseofar an Plean Forfheidhmiúcháin maidir le Daoine gan Dídean i rith R2 2014, agus cuirfear na moltaí príomhthábhachta as an gCéad Tuarascáil de chuid an Ghrúpa Maoirseachta maidir le Daoine gan Dídean i bhfeidhm i rith R2 2016. | An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil;An Roinn Coimirce Sóisialaí; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; Na hÚdaráis Áitiúla | R22014 agus R4 2016 |
| Cuirfear moltaí os comhair an Rialtais faoi chreat náisiúnta pleanála a thabhairt chun cinn agus foilseofar ráiteas beartais maidir le cúrsaí pleanála. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil | R22014 |
| Foilseofar scéim ghinearálta maidir le Bille Pleanála chun na forálacha pleanála ó Bhinse Fiosrúchain Mahon a chur i bhfeidhm, ionas gur féidir Rialálaí Pleanála neamhspleách a chur ar bun, agus chun foráil do bhearta eile a bhaineann le cúrsaí pleanála a shonraítear sa Straitéis seo. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil | R22014 agus go leanúnach 2014 |
| Cinnteofar gur féidir le lucht forbraíochta leas a bhaint as ranníocaíochtaí forbartha níos ísle i ndáil le cead pleanála atá tugtha cheana féin agus nach bhfuil feidhm baint as agus rithfear reachtaíocht chun na críche sin. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil | R22014 agus go leanúnach 2014 |

| | | |
|---|---|---|
| Cuirfidh Uisce Éireann dréacht de Pholasaí Ceangal faoi bhráid an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh lena aontú (tar éis comhairliúchán poiblí) agus tiocfaidh sin in áit oibreacha caipitil maidir le bonneagar uisce agus dramhaíola a mhaoiniú trí ranníocaíochtaí forbartha. | Uisce Éireann agus an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh | R22014 |
| Oibreofar le húdaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath chun cuidiú le tionscnamh 'preab chun tosaigh' i ndáil le limistéir forbraíochta mhór-ráchairte sa chás go ndearnadh infheistíocht shuntasach ó thaobh bonneagair cheana. Tabharfar san áireamh leis sin solúbthacht maidir le dlús na gcéimeanna tosaigh de thograí forbraíochta nua ar mhórscála faoi réir ag dlúis níos airde a bhaint amach sna céimeanna ina dhiaidh sin ionas go mbíonn bonn daingean faoi fhorbraíocht inmharthana. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil | R22014 agusgo leanúnach |
| Scrúdófar cén scóip a bheadh ann do phróiseas níos caomhchóirithe maidir le cead pleanála agus achomhairc i ndáil le leasú ar chead pleanála atá tugtha cheana féin agus déanfar foráil d'aon socruithe nua sa Bhille Pleanála nua. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil | R22014 agus go leanúnach 2014 |
| Cuirfear ar chumas na n-údarás áitiúil a cheangal ar iarratasóirí ar chead pleanála maidir le tograí tithíochta ar mhórscála an tráthchlár don obair forbraíochta a lua, agus leasú a dhéanamh maidir le tréimhse an chead pleanála sa chás nach gcuirtear tús leis an bhforbraíocht de réir an sceidil agus nach luaitear cúis mhaith leis sin. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil | R22014 agus go leanúnach 2014 |
| Tabharfar isteach agus forbrófar cur chuige forfheabhsaithe maidir leis an tseirbhís don chustaiméir ar mhaithe le gach duine a mbíonn baint acu leis na céimeanna uile sa phróiseas pleanála. Áireofar leis sin:<br><br>freastal do bhéim níos mó ar r-phleanáil agus glacadh le r-tháillí;<br><br>modhanna nua seirbhísí i gcomhar a thabhairt chun cinn maidir le scileanna riachtanacha saineolais; agus<br><br>bunaithe ar an taithí faoin Acht Bonneagair Straitéisí, cinntiú go ndéanann na húdaráis pleanála caidreamh go forbheartach i ndáil le forbraíocht bheartaithe ar mhór scála agus go ndéanann siad plé réamhphleanála go tráthúil nuair a iarrtar sin agus go leagtar amach go mionchúiseach an cháipéisíocht a bheidh de dhíth. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil; Údaráis Áitiúla | R22014 agus go leanúnach 2014 |
| Tabharfar faoi mheas an ceart deireadh a chur le dreasacht a d'fhéadfadh a bheith ag baint le socruithe faoi láthair maidir le rátaí tráchtála ionas gurbh fhearr le húinéirí árais a fhágáil folamh nó go dtabharfaidís go mbeidís folamh. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil; An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; Údaráis Áitiúla | R22014 agus go leanúnach 2014 |
| Déanfar scrúdú an bhféadfaí a chur ar chumas na n-údarás áitiúil, sa chás gurbh é ba mhian le húdarás a dhéanamh, bearta nua a ghlacadh chucu féin ionas go mbeadh dreasacht ag baint le láithreán folamh a úsáid agus le forbairt a dhéanamh air**.** | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil | R22014 agus go leanúnach 2014 |
| Tabharfar faoi athbhreithniú gairid ar na socruithe reatha maidir le Criosanna Forbraíochta Straitéiseacha, le comhairle ó na geallsealbhóirí, agus déanfar aon bhearta riachtanacha chun feabhais chomh luath agus is féidir. Tiocfaidh san áireamh leis sin cíoradh ar mhodhanna le caomhchóiriú a thabhairt ar phróisis agus déanfar a mheas an úsáidfear forálacha an Achta um Infheistíocht Straitéiseach in éineacht le Criosanna Forbraíochta Straitéiseacha. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil; NAMA, Uisce Éireann, New Era agus páirtithe leasmhara eile | R22014 agus go leanúnach 2014 |

| | | |
|---|---|---|
| Leis an sárchleachtas go hidirnáisiúnta mar lón eolais, rithfear reachtaíocht chun clárúchán roghanna a thabhairt isteach ar thalamh chun críche forbraíochta ionas go gcinntítear follasacht sa mhargadh. | An tÚdarás Clárúcháin Maoine; An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais; An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil; Oifig na nOibreacha Poiblí | R22014 agus go leanúnach 2014 |
| Athbhreithniú maidir le conarthaí oibreacha poiblí a thabhairt chun críche agus, ag eascairt ón athbhreithniú sin, moltaí a thabhairt os comhair an Rialtais agus aon athruithe a n-aontaítear mar gheall orthu a chur i bhfeidhm. | An Oifig um Sholáthar Rialtais Sholáthar Rialtais | R22014 Agus R3 2014 |
| Déanfar soláthar do bheart tacaíochta suntasach nua maidir le hinfheistíocht ar an bhfeirm sa Chlár Forbartha Tuaithe 2014-2020 atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh faoi lár na bliana. | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | R22014 |
| Cuirfear Grúpa Oibre Ardleibhéil ar bun leis na bancanna, NAMA agus geallsealbhóirí príomhthábhachta eile, faoi chathaoirleacht na Roinne Airgeadais, chun plé a dhéanamh ar chistíocht inbhuanaithe bainc d'earnáil na foirgníochta. Cuirfidh an Grúpa seo, ar an gcéad dul síos, tuarascáil eatramhach os comhair an Choiste Comh-Aireachta um Riaráistí Morgáiste agus Soláthar Creidmheasa i rith an dara ráithe agus tuarascáil chríochnúil i rith R3 ina ndéantar: an leibhéal reatha maidir le soláthar cistí forbraíochta a shonrú; na bacanna atá roimh mhéadú ar an soláthar maidir le hairgead forbraíochta a shonrú chomh maith le modhanna inar féidir an cás sin a leigheas; scrúdú ar na modhanna is fearr chun freastal do réiteach ar aighneas maidir le cistí forbraíochta a chur ar fáil agus na téarmaí a ghabhann leo. Cuirfear tuairisc faoi bhráid an Choiste Comh-Aireachta uair sa ráithe faoin soláthar cistí. Pléifidh an Coiste Comh-Aireachta an cás agus déanfar, más gá, bearta breise a leagan amach go gcinntítear margadh atá ag feidhmiú mar is ceart. | An Roinn Airgeadais; NAMA; NPRF; CBI; geallsealbhóirí mórthábhachta eile | R22014,R32014 agus go leanúnach |
| Déanfaidh an Grúpa Oibre Ardleibhéil iniúchadh freisin ar roghanna cistíochta nach mbaineann leis na bancanna, ina measc: díriú ar na bearnaí idir mhéid an chiste forbraíochta a thairgíonn na bancanna agus an tsuim is gá chun an togra a thabhairt i gcrích; lón eolais a bhaint as an sárchleachtas go hidirnáisiúnta maidir le córais nua cistíochta den nuáil, lena n-áirítear córais hibrideacha lena mbaineann gnóthais eile seachas bancanna; treisiú le foinsí forlíontacha airgid a bheith ar fáil do thograí tithíochta agus tráchtála, e.g. maoiniú agus cothromas mezzanine, ar théarmaí inseasta agus freastal do mhaoiniú a chur ar fáil ó chistí speisialta, NAMA agus ISIF; agus an scóip a bhainfeadh le caipiteal breise ó thíortha thar lear a mhealladh isteach maidir le maoiniú forbraíochta. Cuirfear tuarascáil tosaigh faoi bhráid an Choiste Comh-Aireachta i rith R2 2014 agus tuarascáil chríochnúil i rith R4 2014. | An Roinn Airgeadais; NAMA;NPRF; agus geallsealbhóirí mórthábhachta eile | R22014 agus R4 2014 |
| Oibriú le soláthraithe morgáistí agus le páirtithe leasmhara eile ionas go gcinntítear iasachtaí morgáistí á dtabhairt ar bhealach follasach inmharthana, líon na n-iasachtaí san áireamh; soiléire breise maidir le próiseas an iarratais agus an cheadaithe; cóimheas iasachta le luach; agus cóimheas iasachta le hioncam indiúscartha. Tabharfar tuairisc gach ráithe ar thoradh na hoibre seo don Choiste Comh-Aireachta um Riaráistí Morgáiste agus Soláthar Creidmheasa. | An Roinn Airgeadais; CBI | R22014 Agus go leanúnach |
| Forfheidhmiú an Achta um Chonarthaí Foirgníocht a thabhairt chun críche. | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | R22014 |
| Oibriú, tríd an straitéis maidir le hOideachas agus Oiliúint Breise a ullmhú agus a chur i bhfeidhm de réir a chéile, ionas go gcinntítear go dtugtar an soláthar leis an éileamh atá ag fiontair ar oiliúint de chineál gairmoiliúna in earnáil na foirgníochta. | An Roinn Oideachais & Scileanna | R2agus go leanúnach 2014 |

| | | |
|---|---|---|
| Na moltaí ón nGrúpa Athbhreithnithe maidir le Printíseachta a mheas agus dul i gcomhairle le geallsealbhóirí faoi mhodhanna chun moltaí faoi leith a chur i bhfeidhm agus tairiscintí spéise a fháil ó ghrúpaí na hearnála agus an tionscail tionsclaíochta ar mian leo páirt a ghlacadh sa bheartaíocht agus atá ar an scála cinniúnach ba ghá chun páirt a ghlacadh go luath i dtús a chur leis an gcóras printíseachta nua. Cuirfear moltaí cuí chun cinn maidir le hearnáil na foirgníochta i mbliana ionas go gcinntítear na cúrsaí printíseachta is fearr is féidir ar fáil ag daoine óga de réir mar a thagann méadú ar an éileamh maidir le lucht saothair oilte. | An Roinn Oideachais & Scileanna | R22014 Agus go leanúnach |
| Cuirfidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann téamaí taighde a bhaineann le hábhar chun cinn trí ghairmeacha cistíochta maidir le taighde, agus déanfar obair i gcomhar idir lucht taighde i bhforais ardoideachais in Éirinn agus lucht tionscail lena mbaineann ar théamaí faoi leith:éifeachtacht fuinnimh agus inmharthanach timpeallachta;uisce agus dramhaíl. | SFI | R22014 |
| Grúpa de chuid Earnáil na Foirgníochta a sheoladh chun treisiú le cur i bhfeidhm na straitéise seo, le béim ar na bearta gearrthéarmacha. Beidh toradh obair an ghrúpa seo á choinneáil leis an gCoiste Comh-Aireachta um an Téarnamh Eacnamaíochta agus Poist. Beidh an grúpa ar bun go ceann aon bhliain amháin, | Roinn an Taoisigh | R22014 |

## Ráithe 3 2014

| **Beart** | **Comhlachtaí Freagracha** | **Tráthchlár** |
|---|---|---|
| Déanfar foinsí na sonraí faoi chúrsaí foirgníochta agus maoin talún atá ar fáil faoi láthair a mheas maidir le hoiriúnacht, lena n-áirítear aon bhearna agus aon easnamh ó thaobh caighdeáin a thabhairt faoi deara chomh maith le bealaí inar féidir an cás a chur ina cheart. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil; An Ghníomhaireacht Tithíochta; An Phríomh-Oifig Staidrimh | R32014 |
| Foilseofar Straitéis maidir le Tithíocht Shóisialta ina leagfar amach an aisling don earnáil sin agus tabharfar reachtaíocht isteach d'fhonn rialúchán ar earnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil; Na hÚdaráis Áitiúla; An Ghníomhaireacht Tithíochta | R32014 Agus go leanúnach |
| Déanfaidh na húdaráis pleanála ceisteanna mórthábhachtacha maidir leis an acmhainn bonneagair is gá chun cuspóirí an phlean forbartha a shonrú agus rachaidh siad i ngleic leo. | Na hÚdaráis Áitiúla; Uisce Éireann | R32014 |
| Déanfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí, trí Bhealaí chun Oibre, tuairisc a thabhairt ar an bhfeabhas a éiríonn le forálacha clásáil shóisialta d'fhonn cuidiú le clásáil shóisialta a chur i bhfeidhm nuair is cuí sin. | An Roinn Coimirce Sóisialaí; An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; An Roinn Oideachais & Scileanna; An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta | R32014 |

| | | |
|---|---|---|
| Mar chuid de phróiseas Bhuiséad 2015, déanfar an cód cánachais, faoi mar a bhaineann le hearnáil na foirgníochta agus na maoine talún, a scrúdú. Déanfar mar chuid de sin na rialacha a bhaineann leis an earnáil a mheas go ginearálta. Sa chás nach bhfuil siad ag fónamh don chuspóir, ba cheart caomhchóiriú agus feabhsú a oibriú orthu, deireadh a chur leo nó rialacha nua a chur ina n-áit. | An Roinn Airgeadais; Na Coimisinéirí Ioncaim | R32014 |
| Creat Oibriúcháin Aontaithe a thabhairt chun cinn trínar féidir leis na hÚdaráis Rialáil Foirgníochta caighdeánú a dhéanamh ar ghnáis oibre, ar chórais, ar nósanna imeachta agus ar mhodhanna cinntí i ndáil leis an maoirseacht ar bheartaíocht rialáil foirgníochta ar fud earnáil na n-údarás áitiúil agus dul ar aghaidh go dtí cur chuige bunaithe ar chúrsaí baoil i ndáil le scrúduithe cigireachta a dhéanann údaráis rialú foirgníochta faoi mhí Meán Fómhair 2014. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil; Na hÚdaráis Áitiúla | R32014 |
| Oibriú i gcomhar le tionscal na foirgníochta d'fhonn cinntiú go mbíonn fostóirí ar an eolas faoi bhearta dreasachta maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmacha earcú, agus oibriú i gcomhar le lucht tionscail chun moltaí a chur i dtoll a chéile a chuideodh le hoibrithe foirgníochta atá dífhostaithe go fadtéarmach a thabhairt ar ais ar an lucht saothair. | An Roinn Coimirce Sóisialaí; Lucht Tionscail | R32014 Agus go leanúnach |

## Ráithe 4 2014

| **Beart** | **Comhlachtaí Freagracha** | **Tráthchlár** |
|---|---|---|
| Déanfar beartas náisiúnta a leagan amach d'fhonn gairmiúlacht a thabhairt i dtreis maidir le tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach le ceisteanna infheistíocht, caighdeán agus rialúcháin san áireamh. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil; An Ghníomhaireacht Tithíochta | R42014 |
| Leanfar de Chlár Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Forbraíocht Tithíochta Neamhchríochnaithe a chur i bhfeidhm agus go háirithe an Ciste Réitigh Speisialta faoi Bhuiséad na bliana 2014. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil; An Roinn Coimirce Sóisialaí; Na hÚdaráis Áitiúla | R42014 |
| Cuirfear Tionóil Réigiúnacha nua ar bun ar a leagfar de fhreagracht Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíochta a ullmhú, tar éis dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí móra bonneagair agus forbairt eacnamaíochta. Tiocfaidh na straitéisí in áit na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnacha. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil | R42014 |
| Tógfaidh IDA áiseanna déantúsaíochta ardréime nua i bPort Láirge agus i mBaile Átha Luain chomh maith le spás oifige i Leitir Ceanainn. Tá IDA i mbun monatóireachta freisin maidir leis an stoc áitreabh atá ar fáil in ionaid uirbeacha eile nach bhfuil an earnáil phríobháideach gnóthach iontu. | IDA | R42014 |
| Scrúdófar bealaí ina bhféadfaí feabhas breise a thabhairt i gcrích maidir le sonraí a bheith ar fáil in earnáil na tráchtála. Áirítear leis sin a mheas an ullmhófaí fardal maidir le maoin talún tráchtála arna riar ag na húdaráis áitiúla. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil; An Phríomh-Oifig Staidrimh; Na hÚdaráis Áitiúla; IDA | R42014 |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Náisiúnta Seirbhísí Fuinnimh agus a leasú de réir mar is gá. | An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha | R42014 |

| | | |
|---|---|---|
| Tuarascáil faoi ídiú fuinnimh san earnáil phoiblí a fhoilsiú. | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | R42014 |
| Déanfar maoirseacht maidir le clár oibre arna chur i bhfeidhm ag údaráis áitiúla chun feabhas a chur ar chaighdeán stoc tithíochta reatha na n-údarás áitiúil agus cur leis an éifeachtacht ó thaobh fuinnimh. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil; Údaráis Áitiúla agus Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí lena mbaineann | R42014 Agus go leanúnach |
| Scrúdú a dhéanamh ar an sárchleachtas go hidirnáisiúnta agus moltaí a thabhairt chun cinn maidir le córais breise maoiniú morgáiste in Éirinn, an coincheap maidir le scéim árachais do mhorgáistí san áireamh, ionas go gcinntítear iasachtaí morgáiste á dtabhairt ar leibhéal inmharthana go meántéarmach, agus tuairisc a chur faoi bhráid an Choiste Comh-Aireachtaum Riaráistí Morgáiste agus Soláthar Creidmheasa i mí na Samhna 2014. | An Roinn Airgeadais;An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil;An Ghníomhaireacht Tithíochta | R42014 |
| Cinn Bille a thabhairt chun cinn faoi dheireadh na bliana 2014 ionas gur féidir Clár Thionscal na Foirgníochta, clár conraitheoirí, tógálaithe agus cheardaithe na hÉireann, a oibriú ar bhonn reachtaíochta faoin mbliain 2015. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil ;An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | R42014 |
| Déanfar, i gcomhar leis na príomhgheallsealbhóirí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, na cineálacha cúitimh a d'fhéadfadh a bheith ann do thomhaltóirí agus d'úinéirí a mheas agus tuairisc a thabhairt orthu, an deis maidir le hárachas in aghaidh locht neamhfhollas san áireamh. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil | R42014 |
| Déanfaidh an Grúpa Saineolais maidir le Riachtanas Ionchais Scileanna (EGFSN) na scileanna a bheidh de dhíth san earnáil san am atá romhainn a shonrú agus bearta saindírithe a chur i bhfeidhm ionas gur féidir freastal don éileamh. Tabharfar tús áite do bheartaíocht chun dul i ngleic le gach easnamh maidir le scileanna a shonraítear. | EGFSN SOLAS, An tÚdarás Ard-Oideachais. | R42014 Agus go leanúnach |
| Pleananna infheistíochta don tréimhse 2015-2019 a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú. | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | R42014 |
| Déanfar an creat pleanála náisiúnta agus na Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha a thabhairt chun cinn sa chaoi agus go mbíonn clár daingean maidir le hinfheistíocht sa bhonneagar agus maidir leis an mbonneagar a thabhairt i gcrích mar chuid díobh. Beidh an clár sin ceangailte leis na tráthanna d'athbhreithniu ar an gcaiteachas poiblí ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis na cláir infheistíochta ag na gníomhaireachtaí bonneagair lena n-áirítear, *inter alia*, Uisce Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Bord Soláthar an Leictreachais, Bord Gáis, Eirgrid, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Sláinte. | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil; Údaráis Áitiúla | R42014 |

## Ráithe 1 2015

| Beart | Comhlachtaí Freagracha | Tráthchlár |
|---|---|---|
| Grúpa oibre a chur ar bun agus tuairimí an phobail a iarraidh maidir lena an bhféadfaí íoschaighdeáin feidhmíochta a shocrú maidir le héifeachtacht theirmeach in áitribh a thairgítear a ligean ar cíos nó ar léas san earnáil chónaithe agus san earnáil thráchtála agus an toradh a thiocfadh dá réir. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil; An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha; Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | R12015 |

## Ráithe 2 2015

| Beart | Comhlachtaí Freagracha | Tráthchlár |
|---|---|---|
| Scrúdófar, i gcomhar leis na príomhgheallsealbhóirí, a indéanta a bheadh rialacháin feabhsúcháin iarmhartacha a thabhairt isteach trína gceanglófaí ar úinéirí árais chónaithe a thugann faoi obair mhór athchóiriúcháin feabhas a chur ar an éifeachtacht theirmeach maidir leis an áras cónaithe agus an tionchar a thiocfadh uaidh sin. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil; An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha ;Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | R22015 |

## Go Leanúnach

| Beart | Comhlachtaí Freagracha | Tráthchlár |
|---|---|---|
| Tuairiscí a chur ar fáil gach ráithe don Choiste Comh-Aireachta um Bhonneagar Eacnamaíochta faoi na tionscadail bonneagair phríomhthábhachta, arna gcur ar fáil ag na Ranna Rialtais, an stádas maidir leis an dul chun cinn san áireamh, agus córas a chur ar bun maidir le foilsiú an eolais faoi dheireadh na bliana 2014. | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | Go Leanúnach |
| Cinntiú go ndéantar na Rialacháin um Rialú Foirgníochta(Leasú)2013 a chur i bhfeidhm go críochnúil, agus pacáiste níos forleithne de bhearta athchóirithe maidir le rialú foirgníochta a thabhairt isteach ag gabháil in éineacht leis na rialacháin nua ionas go gcinntítear cosaint níos géire don tomhaltóir. | An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil; Na hÚdaráis Áitiúla | Go Leanúnach |

| | | |
|---|---|---|
| De réir mar a thagann feabhas ar chúinsí airgeadais, déanfar maolú ar na srianta atá ar údaráis áitiúla maidir le cistí ó ranníocaíochtaí forbartha atá i seilbh na n-údarás áitiúil a úsáid chun infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar bunriachtanach, ag teacht leis na rialacha fioscacha ginearálta. | An Roinn Airgeadais | Go Leanúnach |
| Leanfaidh NAMA de shoirbhiú don chaidreamh idir na féichiúnaithe agus IDA d'fhonn cur le líon na n-áitreabh atá ar fáil atá oiriúnach don Infheistíocht Dhíreach Eachtrach, ag díriú go sonrach ar árais oifige i mBaile Átha Cliath agus, nuair atá ciall leis sin ó thaobh tráchtála, ag cur chistíocht forbartha ar fáil maidir le stoc nua. | NAMA; IDA | Go Leanúnach |
| Leanfar de chúnamh taca maidir leis na Tionscadail Eiseamláire faoi éifeachtacht fuinnimh de réir mar a leantar ar aghaidh le céimeanna soláthair an Chreata ionas go gcuirtear chun cinn an aidhm maidir le hÉirinn a bheith ar cheann de na geilleagair is éifeachtaí ó thaobh fuinnimh san Eoraip. | An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha | Go Leanúnach |
| Bearta cúnta dar luach €57 milliún a chur ar fáil ón Státchiste chun spreagadh breise a thabhairt maidir le beartaíocht sábhála fuinnimh san earnáil chónaithe agus feachtas poiblíochta a chur ar siúl ionas go mbíonn na daoine a d'fhéadfadh seo a thapú ar an eolas faoin gcúnamh atá ar fáil. | An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha | Go Leanúnach |
| Scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna don chistíocht phríobháideach agus d'úsáid níos mó as cineálacha den Pháirtnéireacht Phoiblí Phríobháideach maidir le soláthar bonneagair an tráth céanna a leantar de chritéir Luach an Airgid a shásamh, agus tuairisc a thabhairt gach ráithe don Choiste Comh-Aireachta um Bhonneagar Eacnamaíochta. | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; An Roinn Airgeadais | Go Leanúnach |
| Tá an Rialtas tugtha don úsáid as clásáil shóisialta agus déanfar mar bheart tús áite an úsáid as clásáil shóisialta i gconarthaí oibreacha poiblí a leathnú. Coinneofar oibriú na gclásál faoi athbhreithniú ionas go gcinntítear éifeachtúlacht leanúnach ina leith. | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Údaráis Soláthair | Go Leanúnach |
| Cuirfidh NAMA suas le €2 billiún de chistí forbraíochta ar fáil as seo go ceann trí bliana, anuas ar an €500 milliún atá curtha ar fáil cheana féin, i ndáil le hobair fhorbraíochta nua a thabhairt chun críche nó a thosú ar mhaoin talún atá ar lámh mar urrús maidir leis na hiasachtaí, faoi réir ag ciall a bheith leis ó thaobh tráchtála. Déanfar an chistíocht seo a chur ar fáil go dírech ó NAMA nó trí pháirtnéireacht tráchtála más cuí sin. | NAMA | Go Leanúnach |
| Beidh NAMA ag díriú ar thograí lena dtéitear i ngleic le cásanna gannsoláthair faoi leith, e.g. freastalófar do 4,500 teach nó árasán nua a thógáil i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath, do spás oifige i Lárcheantar Gnó Bhaile Átha Cliath agus do thograí i limistéir uirbeacha mórthábhachta eile, faoi réir ag ciall a bheith leis ó thaobh tráchtála. Beidh béim faoi leith ar fhorbraíocht ar dhugthailte Bhaile Átha Cliath, faoi réir ag Crios Forbraíochta Straitéiseach a thabhairt chun cinn a bhfuil bonn daingean faoi ó thaobh tráchtála. | NAMA | Go Leanúnach |
| Treiseofar leis an gcaidreamh leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (EIB) agus leis an gCiste Eorpach Infheistíochta (EIF) maidir le seifteanna a cheapadh agus a chur i bhfeidhm arb é cuspóir atá leo cur oiread agus is féidir leis an soláthar cistíochta d'Fhiontair Bheaga agus Meánmhéide, fiontair in earnáil na foirgníochta san áireamh. | An Roinn Airgeadais; An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta; Fiontraíocht Éireann; NPRF;ISIF | Go Leanúnach |

| | | |
|---|---|---|
| Mar chuid den obair leis an EIB agus an NPRF maidir le hairgead trádála, féachfar, i measc cúrsaí eile, ar an gceist maidir le bannaí feidhmíochta a thabhairt i gceist, agus sin in earnáil na foirgníochta chomh maith le hearnálacha eile. | An Roinn Airgeadais; An Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe; An Roinn Post, Fiontar & Nuálaíochta; Fiontraíocht Éireann | Go Leanúnach |
| Leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim agus gníomhaireachtaí Stáit eile a bhaineann le hábhar den obair ag cur in aghaidh bheartaíocht eacnamaíochta cheilte, in earnáil na foirgníochta agus eile, agus mar chuid den díograis sin leanfar den chaidreamh, nuair is cuí, le grúpaí ionadaíochta gnó trí bheartaíocht an Ghrúpa Monatóirechta ar an Eacnamaíocht Cheilte agus trí chruinnithe déthaobhacha. Iarrfar ar eagraíochtaí ionadaíochta cuidiú le hobair na ngníomhaireachtaí Stáit trí chaidreamh leis an nGrúpa Monatóireachta agus le fóraim eile, agus trí fhaisnéis a chur ar fáil. | Na Coimisinéirí Ioncaim; An Roinn Coimirce Sóisialaí; NERA; An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | Go Leanúnach |
| Dul i ngleic le heasnamh ó thaobh scileanna maidir le '*greening*' ar chúrsaí foirgníochta trí na bearta a leagtar amach maidir le Build-Up Skills Ireland a chur i bhfeidhm, tograí píolótaíochta maidir le tionscnaimh oiliúna san áireamh. | An Roinn Oideachais & Scileanna; An Roinn Comhshaoil, Pobail& Rialtais Áitiúil; An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh &Acmhainní Nádúrtha; Forais Tríú Leibhéal; Eagraíochtaí Ionadaíochta i gcúrsaí Tionsclaíochta | Go Leanúnach |
| Tabhairt faoi an tionscnamh píolótach de chuid Skillnets maidir le hoiliúint don fhorbairt bainistíochta, Management Works, a chur i bhfeidhm ar bhealach saindírithe i ndáil le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide in earnáil na foirgníochta d'fhonn an tapú is mó is féidir ar na deiseanna a chothú san earnáil sin atá gan mórán suime a léiriú iontu go dtí seo. | An Roinn Oideachais & Scileanna ;Eagraíochtaí Ionadaíochta i gcúrsaí Tionsclaíochta | Go Leanúnach |
| Ba cheart an ceangal idir comhlachtaí in earnáil na foirgníochta, comhlachtaí gairmiúla agus soláthraithe oideachais agus oiliúna a neartú ionas go gcinntítear cúrsaí á dtabhairt i gcomhréir leis na riachtanais maidir le scileanna de réir mar a thagann siad chun tosaigh. | Lucht Tionscail; Forais Tríú Leibhéal; SOLAS; An tÚdarás um Ard-Oideachas | Go Leanúnach |
| Leanacht leis na cláir socrúcháin idirnáisiúnta do chéimithe a bhfuil moladh tréan ag lucht tionscail orthu, an clár Céimithe don Fhorás Idirnáisiúnta ag Fiontraíocht Éireann, an clár Fios Easpórtála de chuid IBEC agus Comhaltachtaí Farmleighsan áireamh, agus earnáil na foirgníochta a chur chun cinn go forghníomhach. | Fiontraíocht Éireann | Go Leanúnach |
| Leanacht ag cuidiú le comhlachtaí foirgníochta forás a dhéanamh agus dul ar an bhfód i margaí idirnáisiúnta, go háirithe trí bhearta a chuidíonn le méadú cumais i gcúrsaí bainistíochta agus oiliúna agus trí chúnamh thar lear ó Ambasáidí agus ó oifigí de chuid Fhiontraíocht Éireann. | Fiontraíocht Éireann | Go Leanúnach |

| | | |
|---|---|---|
| Leanacht leis an gclár Lean Start de chuid Fhiontraíocht Éireann agus comhlachtaí foirgníochta a thabhairt chun cinn go dtí na céimeanna ina dhiaidh sin, Plus agus Transform. Clár forbartha céimnithe de chineál BIM a chur i bhfeidhm mar bhonn taca faoi chomhlachtaí atá ag déanamh dul ar aghaidh go dtí cumas Leibhéal 2 BIM. | Fiontraíocht Éireann | Go Leanúnach |
| Oibriú le heagraíochtaí de chuid lucht an tionscail chun an úsáid as BIM a chur chun cinn agus na scileanna teicniúla cuí a fhorbairt i measc chomhlachtaí foirgníochta na hÉireann ionas gur féidir leo dul i mbun iomaíochta agus dea-thoradh air sin ar mhargaí ina bhfuil BIM ar an bhfód go tréan nó dlite mar choinníoll oibre. | Fiontraíocht Éireann/Ionadaithe de chuid an Tionscail | Go Leanúnach |
| Clár píolótach a thabhairt chun cinn an earnáil phoiblí maidir le Braisliú Bunaithe ar an Margadh, d'fhonn an comhar a spreagadh idir comhlachtaí in earnáil na foirgníochta atá lonnaithe in Éirinn, earnála tionsclaíochta eile a bhaineann le hábhar, agus an lucht taighde, a bheadh ina réalta eolais go hidirnáisiúnta maidir le hacmhainn cumais na hÉireann i ndáil le táirge réamhthráchtála agus seirbhísí a fhorbairt, agus a dhéanfadh fónamh maidir le cuspóirí beartais ar an leibhéal náisiúnta go háirithe i gomhthéacs an Chlár Náisiúnta Athchóirithe Reatha (spriocanna maidir le hathrú aeráide go háirithe). Ba cheart go mbeadh cineálacha éagsúla beartaíochta ag teacht faoi scáth thogra den chineál seo, idir thaighde fheidhmeach agus táirgíocht phíolótach (e.g. bonneagar ábaltachta nó tithe ábaltachta). | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus Ranna Rialtais eile | Go Leanúnach |
| Brostú leis an gcaidreamh idir earnáil na foirgníochta agus forais tríú leibhéal agus leanacht de na cláir atá ar fáil a chur chun cinn, ina measc Páirtnéireachtaí Nuála, Dearbháin Nuála, Comhaltachtaí Tionscail agus Páirtnéireachtaí Straitéiseacha mar bhonn treise faoi thograí Taighde & Forbartha i gcomhar le hearnáil an oideachais tríú leibhéal. | Fiontraíocht Éireann/Eagraíochtaí Ionadaíochta de chuid an Tionscail/An Roinn Oideachais & Scileanna/ Forais Ardoideachais | Go Leanúnach |
| Tabharfaidh an Coiste Comh-Aireachta um an Téarnamh Eacnamaíochta agus Poist ceisteanna maidir le cúrsaí foirgníochta agus maoin talún faoi mheas uair sa ráithe, agus déanfaidh Coistí Comh-aireachta eile ceisteanna a bhaineann le hábhar a sainchúraim féin a mheas go rialta. | Roinn an Taoisigh | Go Leanúnach |
| Déanfar, i gcomhar leis na geallsealbhóirí mórthábhachta (lucht gairme dlí agus earnáil na baincéireachta) athbhreithniú agus tuairisciú mar gheall ar na bearta is gá a dhéanamh chun córas r-Thíolacadh a thabhairt i bhfeidhm in Éirinn, agus a mbeadh i gceist ó thaobh acmhainní agus tráthchlár maidir leis an gcuspóir a thabhairt i gcrích san áireamh. | An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, An tÚdarás Clárúcháin Maoine &Ranna Rialtais & geallsealbhóirí eile lena mbaineann | Go Leanúnach |

**Áras an Rialtais,**
**Baile Átha Cliath2**
**LoCall:1890227227**
**Faics:(01)6194297**
**www.taoiseach.gov.ie**